Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2021
(OR. en)

10381/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0171 (COD)**

**CONSOM 147**
**MI 520**
**COMPET 526**
**CODEC 1020**
**DIGIT 83**
**CYBER 196**
**CHIMIE 65**
**JAI 818**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 346 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 346 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 346 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2021
COM(2021) 346 final

2021/0170 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2021) 280 final} - {SWD(2021) 168 final} - {SWD(2021) 169 final}

GA GA

# CLÁR


MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN ........ 3

1. COMHTHÉACS AN TOGRA ........ 3

• Forais agus cuspóirí an togra ........ 3

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais ........ 5

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT ........ 6

• Bunús dlí ........ 6

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach) ........ 7

• Comhréireacht ........ 8

• An rogha ionstraime ........ 8

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR ........ 8

• Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana.... 8

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ........ 9

• Bailiú agus úsáid saineolais ........ 11

• Measúnú tionchair ........ 11

• Oiriúnacht rialála agus simpliú ........ 13

• Cearta bunúsacha ........ 14

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA ........ 15

5. EILIMINTÍ EILE ........ 15

• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe ........ 15

• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra ........ 15

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLEmaidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ........

CAIBIDIL I ........ 32

Forálacha ginearálta ........ 32

CAIBIDIL II ........ 35

Ceanglais sábháilteachta ........ 35

CAIBIDIL III ........ 37

Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha ........ 37

Roinn 1 ........ 37

Roinn 2 ..... 43
CAIBIDIL IV ..... 44
Margaí ar líne ..... 44
CAIBIDIL V ..... 46
Faireachas margaidh agus cur chun feidhme ..... 46
CAIBIDIL VI ..... 47
Córas mear-rabhaidh *Safety Gate* ..... 47
CAIBIDIL VII ..... 48
Ról an Choimisiúin agus comhordú forfheidhmiúcháin ..... 48
CAIBIDIL VIII ..... 51
Ceart chun faisnéise agus leighis ..... 51
CAIBIDIL IX ..... 53
Comhar idirnáisiúnta ..... 53
CAIBIDIL X ..... 54
Forálacha airgeadais ..... 54
CAIBIDIL XI ..... 57
Forálacha críochnaitheacha ..... 57
RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ..... 62

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá an togra seo le haghaidh Rialacháin maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais i gcomhréir le Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí ó 2020[1] lena ndírítear ar an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an creat ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais neamhbhia a thabhairt cothrom le dáta agus a nuachóiriú; (ii) a ról a chaomhnú mar líontán sábhála do thomhaltóirí; (iii) na forálacha a oiriúnú do dhúshláin a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua agus as díol ar líne; agus (iv) cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí. Cé go gcuirfear an togra in ionad Threoir 2001/95/CE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí[2], leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aici maidir le táirgí tomhaltais neamhbhia monaraithe. Cuirfidh an Rialachán atá beartaithe leanúnachas leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí ar fáil freisin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a chur de cheangal go mbeidh táirgí tomhaltais 'sábháilte'; (ii) oibleagáidí áirithe a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíochta; agus (iii) beidh forálacha ann maidir le caighdeáin a fhorbairt a thacóidh leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta. Déantar na rialacha maidir le faireachas margaidh do tháirgí nach dtagann faoi raon feidhme reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais ('táirgí neamh-chomhchuibhithe') a ailíniú leis na rialacha sin a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí a thagann faoi raon feidhme reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais ('táirgí comhchuibhithe') mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1020. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán atá beartaithe na rialacha atá leagtha amach faoi láthair i dTreoir 2001/95/CE a thabhairt cothrom le dáta chun líontán sábhála a áirithiú le haghaidh gach táirge, agus, ag an am céanna, a áirithiú go mbeidh níos mó comhsheasmhachta idir táirgí comhchuibhithe agus táirgí neamh-chomhchuibhithe leis an gcóras.

Sainaithníodh cheana in 2011 sa Ghníomh um an Margadh Aonair[3] athbhreithniú ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 765/2008[4] mar phríomhghníomhaíochtaí chun 'sábháilteacht táirgí atá i gcúrsaíocht san Aontas a fheabhsú trí chomhtháthú agus trí fhorfheidhmiú níos fearr ar na rialacha um shábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh'. Moladh athbhreithniú den sórt sin in 2013 i bpacáiste lena n-áirítear athbhreithniú ar an dá ionstraim dlí, arb é an cuspóir creat aonair reachtach a thabhairt isteach le haghaidh táirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe. Meastar toisc go bhfuil forluí idir na rialacha maidir le faireachas margaidh agus na hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíochta atá leagtha síos i ngníomhartha éagsúla de reachtaíocht an Aontais (Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus reachtaíocht earnáil-shonrach an Aontais um

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí – *teacht aniar tomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe*, COM(2020) 696 final.

2 Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (Téacs atá ábhartha maidir le LEE),) IO L 11, 15.1.2002, lch. 4.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal an Gníomh um an Margadh Aonair – Dhá luamhán déag chun borradh a chur faoi fhás agus muinín a neartú – Oibriú le chéile chun fás nua a chruthú/* COM/2011/0206 final.

4 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), )IO L 218, 13.8 2008, lch. 30.

chomhchuibhiú), tá mearbhall tagtha ar oibreoirí eacnamaíochta agus ar údaráis náisiúnta araon agus tá bac curtha ar éifeachtacht gníomhaíochtaí faireachais mhargaidh san Aontas. Cuireadh stop leis an bpacáiste atá beartaithe sa chaibidlíocht lena ghlacadh agus tarraingíodh siar é. Idir an dá linn, rinneadh obair leantach in 2017 ar Theachtaireacht dar teideal *an Margadh Aonair a uasghrádú* ó 2015: *níos mó deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí*[5], ghlac an Coimisiún togra chun Rialachán (CE) 765/2008 a athbhreithniú chun comhlíonadh táirgí agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe de chuid an Aontais i leith táirgí a neartú, mar chuid den 'phacáiste earraí', e.g. pacáiste tionscnamh chun feidhmiú níos fearr an mhargaidh aonair d'earraí a áirithiú. Mar thoradh air sin, glacadh Rialachán (AE) 2019/1020 in 2019[6].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

**Rialachán (AE) 2019/1020**[7]

Le Rialachán (AE) 2019/1020, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais Eorpaigh i leith táirgí. Féachann an togra le comhar níos fearr a chumasú i measc na n-údarás náisiúnta um fhaireachas margaidh. Chuige sin, is é is aidhm dó na nósanna imeachta don sásra um chúnamh frithpháirteach eatarthu a shoiléiriú, agus, i gcás catagóirí áirithe táirgí, ceanglófar ar mhonaróirí nach de chuid an Aontais iad duine nádúrtha nó dlítheanach a ainmniú a bheidh freagrach as faisnéis ar chomhlíonadh. Cumhdaítear leis an togra faireachas margaidh ar tháirgí neamhbhia ('táirgí tionsclaíocha') a bhfuil a gcur ar an margadh aonair faoi réir gníomhartha comhchuibhithe de chuid an Aontais. Cé is moite de Chaibidil VII, tá sé infheidhme maidir le táirgí comhchuibhithe amháin.

Chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú idir na córais do tháirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe, glacann an togra seo le roinnt forálacha i Rialachán 2019/1020, amhail Caibidil IV, Caibidil V agus Caibidil VI maidir le faireachas margaidh agus Airteagal 4 agus déanann sé oiriúnú orthu.

**Cinneadh 768/2008/CE**[8]

Leagtar amach i gCinneadh 768/2008/CE na prionsabail agus na nósanna imeachta coiteanna nach mór a leanúint le reachtaíocht an Aontais agus comhchuibhiú na gcoinníollacha maidir le margú táirgí san Aontas agus sa LEE. Áirítear ann ceanglais tagartha atá le corprú cibé uair a dhéantar athbhreithniú ar reachtaíocht maidir le táirgí. Mar sin, is teimpléad é don reachtaíocht amach anseo maidir le comhchuibhiú táirgí.

Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an reachtaíocht maidir le táirgí comhchuibhithe agus táirgí neamh-chomhchuibhithe, glacann an togra seo cuid d'fhorálacha Chinneadh

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí, COM/2015/0550 final.

6 Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011, IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.

7 Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011, IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.

8 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 i ndáil le creat coiteann maidir le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE),) IO L 218, 13.8.2008, lch. 82.

768/2008/CE, amhail na forálacha sin maidir le ceanglais inrianaitheachta agus oibleagáidí oibreoirí eacnamaíochta.

**Rialachán (AE) 1025/2012**[9]

Le Rialachán (AE) 1025/2012, tugtar bunús dlí chun caighdeáin Eorpacha a úsáid le haghaidh táirgí agus seirbhísí, chun sonraíochtaí teicniúla TFC a shainaithint, agus chun an próiseas Eorpach caighdeánaithe a mhaoiniú. Leagtar síos oibleagáid leis freisin ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú (CEN, CENELEC, ETSI) agus ar chomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú maidir le trédhearcacht agus rannphháirtíocht.

Chun comhsheasmhacht leis an gcóras ginearálta um chaighdeánú dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 1025/2012 a áirithiú, déantar foráil sa togra seo maidir le roinnt leasuithe ar Rialachán (AE) 1025/2012 chun é a chur in oiriúint do shaintréithe sonracha an rialacháin atá beartaithe, go háirithe ós rud é go n-éilítear leis an Rialachán seo go nglacfar ceanglais shonracha sábháilteachta agus nach féidir na caighdeáin arna nglacadh faoin Rialachán seo a chomhshamhlú le caighdeáin chomhchuibhithe agus go léirítear, dá bhrí sin, gur "caighdeáin Eorpacha" iad.

**Treoir (AE) 2019/771**[10]

Le Treoir 2019/771, tugtar isteach rialacha maidir le comhréireacht earraí, leigheasanna i gcás easpa comhréireachta agus conas úsáid a bhaint as na leigheasanna sin.

Cuireann an togra leigheasanna ar fáil go sonrach do tháirgí contúirteacha a aisghaireadh ón margadh. Tugann an cás ar leith sin údar le tacar rialacha a bheith ann atá difriúil i bpáirt agus atá níos fusa a ghníomhachtú, go háirithe toisc nach gá don tomhaltóir neamh-chomhréireacht an táirge a léiriú. Níl na rialacha sin infheidhme ach amháin má dhéantar táirgí a aisghairm. Dá bhrí sin, ní dhéanann siad leasú ar Threoir 2019/771 ach ní dhéanann siad ach cosaint bhreise a chur isteach i gcás aisghairthe.

**Rialachán (AE) 2019/881**[11]

Leis an nGníomh um Chibearshlándáil, tugtar isteach creat deimhniúcháin cibearshlándála uile-Aontais do tháirgí, seirbhísí agus próisis TFC. Mar sin féin, ní áirítear ann íoscheanglais dlí maidir le cibearshlándáil do tháirgí TFC. Soiléirítear leis an togra seo go gcumhdaítear na rioscaí cibearshlándála a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht tomhaltóirí faoi choincheap na sábháilteachta faoin Rialachán atá beartaithe.

---

9 Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, L 316, 14.11.2012, lch. 12.

10 Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun earraí a dhíol, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE),.) IO L 136, 22.5.2019, lch. 28.

11 Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil), IO L 151, 7.6.2019, lch. 15.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá ról tábhachtach ag na tionscnaimh seo a leanas atá ar siúl nó atá beartaithe ar leibhéal an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí:

Is é is aidhm don **Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha**, a ghlac an Coimisiún an 15 Nollaig 2020[12], rialáil a dhéanamh ar fhreagrachtaí soláthraithe seirbhísí idirmheánacha ar líne, lena n-áirítear ardáin ar líne amhail na meáin shóisialta agus margaí ar líne, maidir le hinneachar neamhdhleathach, earraí nó seirbhísí a thairgeann a n-úsáideoirí. Leagtar amach sa togra sin roinnt oibleagáidí díchill chuí d'ardáin ar líne atá ábhartha don rialachán atá beartaithe, lena n-áirítear prionsabal 'inrianaitheacht trádálaithe' a thabhairt isteach agus an oibleagáid dlí sábháilteachta táirgí a chur san áireamh maidir leis an gcomhéadan a struchtúrú (Airteagal 22). Clúdaíonn an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha gach cineál inneachair neamhdhleathaigh, mar atá sainmhínithe sa dlí náisiúnta nó i ndlí an Aontais, lena n-áirítear díol táirgí contúirteacha ar líne. Ós rud é gur ionstraim reachtach é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a bhfuil feidhm ghinearálta léi, ní áirítear ann forálacha sonracha lena dtugtar aghaidh ar an gcineál sin inneachair. Leagann an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha amach freisin an creat don nós imeachta fógra agus gníomhaíochta (Airteagal 14). Sonraítear sa rialachán atá beartaithe oibleagáidí áirithe do mhargaí ar líne sa réimse sábháilteachta táirgí.

Sa **togra reachtach maidir leis an intleacht shaorga**, leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le córais intleachta saorga a chur ar an margadh, iad a chur i mbun seirbhíse agus úsáid a bhaint astu san Aontas. Ní mór do na rialacha ardleibhéal cosanta a áirithiú do leasanna an phobail, go háirithe maidir le sláinte agus sábháilteacht, agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine. Leagtar síos leis ceanglais shonracha nach mór do chórais intleachta saorga ardriosca a chomhlíonadh agus na ceanglais shonracha sin nach mór a fhorchur ar sholáthraithe agus ar úsáideoirí na gcóras sin.

Cuirtear na forálacha sin san áireamh sa togra seo agus soláthraítear líontán sábhála do tháirgí agus rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí nach dtagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an togra intleachta shaorga.

Léiríonn an **straitéis ceimiceán** a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2020[13] go dtiocfaidh méadú ar an úsáid fhorleathan ceimiceán atá ann faoi láthair, lena n-áirítear táirgí tomhaltais, agus go bhfuil sé riachtanach toirmeasc a chur ar na ceimiceáin is díobhálaí i dtáirgí tomhaltais chun a sábháilteacht a áirithiú. Le **Rialachán REACH**[14], tugadh isteach oibleagáidí don tionscal chun measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le ceimiceáin agus chun faisnéis sábháilteachta iomchuí a sholáthar dá n-úsáideoirí. Déantar foráil ann freisin maidir le srianta chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar rioscaí do-ghlactha a bhaineann le ceimiceáin. Coinnítear líontán sábhála sa togra seo le haghaidh rioscaí ceimiceacha i dtáirgí nach gcumhdaítear le reachtaíocht shonrach.

---

12 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, COM/2020/825 final.

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht – I dTreo Comhshaol Saor ó Thocsaine, COM/2020/667 final.

14 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún, IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

Is é is aidhm don **Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach** a glacadh i mí an Mhárta 2020[15] dramhaíl a laghdú trí athúsáid, deisiú, athmhonarú agus athchúrsáil ar ardchaighdeán - go háirithe maidir le hamhábhair thánaisteacha inar féidir le substaintí contúirteacha leanúint ar aghaidh – agus sonraítear ann nach mór sábháilteacht táirgí a chur san áireamh mar phríomhchuspóir. Aithnítear sa togra seo, nuair a bhíonn rogha gníomhaíochtaí ceartaitheacha le déanamh ag oibreoirí eacnamaíocha nó ag údaráis eacnamaíocha, gur cheart tosaíocht a thabhairt don ghníomhaíocht is inbhuanaithe (i.e. an ceann a bhfuil an tionchar is ísle aige ar an gcomhshaol), ar an gcoinníoll nach mbeidh leibhéal níos ísle sábháilteachta mar thoradh air.'

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí don Rialachán atá beartaithe, agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 169[16]. Is é an cuspóir atá leis sábháilteacht táirgí a áirithiú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Ag an am céanna, is é is aidhm dó ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí, trí rannchuidiú le sláinte agus sábháilteacht thomhaltóirí na hEorpa a chosaint agus a gceart chun faisnéise a chur chun cinn[17].

### • Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Comhchuibhítear leis an togra an ceanglas ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí san Aontas. Ní féidir leis na Ballstáit sábháilteacht táirgí sa mhargadh aonair a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar ar na cúiseanna seo a leanas:

– Saorghluaiseacht táirgí ar fud an mhargaidh aonair. Nuair a aithnítear táirge contúirteach i dtír áirithe, is rídhócha go bhféadfaí an táirge céanna a fháil i mBallstáit eile freisin, go háirithe mar gheall ar an bhfás easpónantúil ar dhíolachán ar líne.

– Is féidir le rialacha éagsúla maidir le sábháilteacht táirgí ar an leibhéal náisiúnta costais míchothroma a chruthú do ghnólachtaí reachtaíocht maidir le sábháilteacht táirgí a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le saobhadh sa chothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach.

– Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí, ní mór don Aontas cur le sláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a chosaint. Má tá rialacha éagsúla ag tíortha éagsúla, ní bheidh cosaint ag tomhaltóirí ar tháirgí contúirteacha ar an gcaoi chéanna ar fud an Aontais.

– Ionas go mbeidh sé éifeachtach, ní mór faireachas margaidh a bheith aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Má tá faireachas margaidh níos 'boige' in áiteanna áirithe san Aontas, cruthófar spotaí laga. Cuireann siad sin leas an

---

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach COM/2020/98 final.

16 Déantar tagairt in Airteagal 169 d'Airteagal 114 chun a chuspóirí a bhaint amach.

17 Chomh maith leis sin, tá sábháilteacht táirgí mar chuid den ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithítear le beartais AE (féach Airteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) agus dá bhrí sin tá sí ar cheann de cholúin bheartas cosanta tomhaltóirí an Aontais.

phobail i mbaol, cruthaíonn siad dálaí éagóracha trádála agus spreagann siad 'siopadóireacht dlínse'[18].

Tá an breisluach seo a leanas ag gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí do tháirgí neamh-chomhchuibhithe:

– Fágann rialacha agus caighdeáin chomhchoiteanna maidir le sábháilteacht táirgí ar leibhéal an Aontais nach gá do ghnólachtaí sraitheanna ilchineálacha rialacha náisiúnta a chomhlíonadh a thuilleadh. Baineann tairbhí leis sin ó thaobh costais a laghdú, ualach riaracháin níos ísle agus córas dlí nach bhfuil chomh casta céanna do ghnólachtaí. Leis sin, is féidir saorghluaiseacht earraí a chur ar fáil san Aontas agus ceadaítear comhar níos dlúithe idir na Ballstáit.

– Ceadaíonn comhrialacha AE barainneachtaí scála maidir le faireachas margaidh, go háirithe maidir le forbairt easpónantúil an díolacháin ar líne, rud a chuireann dlús le díolacháin trasteorann agus le hallmhairí díreacha ó lasmuigh den Aontas Eorpach. Déantar na costais a bhaineann le faireachas margaidh a roinnt freisin trí chomhghníomhaíochtaí faireachais margaidh agus trí mhalartú faisnéise i measc thíortha an Aontais.

– Feabhsófar feidhmiú an mhargaidh aonair le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Áiritheoidh rialacha comhchoiteanna maidir le sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh ar fud an Aontais go gcaithfear níos cothroime le gnólachtaí, agus dá bhrí sin is lú seans go ndéanfaidh siad an cothrom iomaíochta a shaobhadh i margadh aonair an Aontais.

– Trí ghníomhaíocht AE is féidir faisnéis a scaipeadh ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla, go háirithe trí chóras *Safety Gate*/RAPEX, rud a chinntíonn gníomhaíocht thapa i gcoinne táirgí contúirteacha ar fud an Aontais agus cothrom iomaíochta.

– Ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar gheall ar an tacar coiteann forálacha a bunaíodh faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, cuireadh ar chumas an Aontais a bheith níos láidre chun ardleibhéal sábháilteachta a chur chun cinn go déthaobhach agus go hiltaobhach araon, agus ar an gcaoi sin ag dul i ngleic le cúrsaíocht mhéadaithe earraí ó thríú tíortha trí dhíolachán ar líne.

• **Comhréireacht**

Tá cothromaíocht chúramach sa togra seo idir neamhspleáchas rialála na mBallstát maidir leis an leibhéal cosanta do thomhaltóirí agus faireachas margaidh a shocrú a mheasann siad a bheith riachtanach ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, an gá atá ann chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sábháilteachta táirgí nach mór dul i ngleic leo go lárnach. Mar a cuireadh i dtábhacht i gCaibidil 7 den mheasúnú tionchair, tá na dúshláin fós suntasach, agus tá líon mór táirgí tomhaltais neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais. Coinníodh na costais agus na hualaí rialála a bhaineann leis an togra seo chomh teoranta agus is féidir. Meastar gurb ionann na costais iomlána do ghnólachtaí in AE27 sa chéad bhliain de chur chun feidhme an Rialacháin seo agus 0.02 % de lánioncam chuideachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh as táirgí neamh-chomhchuibhithe a mhonarú, a mhórdhíol agus a mhiondíol. Ní théann na bearta atá san áireamh sa togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na fadhbanna sainaitheanta a réiteach agus chun na cuspóirí sainaitheanta a ghnóthú. Meastar gurb inghlactha iad na costais bheartaithe a bheidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, agus

[18] Trádálaithe ag baint triail as pointí iontrála éagsúla isteach san Aontas Eorpach.

déanfar iad a chúiteamh leis an airgead a spárálfaidh gnólachtaí, agus le tairbhí a bheidh ag gnólachtaí, ag tomhaltóirí agus ag na Ballstáit araon.

- **An rogha ionstraime**

Is é rialachán an t-aon ionstraim oiriúnach chun an cuspóir a bhaint amach chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta sin, rud a áiritheoidh comhleanúnachas agus a chreat dlíthiúil á chur chun feidhme. Ní éireodh le treoir na cuspóirí a bhaint amach go leordhóthanach óir bheadh teorainneacha dlínse agus an poitéinseal d'easaontas breithiúnach ann i gcónaí i ndiaidh thrasuí na treorach. Trí Rialachán a roghnú seachas Treoir is féidir an cuspóir a bhaint amach ar bhealach níos fearr chun comhleanúnachas a áirithiú leis an gcreat reachtach maidir le faireachas margaidh le haghaidh táirgí comhchuibhithe, i gcás inar Rialachán é (Rialachán (AE) 2019/1020) an ionstraim dlí is infheidhme. Ar deireadh, laghdóidh an rogha sin an t-ualach rialála tuilleadh trí rialacha maidir le sábháilteacht táirgí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuireann an togra seo le haghaidh rialacháin leis an meastóireacht ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, a rinneadh mar mheastóireacht 'dhíreach' leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra. Tá dhá chuspóir ag an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Is é is aidhm dó **feidhmiú an mhargaidh aonair a fheabhsú**, trí chomhchreat reachtach a thabhairt isteach chun difríochtaí idir na Ballstáit a d'fhéadfadh teacht chun cinn in éagmais dhlí an Aontais a sheachaint. Ag an am céanna, tá sé beartaithe ag Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí **ardleibhéal cosanta a bhaint amach do thomhaltóirí** trí cheanglas ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí agus bearta eile a thabhairt isteach. Tá gaol idir an dá aidhm: leis an gceanglas comhchuibhithe sábháilteachta maidir le táirgí tomhaltais atá beartaithe ag an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, cuirtear cosc ar dhifríochtaí a d'fhágfadh go gcruthófaí bacainní ar thrádáil agus go ndéanfaí an cothrom iomaíochta a shaobhadh laistigh den mhargadh aonair.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nach bhfuil conspóid ann faoi ról na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí mar bhunchloch do shábháilteacht an tomhaltóra agus d'fheidhmiú an mhargaidh aonair. Tá a chuspóirí fós iomlán ábhartha agus ní féidir a bhreisluach AE a dhiúltú. Tá ról na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí mar 'líontán sábhála' fós ríthábhachtach chun tomhaltóirí a chosaint, ós rud é gur bunús dlí é a bhfuil sé mar aidhm leis a áirithiú nach mbeidh táirgí contúirteacha ar fáil do thomhaltóirí. Is léir gur éirigh le bunú an chórais mear-rabhaidh maidir le táirgí contúirteacha neamhbhia faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Mar sin féin, léirigh an mheastóireacht roinnt tosca a cheistíonn cé chomh fada agus a chuireann roinnt forálacha de Threoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí fós le baint amach cuí a spriocanna.

Ar an gcéad dul síos, tá fás na **ríomhthrráchtála** tar éis laghdú ar éifeachtacht na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Tá feidhm ag an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí maidir le gach táirge tomhaltais, is cuma cé acu a dhíoltar iad i siopaí nithiúla nó ar líne. Mar sin féin, mar gheall ar an easpa forálacha follasacha i dTreoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí chun aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí an díolacháin ar líne, go háirithe gníomhaithe nua a bheith ag teacht chun cinn sa slabhra soláthair ar líne, tá

drochthionchar aige sin ar shábháilteacht thomhaltóirí an Aontais agus ar an gcothrom iomaíochta do ghnólachtaí comhlíontacha an Aontais.

Ardaíonn an fhorbairt thapa ar **theicneolaíochtaí nua** ceisteanna freisin faoi raon feidhme roinnt de phríomhchoincheapa na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Ardaíonn an chuma ar roinnt rioscaí nua a bhaineann le nascacht, infheidhmeacht na Treorach maidir le nuashonruithe bogearraí agus íoslódálacha chomh maith le feidhmiúlachtaí a bhíonn ag síorathrú na dtáirgí atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga an cheist an bhfuil an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí soiléir go leor chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí agus chun tomhaltóirí a chosaint.

Aithníodh sa mheastóireacht freisin go bhfuil easpa comhleanúnachais inmheánaigh i gcreat dlíthiúil an Aontais, agus dhá shraith éagsúla rialacha ann maidir le **faireachas margaidh** le haghaidh táirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe.

Ar deireadh, is léir ón meastóireacht go mbeadh gá roinnt de na forálacha a mhionchoigeartú chun éifeachtacht na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a fheabhsú. Go háirithe, tá gá le hathruithe reachtacha nó gníomhaíochtaí breise chun feabhas a chur ar éifeachtacht na **n-aisghairmeacha táirgí**. Tá gá freisin le sásra chun díospóidí idir na Ballstáit a eadránú maidir le measúnuithe riosca. Mar gheall ar an **gcóras inrianaitheachta** faoin Treoir agus **srianta acmhainní na n-údarás um fhaireachas margaidh**, tá sé deacair sábháilteacht táirgí a rialú go héifeachtach, agus dá bhrí sin ní mór dul i ngleic leis chun cosaint chuí tomhaltóirí agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú. Chomh maith leis sin, níl an **Treoir um Tháirgí a bhfuil cuma bia orthu** i bhfeidhm faoi láthair ar bhealach comhchuibhithe i measc na mBallstát, agus mar sin tá gá le réiteach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta agus leis an treochlár, comhairliúchán poiblí, ceardlanna le páirtithe leasmhara, chomh maith le rannchuidithe ad hoc agus comhairliúcháin spriocdhírithe leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile. Ionchorpraíodh na torthaí ó na gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar fud an mheasúnaithe tionchair agus léirítear iad sa togra seo. Is iad seo a leanas na príomhphointí a tarraingíodh anuas le linn na gcomhairliúchán:

**An líontán sábhála a chaomhnú**: Ba é an t-aiseolas foriomlán a thug na grúpaí páirtithe leasmhara go léir gur píosa úsáideach reachtaíochta é an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus gur cheart prionsabal an líontáin sábhála a chaomhnú. Chuir formhór mór na bhfreagróirí in iúl, áfach, go bhféadfaí rialacha sábháilteachta AE atá ann faoi láthair maidir le táirgí tomhaltais neamhbhia a chumhdaítear faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a fheabhsú i réimsí sonracha ionas gur fearr is féidir leo tomhaltóirí a chosaint (71 % de na freagraí sa chomhairliúchán poiblí).

**Dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí nua**: Cé gur aithin na páirtithe leasmhara go léir go bhfuil go leor dúshlán ann mar gheall ar theicneolaíochtaí nua, chuir siad chun cinn cineálacha éagsúla cur chuige chun dul i ngleic leo. Sna comhairliúcháin, chuir ionadaithe tomhaltóirí agus roinnt údarás de chuid na mBallstát in iúl go dtacaíonn siad le leathnú an tsainmhínithe ar 'sábháilteacht' chun gnéithe (cibear)slándála a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht a chur san áireamh. Sa chomhairliúchán maidir leis an treochlár/measúnú ar thionchar tionscanta, áfach, bhí drogall níos mó ar ghnólachtaí atá dírithe ar an teicneolaíocht teicneolaíochtaí nua agus rioscaí nua a bhaineann leo a chur san áireamh sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. B'fhearr leo go leanfadh an Treoir maidir le Sábháilteacht

Ghinearálta Táirgí de bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus go mbeadh na rioscaí nasctha le teicneolaíochtaí nua cumhdaithe i bpíosaí reachtaíochta eile atá níos sonraithe. Mar sin féin, áirítear gnéithe den sórt sin sa togra le haghaidh rialacháin chun a áirithiú go bhfuil na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua faoi raon feidhme an líontáin sábhála, i gcás nach gcumhdaítear iad le píosaí níos sonraithe de reachtaíocht an Aontais[19].

**Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sábháilteachta a bhaineann le táirgí a dhíoltar ar líne**: Saincheist a luadh sna comhairliúcháin arís is arís eile is í an tsaincheist a bhain le táirgí a thagann go díreach nó trí ardáin ar líne ó lasmuigh den Aontas. Chuir gnólachtaí agus ionadaithe gnólachtaí i dtábhacht a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta a bheith ann agus chuir siad in iúl go mbíonn go leor miondíoltóirí an Aontais thíos leis de dheasca iomaíocht éagórach ó oibreoirí atá lonnaithe i dtríú tíortha. Chuir údaráis na mBallstát i dtábhacht go raibh sé deacair táirgí ó thríú tíortha a rialú agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcoinne oibreoirí eacnamaíochta lasmuigh den Aontas. Bhí tuairimí éagsúla ann idir páirtithe leasmhara maidir leis na hoibleagáidí atá ar mhargaí ar líne:

- Thug margaí ar líne a chuireann a n-aiseolas ar fáil faoin treochlár in iúl go nglacfaidís le roinnt de na hoibleagáidí faoin Gealltanas deonach reatha um Shábháilteacht Táirge a bheith ceangailteach, ach nach mbeidís i bhfabhar tuilleadh oibleagáidí[20]. D'áitigh miondíoltóirí go bhfuil ról lárnach ag margaí ar líne sa slabhra soláthair, agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh freagrachtaí comhfhreagracha orthu.
- Bhí ionadaithe tomhaltóirí agus údaráis na mBallstát i bhfabhar freagrachtaí a neartú ar fud an tslabhra soláthair.

**Feabhas a chur ar na rialacha maidir le faireachas margaidh agus ar an bhforfheidhmiú:** Maidir le faireachas margaidh agus forfheidhmiú, bhí páirtithe leasmhara ó gach catagóir i bhfabhar rialacha faireachais margaidh a ailíniú idir táirgí comhchuibhithe agus táirgí neamh-chomhchuibhithe. Áirítear é sin sa togra. Maidir le 'duine freagrach' a thabhairt isteach sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí athbhreithnithe, mheas tromlach mór na bhfreagróirí sa chomhairliúchán poiblí nár cheart táirgí a chumhdaítear faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a chur ar mhargadh an Aontais ach amháin má tá oibreoir eacnamaíochta bunaithe san Aontas atá freagrach as sábháilteacht táirgí (70 % de na freagróirí i bhfabhar).

**Athbhreithniú ar an bpróiseas caighdeánaithe:** Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar an próiseas caighdeánaithe a shimpliú chun caighdeáin nua a fhorbairt faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus faoin Rialachán seo anois. Déantar foráil maidir leis sin sa togra seo.

**Lena n-áirítear táirgí a bhfuil cuma bia orthu i raon feidhme na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí athbhreithnithe**: Bhí an chuid is mó de na páirtithe leasmhara i bhfabhar an reachtaíocht maidir le hinsamhladh bia a ionchorprú sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí athbhreithnithe. Luaigh tromlach mór na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí gur cheart táirgí atá cosúil le bia-ábhar a ionchorprú san ionstraim dlí ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí (69 % de na freagróirí i bhfabhar). Sa chomhairliúchán maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta, bhí freagróirí i bhfabhar an ghné seo a chur san áireamh sa mheasúnú riosca ar shábháilteacht táirgí. Léirítear an cur

[19] Féach tuairim an Fhoghrúpa maidir leis an Intleacht Shaorga, táirgí nasctha agus dúshláin nua eile maidir le sábháilteacht táirgí ar an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí ó Nollaig 2020.

[20] Aiseolas a fuarthas faoin treochlár: [an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí – athbhreithniú (europa.eu)]

chuige sin sa togra. Níor cuireadh aon tacaíocht in iúl maidir le cosc iomlán a chur ar tháirgí a bhfuil cuma bia orthu.

**An creat d'aisghairmeacha táirgí a fheabhsú**: Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht an ríthábhacht a bhaineann le teagmháil a dhéanamh go díreach le tomhaltóirí a ndearnadh difear dóibh i gcás aisghairm nuair is féidir, mar shampla toisc gur cláraíodh an táirge, gur ceannaíodh an táirge ar líne nó gur ceannaíodh é trí úsáid a bhaint as cárta dílseachta. Luaigh roinnt páirtithe leasmhara gur cheart do thomhaltóirí a bheith in ann rogha a dhéanamh gan ach fógraí sábháilteachta a fháil (agus táirge á chlárú acu nó iad ag clárú le scéim dílseachta). Bhí comhaontú ginearálta ann gur cheart roinnt príomhghnéithe agus bunrialacha, a bheidh infheidhme maidir le gach fógra aisghairthe, a chaighdeánú agus iad a dhéanamh éigeantach, rud atá amhlaidh sa rialachán atá beartaithe. Luaigh roinnt páirtithe leasmhara gur gá an t-ualach oibre a bheadh ar rannpháirtíocht a dhéanamh níos éadroime agus é a dhéanamh níos tarraingtí do thomhaltóirí.

**Inrianaitheacht a fheabhsú feadh an tslabhra soláthair**: D'aontaigh tromlach mór na bpáirtithe leasmhara gur cheart an córas inrianaitheachta táirgí a neartú sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (82 % i bhfabhar sa chomhairliúchán poiblí). Ina theannta sin, cuireadh i dtábhacht freisin ról na margaí ar líne maidir le hinrianaitheacht táirgí a fheabhsú, agus d'áitigh na freagróirí go háirithe gur cheart do mhargaí a sheiceáil go bhfuil faisnéis inrianaitheachta ar fáil sula liostaítear táirge.

**Aghaidh a thabhairt ar tháirgí góchumtha:** Chuir eagraíochtaí úinéir an bhranda in iúl gur cheart an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a leasú chun dul i ngleic le táirgí neamhshábháilte góchumtha. Cuireadh an tsaincheist sin san áireamh go cuí ach níor áiríodh í sa togra seo, toisc go dtugtar aghaidh cheana féin ar tháirgí góchumtha i reachtaíocht an Aontais, agus go gcumhdaítear táirgí neamhshábháilte sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus sa togra seo beag beann ar a mbarántúlacht. Cé gur féidir rioscaí sábháilteachta a bheith ag baint le táirgí góchumtha, caithfear anailís a dhéanamh ar shábháilteacht táirge ar leith bunaithe ar mheasúnú riosca.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Is bunaithe ar chomhairle ó shaineolaithe agus ar roinnt staidéar atá na céimeanna ullmhúcháin don togra seo. Áirítear leis sin staidéir ina ndírítear ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a chur chun feidhme, chun tacú leis an meastóireacht agus leis an measúnú tionchair, agus ar éifeachtacht na n-aisghairmeacha táirgí chomh maith.

Bhailigh an Coimisiún saineolas agus tuairimí freisin trí chomhairliúcháin spriocdhírithe agus trí ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta, lena n-áirítear sraith ceardlann, comhdhálacha, agallaimh le saineolaithe agus le húdaráis, agus tuairim Fhoghrúpa an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí maidir leis an intleacht shaorga, táirgí nasctha agus dúshláin nua eile maidir le sábháilteacht táirgí. Bhí go leor cruinnithe déthaobhacha ag an gCoimisiún agus rinne sé anailís ar pháipéir seasaimh ad hoc ó eagraíochtaí tomhaltóirí, ó ionadaithe tionscail agus ón saol acadúil.

- **Measúnú tionchair**

Tá tuarascáil ar an measúnú tionchair ag tacú leis an togra seo (SWD (2021) 169, SWD (2021) 168). Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála grinnscrúdú ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair agus fuair sé tuairim dhearfach (SEC 280 (avis du RSB)

I gcomhthéacs an tionscnaimh seo, scrúdaigh an Coimisiún roinnt roghanna beartais, mar a cuireadh i láthair iad sa tuarascáil ar an measúnú tionchair. I measc na roghanna beartais a

ndearnadh anailís orthu bhí idir ghníomhaíochtaí neamhreachtacha agus ghníomhaíochtaí reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí sonracha éagsúla mar a chuirtear i láthair iad sa tuarascáil: (i) a áirithiú go soláthraíonn creat dlíthiúil an Aontais rialacha ginearálta sábháilteachta do gach táirge agus riosca do thomhaltóirí, lena n-áirítear táirgí agus rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua; (ii) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht táirgí sna bealaí díolacháin ar líne; (iii) aisghairmeacha táirgí a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun táirgí neamhshábháilte a choinneáil ó thomhaltóirí; (iv) faireachas margaidh a fheabhsú agus ailíniú níos fearr ar rialacha maidir le táirgí tomhaltais comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe a áirithiú; agus ar deireadh (v) aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sábháilteachta a bhaineann le táirgí a bhfuil cuma bia orthu.

Rinneadh measúnú ar roinnt roghanna. Ar an gcéad dul síos, mheas an Coimisiún conas a d'fhéadfadh sé freagairt do na cuspóirí sonracha gan an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a athbhreithniú (Rogha 1). Breithníodh go háirithe roinnt beart neamhreachtach: (i) doiciméid treorach a eisiúint maidir le hinfheidhmeacht na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí maidir le teicneolaíochtaí nua agus maidir le haisghairmeacha agus; (ii) iniúchadh a dhéanamh ar leathnú na mbeart deonach faoin nGealltanas um Shábháilteacht Táirgí le haghaidh díolacháin ar líne. Mar sin féin, léiríodh sna comhairliúcháin éagsúla nach rachadh na bearta sin nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí i ngleic leis na heasnaimh a sainaithníodh.

Mheas an Coimisiún roinnt roghanna reachtacha chun dul i ngleic leis na cuspóirí sonracha: athbhreithniú reachtach spriocdhírithe ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (Rogha 2) lena ndírítear ar líon teoranta athruithe agus ar athbhreithniú iomlán ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí ina moltar gníomhaíocht chuimsitheach maidir le gach cuspóir (Rogha 3). Léirítear sa mheasúnú tionchair go dtugann Rogha 3, atá níos uaillmhianaí ná Rogha 2, aghaidh ar bhealach níos fearr ar na heasnaimh a sainaithníodh agus go sásaíonn sí na cuspóirí sonracha ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr, agus na tionchair eacnamaíocha á gcoinneáil teoranta ag an am céanna. Measadh i Rogha 4 go ndéanfaí ionstraimí faireachais margaidh a chomhtháthú go hiomlán, mar a moladh sa phacáiste ó 2013 maidir le sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh, chun anailís a dhéanamh an mbeadh an rogha sin fós bailí tar éis Rialachán (AE) 2019/1020 a ghlacadh le déanaí. Léiríodh sa mheasúnú tionchair go bhféadfadh sé go gcruthódh Rogha 4 costais níos airde do ghnólachtaí an Aontais, cé go bhfuil sí cosúil le substaint Rogha 3. Dá bhrí sin, roghnaigh an Coimisiún Rogha 3 (athbhreithniú iomlán ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí lena n-áirítear athrú ar rialachán) mar an rogha beartais is fearr don togra reatha ós rud é gurb í an rogha beartais is fearr í chun na cuspóirí beartais a bhaint amach agus na costais ar ghnólachtaí agus ar údaráis um fhaireachas margaidh a theorannú ag an am céanna.

Rinneadh roghanna éagsúla a mheas freisin maidir le sábháilteacht táirgí a bhfuil cuma bia orthu. Ba iad sin: (i) córas ar leith a choinneáil do na táirgí sin faoi threoir ar leith (Treoir 87/357/CEE a athbhreithniú); (ii) forálacha sonracha Threoir 87/357/CEE reatha a chomhtháthú le córas dlí sonrach sa Treoir nua maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí; (iii) deireadh a chur le forálacha spriocdhírithe maidir le táirgí a bhfuil cuma bia orthu agus úsáid a bhaint as na forálacha ginearálta chun sábháilteacht táirgí den sórt sin a áirithiú bunaithe ar mheasúnú riosca cás ar chás ina ionad sin. I gcás an chéad dá rogha, rinne an Coimisiún machnamh freisin ar threoir a fhorbairt chun saincheist na léirmhínithe éagsúla a dhéanann na Ballstáit a shárú; léirigh dul i gcomhairle leis na Ballstáit, áfach, go raibh na héagsúlachtaí sa léirmhíniú a rinneadh ar an Treoir maidir le Táirgí a Bhfuil Cuma Bia orthu chomh mór sin go raibh gá le hathbhreithniú dlíthiúil ar na rialacha chun a áirithiú go gcuirfí i

bhfeidhm go cothrom í. Roghnaigh an Coimisiún gurb é an rogha beartais is fearr é lena gcuirtear deireadh leis an gcóras sonrach le haghaidh táirgí a bhfuil cuma bia orthu agus lena ndéantar measúnú ar a sábháilteacht de réir na bprionsabal measúnaithe riosca céanna agus a bhaineann le táirgí tomhaltais neamh-chomhchuibhithe eile (cuirfear an ghné maidir le hionsamhlú bia san áireamh sa mheasúnú riosca ar an táirge ar leith).

Rogha na tosaíochta, lena n-áirítear an méid seo a leanas: a) soiléiriú ar an gcaoi a mbeadh feidhm ag an reachtaíocht seo maidir le rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus díolachán ar líne, b) forálacha a fheabhsaíonn éifeachtacht aisghairmeacha táirgí, c) ailíniú le rialacha comhchuibhithe maidir le faireachas margaidh agus freagrachtaí níos fearr a áirithiú maidir le sábháilteacht táirgí d'oibreoirí eacnamaíochta agus margaí ar líne, d) nósanna imeachta caighdeánaithe a shimpliú agus e) forálacha na Treorach maidir le Táirgí a Bhfuil Cuma Bia orthu a chomhtháthú, meastar go mbeidh na tionchair seo a leanas aige:

Maidir le tionchair eacnamaíocha, táthar ag súil go mbeadh sochair mhóra do thomhaltóirí agus don tsochaí ann leis an rogha thosaíochta. Ba cheart go dtiocfadh laghdú thart ar EUR 1.0 billiún ar an dochar measta do thomhaltóirí sa chéad bhliain de chur chun feidhme na rogha tosaíochta agus thart ar EUR 5.5 billiún sna deich mbliana amach romhainn. Chomh maith leis sin, ba cheart go laghdódh an rogha seo dochar do thomhaltóirí a bhaineann le haisghairmeacha neamhéifeachtacha níos mó ná EUR 400 milliún in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, trí líon na dtáirgí neamhshábháilte a laghdú, ba cheart go laghdódh na bearta atá beartaithe an dochar atá á dhéanamh do thomhaltóirí agus do shochaí an Aontais mar gheall ar thionóiscí inchoiscthe a bhaineann le táirgí (a mheastar inniu ag EUR 11.5 billiún in aghaidh na bliana) agus an costas atá ar chúram sláinte faoi láthair le haghaidh gortuithe a bhaineann le táirgí (meastar EUR 6.7 billiún in aghaidh na bliana faoi láthair). Ní fhéadfaí an tionchar beacht a chainníochtú i ngeall ar easpa sonraí gortaithe chun treochtaí a mheas. Meastar gurb é EUR 59 milliún in aghaidh na bliana an coigilteas costais a mheastar a thiocfadh as laghdú a dhéanamh ar na difríochtaí sa chur chun feidhme náisiúnta agus san ilroinnt dhlíthiúil do ghnólachtaí agus EUR 0.7 milliún in aghaidh na bliana d'údaráis um fhaireachas margaidh.

Meastar go mbeidh na costais iomlána ar ghnólachtaí san Aontas (gníomhach i monarú, i mórdhíol agus i miondíol táirgí neamh-chomhchuibhithe) cothrom le EUR 196.6 milliún, arb ionann é agus 0.02 % dá lánioncam sa chéad bhliain den chur chun feidhme. Sna blianta ina dhiaidh sin, bheadh na costais athfhillteacha cothrom le EUR 177.8 milliún do ghnólachtaí an Aontais. Baineann na costais sin leis na hoibleagáidí méadaithe atá ar ghnólachtaí go príomha maidir le díolacháin ar líne, díolacháin táirgí teicneolaíochta nua agus aisghairmeacha táirgí neamhshábháilte, agus le rialacha faireachais margaidh a ailíniú leo siúd a bhaineann le táirgí comhchuibhithe. Bheadh costais athfhillteacha iomlána breise i ndán d'údaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit faoin togra seo de thuairim is EUR 6.7 milliún in aghaidh na bliana mar gheall ar na cumhachtaí méadaithe atá acu i ndáil le faireachas margaidh ar tháirgí neamhshábháilte, agus mar gheall ar chostais measartha oiriúnaithe agus cur chun feidhme aonuaire amháin.

- **Oiriúnacht Rialála agus simpliú**

Beartaítear leis an togra seo go ndéanfar athbhreithniú ar dhá ionstraim reachtacha atá ann cheana: an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus an Treoir maidir le Táirgí a Bhfuil Cuma Bia orthu. Chun an reachtaíocht a shimpliú, molann an Coimisiún go n-aisghairfí an Treoir maidir le Táirgí a Bhfuil Cuma Bia orthu agus go ndéanfaí measúnú ar shábháilteacht táirgí a bhfuil cuma bia orthu faoin togra reatha le haghaidh rialachán ginearálta nua maidir le sábháilteacht táirgí.

Ina theannta sin, shainaithin an Coimisiún roinnt réimsí ina bhféadfaí an t-ualach riaracháin agus na costais ghaolmhara a laghdú.

Ar an gcéad dul síos, laghdódh an togra seo na costais agus na hualaí rialála do ghnólachtaí, ós rud é go laghdóidh na soiléirithe atá ceangailteach ó thaobh dlí agus rogha rialacháin mar ionstraim an éiginnteacht rialála agus go n-áiritheofar cur chun feidhme níos cothroime na reachtaíochta maidir le sábháilteacht táirgí i gcomparáid leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Chomh maith leis sin, má dhéantar na ceanglais ghinearálta maidir le faireachas margaidh agus sábháilteacht do tháirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe a ailíniú, laghdófar na difríochtaí cur chun feidhme agus feabhsófar inrianaitheacht an tslabhra soláthair. Tiocfaidh laghdú ar chostais i gcás gach gnólachta, agus go háirithe i gcás an 42 % de na gnólachtaí a thuairiscigh costais bhreise a bhaineann le cur chun feidhme míchothrom na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Meastar go sábhálfar costais thart ar EUR 59 milliún in aghaidh na bliana do ghnólachtaí trí chur chun feidhme níos comhchuibhithe (EUR 34 milliún a shábhálfaidh FBManna AE agus EUR 26 milliún a shábhálfaidh gnólachtaí móra AE faoi seach).

Ar an dara dul síos, cuirfidh an togra seo gnóthachain éifeachtúlachta san fhaireachas margaidh agus san fhorfheidhmiú ar fáil do na Ballstáit. Is é is cúis leis sin forálacha faireachais margaidh a ailíniú idir táirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe, cumhachtaí forfheidhmiúcháin níos ailínithe, éifeacht dhíspreagthach mhéadaithe agus sásra eadrána nua. Dá bhrí sin, cruthaíonn an togra seo laghduithe costais do na húdaráis um fhaireachas margaidh go léir sna Ballstáit, agus go háirithe don 16 % díobh a thuairiscigh costais bhreise i ngeall ar na creataí dlíthiúla éagsúla idir táirgí comhchuibhithe agus táirgí neamh-chomhchuibhithe. Meastar gur EUR 0.7 milliún in aghaidh na bliana a bheidh sna coigiltis costais sin do na Ballstáit ar fud an Aontais.

Ar deireadh, leis an simpliú atá beartaithe ar an bpróiseas caighdeánaithe, laghdófar an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún. Cuirfidh cuíchóiriú den sórt sin ar phróiseas caighdeánaithe dlús le hobair caighdeánaithe agus ar an gcaoi sin méadófar an deimhneacht dhlíthiúil agus cuideofar le cuideachtaí an ceanglas ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí a chomhlíonadh.

Ní dhíolmhaítear micrifhiontair ná fiontair bheaga agus mheánmhéide ó aon cheann de na hoibleagáidí leis an togra seo. Ní cheadaíonn reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí córais 'níos éadroime' do FBManna toisc nach mór d'aon táirge tomhaltais a bheith sábháilte beag beann ar shaintréithe a shlabhra soláthair chun an cuspóir ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí agus cosaint tomhaltóirí a bhaint amach. Measann an Coimisiún gurb ionann costais chomhlíonta iomlána an togra seo le haghaidh FBManna an Aontais agus EUR 111.1 milliún (costais aonuaire agus athfhillteacha) sa chéad bhliain den chur chun feidhme. Sna blianta ina dhiaidh sin, bheadh na costais athfhillteacha thart ar EUR 100 milliún do FBManna an Aontais. Bheadh an coigilteas measta a thiocfadh as difríochtaí laghdaithe i gcur chun feidhme náisiúnta agus ilroinnt dhlíthiúil cothrom le EUR 34 milliún do FBManna an Aontais.

Beidh impleachtaí praiticiúla ag an togra seo ar na hoibreoirí eacnamaíochta a láimhseálann táirgí atá clúdaithe ag an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus ar údaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit.

Beidh ar ghnólachtaí ceanglais bhreise maidir le hinrianaitheacht agus trédhearcacht a chomhlíonadh. Beidh feidhm ag ceanglais bhreise maidir le haisghairmeacha maidir le gnólachtaí a thug táirgí neamhshábháilte ar an margadh. Beidh ar mhargaí ar líne a chinntiú freisin go gcuireann siad sásraí inmheánacha ar bun chun a n-oibleagáidí nua maidir le sábháilteacht táirgí a chomhlíonadh. Ina theannta sin, beidh ar chuideachtaí a dhíolann sa mhargadh aonair ó lasmuigh den Aontas socruithe a bhunú chun a áirithiú go mbeidh oibreoir eacnamaíochta freagrach ag na táirgí a dhíoltar san Aontas.

D'fhéadfadh acmhainní breise a bheith ag teastáil ó údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát chun déileáil le leathnú freagrachtaí faireachais margaidh agus leis na hinniúlachtaí nua a shannfaí dóibh. Mar shampla, cuireann na huirlisí nua le haghaidh faireachas margaidh ar líne leis na féidearthachtaí atá ann d'údaráis náisiúnta agus d'fhéadfadh acmhainní agus scileanna breise a bheith ag teastáil uathu. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na cumhachtaí nua sin á n-ailíniú den chuid is mó leis na forálacha faireachais margaidh atá infheidhme maidir le táirgí comhchuibhithe faoi Rialachán (AE) 2019/1020, is minic a bhíonn na húdaráis faireachais margaidh eolach orthu, go háirithe sna Ballstáit sin ina láimhseálann na húdaráis um fhaireachas margaidh náisiúnta céanna táirgí comhchuibhithe agus táirgí neamh-chomhchuibhithe araon cheana féin. Dá bhrí sin, is sineirgí níos fearr agus úsáid níos fearr na struchtúir agus na n-acmhainní atá ann cheana na himpleachtaí praiticiúla do na Ballstáit ná riachtanais nua bhreise. Leis an gcumhdach méadaithe rioscaí ó theicneolaíochtaí nua (e.g. rioscaí cibearshlándála a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht), bheifí ag súil go méadófar an gá atá le foireann ghairmiúil agus le saineolas seachtrach sna Ballstáit chun sábháilteacht táirgí teicneolaíochta nua a sheiceáil.

Is iad na hearnálacha gnó is mó a ndéantar difear dóibh díolacháin ar líne agus táirgeoirí i roinnt earnálacha nua teicneolaíochta. Mar sin féin, a bhuí le ceanglais chomhchuibhithe an Aontais, níor cheart go mbeadh tionchar mór aige sin ar a n-iomaíochas.

Feidhmíonn an togra seo go héifeachtach sa saol digiteach agus san fhíorsaol araon agus cuirtear san áireamh ann forbairtí digiteacha, go háirithe forbairt díolachán ar líne agus táirgí teicneolaíochta nua. Ceann de phríomhchuspóirí an togra seo is ea aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhigiteacha a bhaineann le sábháilteacht táirgí. Feabhsaíonn sé rialacha maidir le faireachas margaidh le haghaidh díolacháin ar líne agus leagtar síos oibleagáidí sábháilteachta táirgí do mhargaí ar líne agus do mhiondíoltóirí ar líne chun sábháilteacht táirgí a dhíoltar ar líne a fheabhsú. Tugtar aghaidh sa togra seo freisin ar rioscaí nua sábháilteachta a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua agus soiléirítear ann cur i bhfeidhm rialacha sábháilteachta táirgí maidir le bogearraí. Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le beartais dhigiteacha an Aontais atá i bhfeidhm agus go háirithe leis an togra le haghaidh an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an obair reachtach ar an intleacht shaorga agus ar idirlíon na rudaí nithiúla. Tacaítear an tionscnamh seo le réitigh TFC atá ann cheana, eadhon Córas Mear-Rabhaidh an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí neamhbhia contúirteacha ('*Safety Gate*') agus an Tairseach Ghnó ghaolmhar.

- **Cearta bunúsacha**

Is é is aidhm don togra seo cosaint shláinte agus shábháilteacht thomhaltóirí na hEorpa a neartú agus a gceart chun faisnéise a chur chun cinn. A bhuí le hoibleagáidí níos soiléire agus forfheidhmiú níos fearr ar shábháilteacht táirgí, táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an togra seo ar chosaint tomhaltóirí agus ar chosaint an chomhshaoil, agus go n-áiritheofar leibhéal níos airde díobh, i gcomhréir le hAirteagal 37 agus le hAirteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Leis an togra, forchuirtear ceanglais bhreise ar ghnólachtaí atá riachtanach chun leas ginearálta an Aontais a shaothrú, is é sin cosaint tomhaltóirí a mhéadú. Meastar na costais chomhlíonta mar thoradh air sin a bheith réasúnta íseal i gcomparáid le láníoncam gnólachtaí. Mar sin, ní dhéanann na ceanglais sin difear don tsaoirse bhunúsach chun gnó a sheoladh ná dá chomhréireacht faoi Airteagal 52 den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an rialachán atá beartaithe, ceanglaítear ar an gCoimisiún tacú leis an gcomhar idir údaráis forfheidhmithe faireachais margaidh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhordaithe faireachais margaidh, an sásra eadrána nua agus athbhreithnithe piaraí, agus an comhar sin a éascú. Ina theannta sin, ceadaítear leis an togra seo comhar feabhsaithe agus malartú faisnéise le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais i réimse na sábháilteachta táirgí. Ar deireadh, déantar foráil sa togra seo maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe (a bhaineann le hinrianaitheacht agus le haisghairmeacha) a ghlacadh agus maidir le gníomhaíocht caighdeánaithe níos airde a d'fhéadfadh a bheith ann trí nós imeachta caighdeánaithe simplithe. Spreagfaidh sé sin ualach oibre breise don Choimisiún, arna mheas ag ceathrar oifigeach lánaimseartha breise (trí riarthóir agus cúntóir amháin). Gheofar na hacmhainní seo trí athdháileadh agus athfhócasú chúraimí an phearsanra atá ann cheana.

Maoineoidh an Coimisiún comhéadain leictreonacha freisin, eadhon an leathanach gréasáin *Safety Gate*, an tairseach *Safety Gate* (a sholáthraíonn fógraí faoi tháirgí contúirteacha) agus an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht chun fógraí a bhailiú ó oibreoirí eacnamaíochta agus ó údaráis um fhaireachas margaidh.

Is féidir costais bhreise do na gníomhaíochtaí comhordaithe sin agus do na comhéadain leictreonacha a chumhdach le clár an mhargaidh aonair faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha 2021-2027. Féadfar deiseanna maoinithe comhchosúla a áireamh freisin faoi na cláir a thiocfaidh ina dhiaidh faoi chreataí airgeadais ilbhliantúla amach anseo. Tá na sonraí leagtha amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh faireachán bunaithe ar phríomhtháscairí forfheidhmithe réamhshainithe ag gabháil le cur chun feidhme an togra. Tá staidéar á dhéanamh ag an gCoimisiún chun tacar coiteann de tháscairí forfheidhmiúcháin indéanta agus ábhartha a shainmhíniú i réimse na sábháilteachta táirgí, rud a bheidh le comhaontú leis na Ballstáit.

I dteannta an fhaireacháin agus an tuairiscithe rialta, moltar meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE na hidirghabhála reachtaí seo tar éis cúig bliana de chur chun feidhme ag na Ballstáit.

Tacóidh an Coimisiún le cur chun feidhme an togra trí ghníomhaíochtaí comhordaithe, i gcomhthéacs an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí (obair leantach ar chur chun feidhme, malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit, etc.) agus gníomhaíochtaí comhordaithe faireachais mhargaidh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cuimsíonn an rialachán atá beartaithe 11 chaibidil ina bhfuil 47 airteagal.

**Caibidil I – Forálacha coiteanna**

Leagtar amach sa chaibidil seo an raon feidhme agus na príomhthéarmaí a mbaintear úsáid astu sa rialachán atá beartaithe. Soláthraíonn sé 'líontán sábhála' do na táirgí go léir a thagann faoina raon feidhme lena mbunaítear ceanglais chun sábháilteacht táirgí tomhaltais a áirithiú agus, dá bhrí sin, sábháilteacht tomhaltóirí. Foráiltear ann do rialacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar an reachtaíocht neamh-chomhchuibhithe. Tugtar na sainmhínithe a mbaintear úsáid astu i dTreoir 2001/95/CE cothrom le dáta, go háirithe chun raon feidhme

éagsúil an tsainmhínithe ar tháirge a chur san áireamh, agus tugtar isteach sainmhíniú sonrach ar 'mhargadh ar líne'

**Caibidil II – Ceanglais sábháilteachta**

Tugtar isteach leis an Rialachán an ceanglas ginearálta sábháilteachta, deimhnítear tábhacht na gcaighdeán a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar thoimhde gnéithe sábháilteachta agus nuashonraithe chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht táirgí chun táirgí a bhfuil cuma bia orthu a chur san áireamh sa mheastóireacht riosca, tar éis Treoir 87/357/CEE a aisghairm. Ar na gnéithe nua a bhaineann le sábháilteacht táirgí a mheas tá na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le táirgí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí nua.

**Caibidil III – Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíochta**

**Roinn 1**

Leagtar amach sa Roinn seo oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíochta cé is moite de na hoibreoirí eacnamaíochta sin a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1020. Tá sé seo ann ionas nach bhféadfadh na hoibleagáidí atá sa Chaibidil seo a bheith ag teacht salach ar oibleagáidí comhchosúla atá sa reachtaíocht chomhchuibhithe. Cé is moite de na hoibleagáidí níos ginearálta atá ar oibreoirí eacnamaíochta sábháilteacht táirgí a áirithiú, tugann sé isteach coincheap an mhodhnaithe shubstaintiúil, agus sa chás sin aistrítear an fhreagracht as sábháilteacht an táirge chuig an duine a dhéanann an modhnú. Thairis sin, leathnaítear coincheap an duine fhreagraigh atá in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 go táirgí neamh-chomhchuibhithe. Is coinníoll riachtanach é sin chun na táirgí a chur ar fáil ar an margadh chun dul i ngleic le saincheisteanna na n-allmhairí díreacha ó thríú tíortha. Sa chaibidil seo tá na forálacha bunúsacha freisin maidir le hinrianaitheacht, a tógadh den chuid is mó ó Chinneadh 768/2008/CE, agus an fhéidearthacht, i gcás táirgí a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol tromchúiseach do shláinte agus do shábháilteacht daoine, córas inrianaitheachta níos déine a ghlacadh, córas a ghlacfar trí ghníomh tarmligthe.

**Roinn 2**

Sa Roinn seo tá na hoibleagáidí atá ar oibreoirí eacnamaíochta atá infheidhme freisin maidir le hoibreoirí eacnamaíochta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1020. Is oibleagáidí iad sin nach bhfuil a macasamhail sna hearnálacha comhchuibhithe agus, dá bhrí sin, ní thiocfadh coinbhleacht as a n-infheidhmeacht maidir leis an earnáil seo. Bhain sé leis an oibleagáid atá ar oibreoirí eacnamaíochta i gcás ciandíolachán agus i gcás tionóiscí le táirge.

**Caibidil IV – Margaí ar líne**

Sa Chaibidil seo, scrúdaítear ról na margaí ar líne agus leagtar síos oibleagáidí sonracha is infheidhme maidir leo.

**Caibidil V– Faireachas margaidh agus cur chun feidhme**

Déantar Caibidil IV, Caibidil V agus Caibidil VI de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh a ghlacadh agus a oiriúnú sa chaibidil seo. Is é an aidhm atá ann córas aonair a chruthú, a mhéid is féidir, le haghaidh táirgí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe araon.

**Caibidil VI – Córas mear-rabhaidh *Safety Gate***

Leagtar síos sa chaibidil seo an prionsabal maidir le faisnéis a mhalartú i gcás táirge contúirteach agus athraítear ainm an chórais RAPEX go *Safety Gate*, agus coimeádtar saintréithe an chórais sin ag an am céanna. Cuireann an togra spriocdhátaí níos sonraithe leis.

Déantar níos soiléire an gaol idir an córas *Safety Gate* agus an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS); soiléirítear sa chaibidil freisin gur féidir le húdaráis na mBallstát cinneadh a dhéanamh cúram oifigigh idirchaidrimh aonair a chur de chúram ar an bpointe teagmhála Náisiúnta den chóras *Safety Gate*.

**Caibidil VII – ról agus comhordú forfheidhmiúcháin an Choimisiúin**

Tugann an chaibidil seo an deis don Choimisiún bearta a ghlacadh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, i gcás riosca tromchúiseach nach féidir a smachtú go sásúil trí bhearta arna nglacadh ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann nó trí aon nós imeachta eile faoi reachtaíocht an Aontais. Tá an fhéidearthacht seo ann cheana sa Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí: déanann an rialachán atá beartaithe a raon feidhme níos beaichte. Tugtar isteach freisin i gCaibidil V sásra deonach eadrána inar féidir leis na Ballstáit ceisteanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le sainaithint nó leis an leibhéal riosca a bhaineann le táirge i gcás measúnuithe riosca difriúla. Ar an gcaoi sin, beifear in ann gníomhaíocht níos aonfhoirmí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais i gcoinne táirgí contúirteacha.

**Caibidil VIII – An ceart chun faisnéise agus leighis**

Soláthraítear sa chaibidil seo forálacha maidir le faisnéis do thomhaltóirí. Dearbhaítear ann an oibleagáid atá ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí a bhaineann le rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a bhaineann le táirgí. Leagtar oibleagáid freisin ar na Ballstáit an deis a thabhairt do thomhaltóirí gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta inniúil. Deimhnítear leis raon feidhme thairseach gréasáin *Safety Gate*, atá ann cheana, agus feabhsaítear tuilleadh í, agus roinn nua a chur léi inar féidir le tomhaltóirí dul i gcomhairle le rabhaidh agus le haisghairmeacha arna n-eisiúint go díreach ag oibreoirí eacnamaíochta. Ar ábhar na n-aisghairmeacha, déantar iarracht leis na forálacha nua a n-éifeachtacht a fheabhsú, rud a áiritheoidh go soláthrófar faisnéis níos iomláine agus níos forleithne do thomhaltóirí, chomh maith le córas feabhsaithe leigheasanna atá ar fáil do thomhaltóirí.

**Caibidil IX– Comhar idirnáisiúnta**

Tugann an Chaibidil seo an bunús dlí don Choimisiún chun cineálacha comhair a bhunú chun sábháilteacht táirgí a fheabhsú. Áirítear orthu sin comhghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, tacaíocht theicniúil, malartú oifigeach, agus malartú faisnéise maidir le táirgí contúirteacha agus go háirithe faisnéis atá sa chóras *Safety Gate*. I ndáil leis sin, ceadaítear leis an bhforáil rannpháirtíocht lánfheidhme i gcóras *Safety Gate* nó malartú faisnéise roghnaithe.

**Caibidil X – Forálacha airgeadais**

Foráiltear leis an Rialachán atá beartaithe go maoineoidh an Coimisiún gníomhaíochtaí i ngach ábhar a thagann faoi raon feidhme a chur i bhfeidhm.

Tá clásail ghinearálta sa Rialachán atá beartaithe maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint.

**Caibidil XI – Forálacha críochnaitheacha**

Foráiltear sa chaibidil seo go háirithe do chóras pionós: cé go n-aithnítear gur inniúlacht náisiúnta é pionóis a bhunú, leagtar amach ann treoirphrionsabal maidir le pionóis, go háirithe critéir chun pionóis a shocrú, na cineálacha sáruithe atá le gearradh, critéir maidir le huasteorainneacha uasta, chomh maith leis an bhféidearthacht íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.

2021/0170 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[21],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] leagtar síos an ceanglas nach mór táirgí tomhaltais a bheith sábháilte agus nach mór d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát gníomhú i gcoinne táirgí contúirteacha agus faisnéis ina leith sin a mhalartú trí 'córas mearmhalartaithe faisnéise an Aontais', RAPEX.

(2) Is gá Treoir 2001/95/CE a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na bhforbairtí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus díolacháin ar líne, ionas go n-áiritheofar comhsheasmhacht le forbairtí i reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú agus sa reachtaíocht um chaighdeánú, go n-áiritheofar feidhmiú aisghairmeacha táirgí ar bhealach níos fearr, agus go n-áiritheofar creat níos soiléire le haghaidh táirgí a bhfuil cuma bhia orthu, creat a rialaíodh go dtí seo le Treoir 87/357/CEE ón gComhairle[23]. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, ba cheart Treoir 2001/95/CE, mar aon le Treoir 87/357/CEE, a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina n-ionad.

---

21 .IO C , , lch. .

22 Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

23 Treoir 87/357/CEE ón gComhairle an 25 Meitheamh maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le táirgí a bhfuil cuma mhíthreorach orthu agus ar baol do shláinte nó do shábháilteacht tomhaltóirí iad dá bharr sin (IO L 192, 11.7. 1987, lch. 49).

(3) Rialachán is ea an ionstraim iomchuí dlí toisc go bhforchuireann Rialachán rialacha soiléire mionsonraithe nach féidir leis na Ballstáit a thrasuí ar dhóigheanna éagsúla. Trí Rialachán a roghnú seachas Treoir, is fearr is féidir an cuspóir a bhaint amach freisin chun comhleanúnachas a áirithiú le creat reachtach an fhaireachais mhargaidh le haghaidh táirgí a thagann faoi raon feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina bhfuil ionstraim dlí is infheidhme den chineál céanna i gceist freisin, eadhon Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. Ar deireadh, déanfaidh an rogha sin an t-ualach rialála a laghdú a thuilleadh trí rialacha maidir le sábháilteacht táirgí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais.

(4) Is é is aidhm don ionstraim seo a bheith ina chuidiú chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 169 den Chonradh a bhaint amach. Go háirithe, ba cheart é a bheith dírithe ar shláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a áirithiú mar aon le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le táirgí atá beartaithe do thomhaltóirí.

(5) Ba cheart don Rialachán seo a bheith dírithe ar thomhaltóirí agus a sábháilteacht a chosaint, rud atá ar cheann de bhunphrionsabail chreat dlíthiúil an Aontais arna chumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is féidir iarmhairtí an-diúltach a bheith ag táirgí contúirteacha ar thomhaltóirí agus ar shaoránaigh. Tá an ceart ag gach tomhaltóir táirgí sábháilte a fháil, lena n-áirítear na tomhaltóirí is leochailí, amhail leanaí, daoine scothaosta nó daoine faoi mhíchumas. Ba cheart fáil a bheith ag tomhaltóirí ar mhodhanna leordhóthanacha chun na cearta sin a fhorfheidhmiú, agus ba cheart fáil a bheith ag na Ballstáit ar ionstraimí agus ar bhearta leordhóthanacha chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú.

(6) Cé go bhfuil forbairt déanta ar reachtaíocht earnáil-shonrach an Aontais maidir le comhchuibhiú, reachtaíocht a bhaineann le gnéithe sábháilteachta de tháirgí sonracha nó catagóirí sonracha táirgí, níl sé indéanta go praiticiúil ag an Aontas reachtaíocht a ghlacadh i leith gach táirge tomhaltais atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Fágann sin go bhfuil gá fós le creat reachtach de chineál cothrománach chun bearnaí a líonadh agus chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú i gcás nach bhfuil sin áirithe ar shlí eile, go háirithe d'fhonn ardleibhéal cosanta do shábháilteacht agus sláinte tomhaltóirí a áirithiú, arna cheangal le hAirteagal 114 agus le hAirteagal 169 den Chonradh.

(7) San am céanna, maidir le táirgí atá faoi réir reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú, reachtaíocht a bhaineann le hearnálacha sonracha, ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm chodanna éagsúla an Rialacháin seo a leagan amach go soiléir chun forálacha forluiteacha agus creat dlíthiúil doiléir a sheachaint.

(8) Cé nár cheart feidhm a bheith ag roinnt forálacha, amhail na forálacha a bhaineann leis an gcuid is mó d'oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha, maidir le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú ós rud é go gcumhdaítear iad cheana féin leis an reachtaíocht sin, ba cheart feidhm a bheith ag líon áirithe forálacha eile chun reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú a chomhlánú. Go háirithe, an ceanglas maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí agus na forálacha a bhaineann leis sin, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le táirgí tomhaltais a chumhdaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú nuair nach gcumhdaítear cineálacha

[24] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

áirithe rioscaí leis an reachtaíocht sin. Forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis na hoibleagáidí ar mhargaí ar líne, leis na hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i gcás tionóiscí, an ceart chun faisnéis do thomhaltóirí chomh maith le haisghairmeacha táirgí tomhaltais, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú i gcás nach bhfuil forálacha sonracha ann a bhfuil an cuspóir céanna acu sa reachtaíocht sin. Mar an gcéanna, tá RAPEX in úsáid cheana chun críocha reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú, rud dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], agus ó tharla go bhfuil sin amhlaidh, forálacha an Rialacháin seo lena rialaítear an córas *Safety Gate* agus a feidhmiú, ba cheart do na forálacha sin a bheith infheidhme i ndáil le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú.

(9) Forálacha Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020, lena mbunaítear na rialacha maidir le rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais, is forálacha iad atá infheidhme go díreach cheana féin maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus níl sé beartaithe leis an Rialachán seo na forálacha sin a mhodhnú. Tá tábhacht ar leith le cobhsaíocht an Rialacháin chéadluaite de bhrí go ndéanfaidh na húdaráis atá i gceannas ar na rialuithe sin (arb iad na húdaráis chustaim i mbeagnach gach Ballstát iad) na rialuithe sin a chur i gcrích ar bhonn anailís riosca dá dtagraítear in Airteagal 46 agus Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (Cód Custaim an Aontais), agus ar bhonn na reachtaíochta cur chun feidhme agus na treoraíochta comhfhreagraí. Tá an cur chuige rioscabhunaithe sin ríthábhachtach do rialuithe custaim i bhfianaise líon suntasach na n-earraí a thagann isteach sa chríoch chustaim agus a fhágann an chríoch sin, agus dá bharr sin déantar bearta rialaithe nithiúla a chur i bhfeidhm ag brath ar thosaíochtaí sainaitheanta. Ós rud é nach modhnaítear leis an Rialachán Caibidil VII de Rialachán 2019/1020, ina dtagraítear go díreach don chur chuige rioscabhunaithe a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim, ciallaíonn sé go praiticiúil gur cheart do na húdaráis atá i gceannas ar rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais (lena n-áirítear údaráis chustaim) a rialuithe a theorannú do na táirgí is mó riosca, ag brath ar dhóchúlacht agus ar thionchar an riosca, agus ar an gcaoi sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht a gcuid gníomhaíochtaí a áirithiú chomh maith lena n-acmhainneacht a chosaint chun rialuithe den sórt sin a chur i gcrích.

(10) Is bunphrionsabal é prionsabal an réamhchúraim chun sábháilteacht táirgí agus tomhaltóirí a áirithiú agus dá bhrí sin ba cheart do na gníomhaithe ábhartha go léir aird chuí a thabhairt air agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

(11) I bhfianaise an raoin feidhme leathain a thugtar do choincheap na sláinte[26] freisin, ba cheart an riosca don chomhshaol a bhaineann le táirge a chur san áireamh i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mhéid is féidir ar deireadh thiar, riosca a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí mar thoradh air.

(12) Táirgí atá ceaptha go heisiach i gcomhair úsáid ghairmiúil ach a úsáidtear ina dhiaidh sin i margadh na dtomhaltóirí, ba cheart iad a bheith faoi réir an Rialacháin seo de bhrí

---

25 Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

26 An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, '*Healthy environment, healthy lives: how the environment influences health and well-being in Europe*', [Comhshaol folláin, beatha shláintiúil: an tionchar atá ag an gcomhshaol ar shláinte agus ar fholláine an duine san Eoraip] Tuarascáil EEA Uimh. 21/2019, 8 Meán Fómhair 2020.

go bhféadfaidís rioscaí a chothú do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí nuair a dhéantar iad a úsáid faoi dhálaí a mbeifí ag súil go réasúnta leo.

(13) Le reachtaíocht an Aontais maidir le bia, beatha agus réimsí gaolmhara, bunaítear córas sonrach a áirithíonn sábháilteacht na dtáirgí a chumhdaítear leis an reachtaíocht sin. Dá bhrí sin, ba cheart bia agus beatha a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo, cé is moite d'ábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, a mhéid a bhaineann le rioscaí nach gcumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ná le reachtaíocht eile a bhaineann go sonrach le bia agus nach gcumhdaíonn ach rioscaí ceimiceacha agus bitheolaíocha a bhaineann le bia.

(14) Tá táirgí íocshláinte faoi réir measúnú réamh-mhargaidh lena n-áirítear anailís riosca agus tairbhe. Dá bhrí sin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(15) Aerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3) pointe (d) de Rialachán (AE) 2018/1139[28], tá siad faoi réir rialú rialála na mBallstát, i bhfianaise an riosca teoranta a bhaineann leo maidir le sábháilteacht eitlíochta sibhialta. Dá bhrí sin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(16) Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le táirgí athláimhe nó táirgí deisithe, athchóirithe agus athchúrsáilte a théann isteach arís sa slabhra soláthair le linn gníomhaíocht tráchtála, ach amháin i gcás na dtáirgí sin nach féidir leis an tomhaltóir a bheith ag súil go réasúnta leis go gcomhlíonfaidís na caighdeáin sábháilteachta is úire, e.g. seandachtaí nó táirgí atá le deisiú nó le hathchóiriú.

(17) Treoir 87/357/CEE maidir le táirgí tomhaltais nach bia-ábhar iad ach a bhfuil an chuma orthu gurb ea, agus a bhféadfaí iad a thabhairt in amhlachas bia-ábhair sa chaoi go bhféadfadh tomhaltóirí, leanaí go háirithe, iad a chur ina mbéal, sin nó iad a dhúil nó a ionghabháil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le plúchadh, nimhiú, nó polladh nó bac chonair an díleá, is díol conspóide é an léirmhíniú a d'fhéadfaí a bhaint as an Treoir sin. Thairis sin, glacadh an Treoir sin tráth a bhí an creat dlíthiúil le haghaidh sábháilteacht táirgí tomhaltais an-teoranta ó thaobh raon feidhme de. Ar na cúiseanna sin, ba cheart Treoir 87/357/CEE a aisghairm.

(18) Níor cheart seirbhísí a chumhdach leis an Rialachán seo. Mar sin féin, chun a áirithiú go gcosnófar sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí, táirgí a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí mar chuid de sholáthar seirbhísí, lena n-áirítear táirgí a nochtar tomhaltóirí go díreach dóibh agus seirbhís á soláthar, ba cheart do na táirgí sin teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Trealamh a oibríonn soláthraí seirbhíse ar trealamh é a iompraíonn tomhaltóirí nó a dtaistealaíonn siad air, ba cheart é a eisiamh

27 Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus le hearraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4).

28 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

ó raon feidhme an Rialacháin seo ráite nach mór déileáil leis in éindí le sábháilteacht na seirbhíse arna soláthar.

(19) Ítimí a nascann le hítimí eile nó le hítimí neamhleabaithe eile a mbíonn tionchar acu ar an gcaoi a n-oibríonn ítim, is féidir leo sábháilteacht an táirge a chur i mbaol. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ngné sin a d'fhéadfadh a bheith ina riosca. Na naisc agus an t-idirghaol a d'fhéadfadh a bheith ag ítim le hítimí seachtracha, níor cheart dóibh sábháilteacht na hítime sin a chur i mbaol.

(20) I ngeall ar theicneolaíochtaí nua freisin bíonn rioscaí nua ann do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, nó athraíonn na teicneolaíochtaí nua an chaoi a bhféadfadh na rioscaí atá ann cheana teacht chun cinn, amhail idirghabháil sheachtrach chun an táirge a haiceáil nó a shaintréithe a athrú.

(21) Is éard atá i sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar 'sláinte', staid iomlán fhisiceach, intinne agus folláine sóisialta, agus ní amháin go bhfuil galar nó éiglíocht in easnamh. Tacaíonn an sainmhíniú seo leis an bhfíric go bhféadfadh rioscaí nua sláinte a bheith ann do thomhaltóirí de dheasca forbairt teicneolaíochtaí nua, amhail riosca síceolaíochta, rioscaí forbartha, go háirithe do leanaí, rioscaí meabhracha, dúlagar, cailliúint codlata, nó feidhm inchinne athraithe.

(22) Is féidir déileáil le rioscaí sonracha cibearshlándála a dhéanann difear do shábháilteacht tomhaltóirí agus do phrótacail agus deimhniúcháin trí bhíthin na reachtaíochta earnálaí. Ba cheart a áirithiú, áfach, i gcás bearnaí sa reachtaíocht earnálach, go gcuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha agus na húdaráis náisiúnta ábhartha rioscaí atá nasctha le teicneolaíochtaí nua san áireamh, nuair a bheidh na táirgí á ndearadh acu agus nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu orthu, chun a áirithiú nach gcuirfear sábháilteacht an táirge i mbaol i ngeall ar athruithe a bheith déanta air.

(23) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht táirgí agus na gnéithe ábhartha go léir á gcur san áireamh, go háirithe a saintréithe agus a gcur i láthair, mar aon leis na riachtanais shonracha agus rioscaí do chatagóirí tomhaltóirí is dealraitheach a d'úsáidfeadh na táirgí, go háirithe leanaí, seanóirí, agus daoine faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, má theastaíonn faisnéis shonrach chun táirgí a dhéanamh sábháilte do chatagóir áirithe daoine, ba cheart a chur san áireamh freisin sa mheasúnú ar shábháilteacht na dtáirgí an fhaisnéis sin a bheith ar fáil agus rochtain a bheith ann uirthi. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht táirgí agus aird á tabhairt ar an ngá leis an táirge a bheith sábháilte le linn a shaolré ar fad.

(24) Ba cheart oibleagáidí a bheith ar oibreoirí eacnamaíocha as sábháilteacht a dtáirgí, i ndáil leis an ról atá ag gach oibreoir sa slabhra soláthair, d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta do shláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a áirithiú. Na hoibreoirí eacnamaíocha a mbíonn ról acu sa slabhra soláthair agus dáilte, ba cheart dóibh gach beart is iomchuí a dhéanamh lena áirithiú nach gcuirfidh siad ar fáil ar an margadh ach táirgí atá sábháilte agus i gcomhréir leis an Rialachán seo. Is gá foráil a dhéanamh maidir le dáileadh soiléir comhréireach na n-oibleagáidí agus iad a bheith in oiriúint do ról gach oibreora sa phróiseas soláthair agus dáilte.

(25) Ba cheart an ciandíol, lena n-áirítear díol ar líne, teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo freisin. Tá fás tagtha ar dhíol ar líne ar bhonn leanúnach comhsheasmhach, rud a chruthaigh samhlacha nua gnó agus gníomhaithe nua sa mhargadh amhail na margaí ar líne.

(26) Tá ról ríthábhachtach ag margaí ar líne sa slabhra soláthair – rud a ligeann d’oibreoirí eacnamaíocha teacht ar líon tomhaltóirí gan teorainn – agus, dá bhrí sin, tá ról tábhachtach acu sa chóras sábháilteachta táirgí freisin.

(27) Ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag margaí ar líne nuair a dhéantar díolacháin táirgí a idirghabháil idir trádálaithe agus tomhaltóirí, ba cheart níos mó freagrachtaí a bheith ar na gníomhaithe sin maidir le dul i ngleic le díol táirgí contúirteacha ar líne. Le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29], foráiltear maidir leis an gcreat ginearálta le haghaidh ríomhthráchtála agus leagtar síos oibleagáidí áirithe le haghaidh ardáin ar líne. Le Rialachán [.../...] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE[30], rialaítear freagracht agus cuntasacht na soláthraithe seirbhísí idirmheánacha ar líne maidir le hinneachar neamhdhleathach, lena n-áirítear táirgí neamhshábháilte. Tá feidhm ag an Rialachán sin gan dochar do na rialacha a leagtar síos le dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí. Dá réir sin, d’fhonn cur leis an gcreat dlíthiúil cothrománach dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, ba cheart ceanglais shonracha a thabhairt isteach, ar ceanglais iad atá bunriachtanach chun dul i ngleic go héifeachtach le díol na dtáirgí contúirteacha ar líne, i gcomhréir le hAirteagal [1(5), pointe (h)] den Rialachán sin.

(28) Leis an nGealltanas um Shábháilteacht Táirgí, a síníodh in 2018 agus a thosaigh roinnt margaí a chur i bhfeidhm ó shin i leith, foráiltear maidir le roinnt gealltanais dheonacha maidir le sábháilteacht táirgí. Is léir go bhfuil fiúntas mór ag an nGealltanas um Shábháilteacht Táirgí chun feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí ar tháirgí contúirteacha a dhíoltar ar líne. Mar sin féin, is amhlaidh a laghdaítear a éifeachtacht mar gheall ar a ghné dheonach agus an chaoi nach nglacann ach líon teoranta margaí ar líne páirt dheonach ann, rud a fhágann nach féidir cothrom iomaíochta a áirithiú leis.

(29) Ba cheart do mhargaí ar líne gníomhú leis an gcúram is cuí i ndáil leis an inneachar a dhéantar a óstáil ar a gcomhéadan ar líne agus a bhaineann le sábháilteacht táirgí, i gcomhréir leis na hoibleagáidí sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo. Dá réir sin, ba cheart oibleagáidí díchill chuí le haghaidh gach margaidh ar líne a bhunú i ndáil leis an inneachar a dhéantar a óstáil ar a gcomhéadan ar líne ar inneachar é a bhaineann le sábháilteacht táirgí.

(30) Thairis sin, chun críocha an fhaireachais margaidh éifeachtaigh, ba cheart do mhargaí ar líne clárú ar an gcóras *Safety Gate* agus an fhaisnéis a bhaineann lena bpointí teagmhála aonair a chur in iúl sa tairseach chéanna chun comhroinnt faisnéise faoi shaincheisteanna sábháilteachta táirgí a éascú. Féadfar gurb ionann an pointe teagmhála aonair faoin Rialachán seo agus an pointe teagmhála faoi [Airteagal 10] de Rialachán (AE).../... [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], gan an cuspóir i leith fadhbanna a bhaineann le sábháilteacht táirgí a láimhseáil ar bhealach tapa sonrach a chur i mbaol.

(31) Ionas go mbeidh siad in ann a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le horduithe ó údaráis phoiblí a chomhlíonadh go tráthúil agus go

---

[29] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir ríomhthráchtáil’) IO L 178, 17.7.2000, lgh. 1-16.

[30] Rialachán (AE) […/..] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE.

héifeachtach, fógraí ó thríú páirtithe eile a phróiseáil, agus comhoibriú le húdaráis um fhaireachas margaidh i gcomhthéacs bearta ceartaitheacha arna n-iarraidh sin, ba cheart sásra inmheánach a bheith ag margaí ar líne chun saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht táirgí a láimhseáil.

(32) Níor cheart do na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán seo ar mhargaí ar líne a bheith ina n-oibleagáidí ginearálta maidir le faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuireann nó a stórálann siad, ná fíorais nó imthosca a lorg go gníomhach lena léirítear gníomhaíocht neamhdhleathach, amhail díol na dtáirgí contúirteacha ar líne. Mar sin féin, ba cheart do mhargaí ar líne inneachar a thagraíonn do tháirgí contúirteacha a bhaint go gasta óna gcomhéadan ar líne, tar éis dóibh eolas iarbhír a fháil nó, i gcás éileamh ar dhamáistí, tar éis dóibh feasacht faoin inneachar neamhdhleathach a fháil, go háirithe sna cásanna inar cuireadh an margadh ar líne ar an eolas faoi fhíricí nó imthosca ar cheart d'oibreoir eacnamaíoch dícheallach an neamhdhleathacht i gceist a bheith sainaitheanta aige ar a mbonn sin, chun leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas as seirbhísí a óstáil faoin 'Treoir maidir le ríomhthráchtáil' agus faoin [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha]. Ba cheart do mhargaí ar líne fógraí a phróiseáil a bhaineann le hinneachar a thagraíonn do tháirgí neamhshábháilte, fógraí a fhaightear i gcomhréir le [hAirteagal 14] de Rialachán (AE).../... [*an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha*], laistigh de na tréimhsí ama breise a bhunaítear leis an Rialachán seo.

(33) I gcás nach bhfuil aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun deireadh a chur le riosca tromchúiseach, le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2019/1020 tugtar de chumhacht do na húdaráis um fhaireachas margaidh a éileamh go mbainfí inneachar a thagraíonn do na táirgí gaolmhara ó chomhéadan ar líne nó a éileamh go dtaispeánfaí rabhadh go sainráite d'úsáideoirí deiridh nuair a bheidh rochtain acu ar chomhéadan ar líne. Na cumhachtaí a thugtar do na húdaráis um fhaireachas margaidh le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an Rialachán seo freisin. Ionas go ndéanfar faireachas éifeachtach ar an margadh faoin Rialachán seo agus go gcuirfear cosc le táirgí contúirteacha ar mhargadh an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag an gcumhacht sin maidir le gach cás atá riachtanach agus comhréireach agus i gcás táirgí freisin nach bhfuil riosca chomh tromchúiseach sin ag baint leo. Tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfaidh margaí ar líne orduithe den sórt sin mar ábhar práinne. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an Rialachán seo teorainneacha ama ceangailteacha ina leith sin, gan dochar don deis teorainn ama níos giorra a leagan síos san ordú féin. Ba cheart an chumhacht sin a fheidhmiú i gcomhréir le [Airteagal 8] den Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha.

(34) Fiú i gcás nach bhfuil aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne cruinn (URL) san fhaisnéis ón gcóras *Safety Gate* agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena bhféadfar an t-inneachar neamhdhleathach lena mbaineann a shainaithint, ba cheart do mhargaí ar líne, mar sin féin, an fhaisnéis a tarchuireadh a chur san áireamh, amhail aitheantóirí táirgí, nuair a bhíonn siad ar fáil, agus faisnéis inrianaitheachta eile, i gcomhthéacs aon bhirt arna ghlacadh ag margaí ar líne ar a dtionscnamh féin a bhfuil sé d'aidhm acu rochtain ar tháirgí contúirteacha atá ar tairiscint ar a margadh féin a bhrath, a shainaithint, a bhaint nó a dhíchumasú, i gcás inarb infheidhme.

(35) Chun críocha [Airteagal 19] de Rialachán (AE).../... [*an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha*], agus a mhéid a bhaineann le sábháilteacht táirgí a dhíoltar ar líne, eagraíochtaí agus comhlachais tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar son leas tomhaltóirí go háirithe, ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha iad a

mheas mar chomharthóirí iontaofa, arna iarraidh sin dóibh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin.

(36) Is rud ríthábhachtach í an inrianaitheacht táirgí chun faireachas margaidh éifeachtach a dhéanamh ar tháirgí contúirteacha agus chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar tháirgí contúirteacha ar an gcaoi chéanna sna bealaí díolacháin as líne agus ar líne, agus nuair a bhíonn siad ag ceannach táirgí ar mhargaí ar líne freisin. D'fhonn cur le forálacha Rialachán (AE).../... [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha] a bhaineann le hinrianaitheacht trádálaithe, níor cheart do mhargaí ar líne tairiscintí ar a n-ardán a cheadú mura rud é gur chuir an trádálaí an fhaisnéis ar fad a bhaineann le sábháilteacht agus inrianaitheacht táirgí ar fáil mar a shonraítear sa Rialachán seo. Ba cheart faisnéis den sórt sin a thaispeáint in éineacht le tairiscint an táirge ionas gur féidir le tomhaltóirí leas a bhaint as an bhfaisnéis chéanna a chuirtear ar fáil ar líne agus as líne. Mar sin féin, níor cheart don mhargadh ar líne a bheith freagrach as iomláine, cruinneas agus beachtas na faisnéise féin a fhíorú, ós rud é gur ar an trádálaí atá an oibleagáid inrianaitheacht táirgí a áirithiú i gcónaí.

(37) Tá sé tábhachtach freisin go n-oibreoidh margaí ar líne i ndlúthchomhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, leis na húdaráis forfheidhmithe dlí agus leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha maidir le sábháilteacht táirgí. Déantar oibleagáid maidir le comhar le húdaráis um fhaireachas margaidh a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise faoi Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2019/1020 i ndáil le táirgí a chumhdaítear faoin Rialachán sin agus ba cheart, dá bhrí sin, an oibleagáid a leathnú amach chun gach táirge tomhaltais a chumhdach. Mar shampla, tá na húdaráis um faireachas margaidh ag cur feabhas i rith an ama ar na huirlisí teicneolaíochta a úsáideann siad le haghaidh an fhaireachais mhargaidh ar líne chun táirgí contúirteacha a dhíoltar ar líne a shainaithint. Chun go mbeidh na huirlisí sin oibríochtúil, ba cheart do mhargaí ar líne rochtain a thabhairt ar a gcomhéadan. Ina theannta sin, ar mhaithe le sábháilteacht táirgí, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis um fhaireachas margaidh sonraí a chamchóipeáil ó na margaí ar líne.

(38) Díol díreach a dhéanann oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe lasmuigh den Aontas trí bhealaí ar líne, is rud é sin a chuireann bac ar obair na n-údarás um fhaireachas margaidh agus iad ag dul i ngleic le táirgí contúirteacha san Aontas, toisc gur minic nach bhfuil oibreoirí eacnamaíocha bunaithe san Aontas ná nach bhfuil ionadaí dlíthiúil acu san Aontas. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go bhfuil cumhachtaí agus modhanna leordhóthanacha ag na húdaráis um fhaireachas margaidh chun dul i ngleic go héifeachtach le díol na dtáirgí contúirteacha ar líne. Chun go n-áiritheofar forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo, ba cheart an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 4(1), (2) agus (3) de Rialachán 2019/1020 a leathnú amach chun táirgí atá lasmuigh de raon feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú a chumhdach freisin d'fhonn a áirithiú go bhfuil oibreoir eacnamaíoch freagrach bunaithe san Aontas, a mbeidh cúraimí air maidir leis na táirgí sin, agus a bheidh ag feidhmiú ina phointe teagmhála ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ag cur cúraimí sonracha i gcrích go tráthúil.

(39) Oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe san Aontas agus atá freagrach as táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart a shonraí teagmhála a bheith ag gabháil leis an táirge chun seiceálacha a éascú ar fud an tslabhra soláthair.

(40) I gcás ina bhfuil rogha de bhearta ceartaitheacha éagsúla ag oibreoirí eacnamaíocha nó ag údaráis um fhaireachas margaidh, ba cheart tosaíocht a thabhairt don

ghníomhaíocht is inbhuanaithe a mbeadh an tionchar is ísle ar an gcomhshaol aici, amhail deisiú an táirge, ar choinníoll nach lú an leibhéal sábháilteachta dá thoradh sin.

(41) Maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann táirge ar an margadh faoina n-ainm nó a dtrádmharc féin nó a mhodhnaíonn an táirge ar dhóigh a dhéanann difear do chomhréireacht an Rialacháin seo, ba cheart a mheas gurb iadsan an monaróir agus ba cheart dóibh sin oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh chucu féin.

(42) Ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha féin nósanna imeachta inmheánacha um chomhréireacht a bhunú, rud a áiritheoidh, go hinmheánach, go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, a n-oibleagáid go héifeachtach tapa , i dteannta na gcoinníollacha lenar féidir leo dul i ngleic le táirge contúirteach go tráthúil.

(43) Agus táirgí á gcur ar fáil ar an margadh, mar chuid den tairiscint ábhartha, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis íosta a sholáthar maidir le sábháilteacht agus inrianaitheacht na dtáirgí. Ba cheart sin a bheith gan dochar do na ceanglais faisnéise a leagtar síos le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], maidir le príomhthréithe na n-earraí, mar shampla, a mhéid is iomchuí don mheán agus do na hearraí.

(44) Trí shainaithint táirgí agus inrianaitheacht táirgí ó cheann ceann an tslabhra soláthair a áirithiú, is fusa oibreoirí eacnamaíocha a shainaithint agus bearta ceartaitheacha éifeachtacha a dhéanamh i gcoinne táirgí contúirteacha amhail aisghairmeacha spriocdhírithe. Ar an dóigh sin áirithíonn sainaithint táirgí agus inrianaitheacht táirgí go bhfaigheann tomhaltóirí agus oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chruinn faoi tháirgí contúirteacha, rud a mhéadaíonn ar an muinín as an margadh agus a sheachnaíonn cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis a bheith léirithe ar tháirgí ionas gur féidir na táirgí féin agus a monaróir, agus más infheidhme, an t-allmhaireoir, a shainaithint. D'fhéadfaí na ceanglais inrianaitheachta sin a dhéanamh níos déine i gcás cineálacha áirithe táirgí. Ba cheart do mhonaróirí doiciméadacht theicniúil maidir lena dtáirgí a leagan síos freisin, ar doiciméadacht í ar cheart an fhaisnéis is gá a bheith iontu chun a chruthú go bhfuil a dtáirge sábháilte.

(45) An creat dlíthiúil le haghaidh faireachas margaidh ar tháirgí a chumhdaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1020 agus an creat dlíthiúil maidir le faireachas margaidh ar tháirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart an dá chreat sin a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach, a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí faireachais margaidh, oibleagáidí, cumhachtaí, bearta, agus comhar idir na húdaráis um fhaireachas margaidh, an bhearna idir an dá thacar d'fhorálacha a dhúnadh. Chun na críche sin, ba cheart Airteagail 10 go 16, Airteagail 18 agus 19 agus Airteagail 21 go 24 de Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith infheidhme freisin maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(46) Chun comhleanúnachas chreat dlíthiúil an fhaireachais margaidh a chaomhnú agus, san am céanna, comhar éifeachtach a áirithiú idir líonra Eorpach d'údaráis na mBallstát atá inniúil ar shábháilteacht táirgí ('an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí') dá bhforáiltear leis an Rialachán seo agus Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí atá dírithe ar chomhordú agus comhar struchtúrtha idir údaráis

---

[31] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

forfheidhmithe na mBallstát agus an Coimisiún dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2019/1020, is gá an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí a cheangal le Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 11, 12, 13 agus 21 de Rialachán (AE) 2019/1020.

(47) Ba cheart é a chur ar chumas na n-údarás náisiúnta na gníomhaíochtaí traidisiúnta faireachais margaidh atá dírithe ar shábháilteacht táirgí a chomhlánú le gníomhaíochtaí faireachais margaidh atá dírithe ar na nósanna imeachta inmheánacha um chomhréireacht arna mbunú ag oibreoirí eacnamaíocha chun sábháilteacht táirgí a áirithiú. Ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh a bheith in ann a cheangal ar an monaróir a léiriú cé na táirgí eile a bhfuil an riosca céanna ag gabháil leo– táirgí a tháirgtear leis an nós imeachta céanna, nó táirgí a bhfuil na comhpháirteanna céanna iontu a mheastar a mbaineann riosca leo nó táirgí atá mar chuid den bhaisc tháirgthe chéanna.

(48) Ba cheart malartú faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhunú ar bhonn táscairí aschuir lena bhféadfaí éifeachtacht na mBallstát i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí a thomhas agus a chur i gcomparáid le chéile.

(49) Ba cheart malartú faisnéise atá cruinn, éifeachtach agus tapa a bheith ann maidir le táirgí contúirteacha.

(50) Is ríléir go bhfuil córas mearmhalartaithe faisnéise an Aontais (RAPEX) éifeachtach agus éifeachtúil. Is rud é trínar féidir bearta ceartaitheacha a dhéanamh ar fud an Aontais maidir le táirgí a bhfuil riosca ag baint leo, riosca a théann thar chríoch Bhallstáit aonair. Tá sé tráthúil, áfach, an t-ainm giorraithe a úsáidtear a athrú ó RAPEX go dtí an córas *Safety Gate* ar mhaithe le soiléireacht níos fearr agus caidreamh níos fearr a chothú le tomhaltóirí. Is éard atá sa chóras *Safety Gate* córas mear-rabhaidh maidir le táirgí neamhbhia contúirteacha lenar féidir le húdaráis náisiúnta agus leis an gCoimisiún faisnéis a mhalartú maidir le táirgí den sórt sin, tairseach ghréasáin chun an pobal a chur ar an eolas (an córas *Safety Gate*) agus comhéadan chun é a chur ar chumas gnólachtaí a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le húdaráis agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha (an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht).

(51) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt sa chóras *Safety Gate* faoi bhearta ceartaitheacha éigeantacha agus deonacha lena gcuirtear cosc agus srian le táirge a d’fhéadfaí a mhargú, nó lena bhforchuirtear coinníollacha sonrach ar mhargú an táirge sin, mar gheall ar riosca tromchúiseach do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, nó i gcás táirgí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1020, riosca do leasanna poiblí ábhartha eile de chuid na n-úsáideoirí deiridh freisin.

(52) Faoi Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020, ní mór d’údaráis na mBallstát fógra a thabhairt faoi bhearta a glacadh i gcoinne táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán sin, táirgí nach bhfuil riosca chomh tromchúiseach sin ag baint leo, agus an fógra sin a thabhairt tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear san Airteagal céanna, ach is tríd an gcóras *Safety Gate* ba cheart fógra a thabhairt faoi bhearta ceartaitheacha a glacadh in aghaidh táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo nach bhfuil riosca chomh tromchúiseach sin ag baint leo. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis maidir le rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí a bhaineann le táirgí a chur ar fáil don phobal. Tá sé tráthúil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí gur sa chóras *Safety Gate* atá an fhaisnéis ar fad maidir le bearta ceartaitheacha a glacadh i gcoinne táirgí a bhfuil riosca ag baint leo, rud a fhágann gur féidir faisnéis ábhartha

maidir le táirgí contúirteacha a chur ar fáil don phobal tríd an gcóras *Safety Gate*. Dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit fógra a thabhairt sa chóras *Safety Gate* maidir leis na bearta ceartaitheacha ar fad a bhaineann le táirgí a chuireann sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí i mbaol.

(53) I gcás ina mbeidh fógra le tabhairt faoin bhfaisnéis sa chóras faisnéise agus cumarsáide i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, is féidir na fógraí sin a chur isteach go díreach sa Gheata Sábháilteachta, nó is féidir iad a ghiniúint ón gcóras faisnéise agus cumarsáide le haghaidh faireachas margaidh dá bhforáiltear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún an comhéadan a bunaíodh le haghaidh aistriú faisnéise idir an córas faisnéise agus cumarsáide agus an Geata Sábháilteachta a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh, chun iontráil dhúbailte sonraí a sheachaint agus aistriú den sórt sin a éascú.

(54) Ba cheart don Choimisiún tairseach ghréasáin *Safety Gate* a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh, rud a chuirfeadh ar chumas oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le húdaráis um fhaireachas margaidh agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha atá curtha ar an margadh acu nó atá curtha ar fáil ar an margadh acu. Ba cheart go gcuirfeadh an uirlis sin ar chumas oibreoirí eacnamaíocha na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi thionóiscí a tharlaíonn de dheasca táirgí atá curtha ar an margadh acu nó atá curtha ar fáil ar an margadh acu. Ba cheart go gcumasódh sé faisnéis a mhalartú go tapa agus go héifeachtúil idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis náisiúnta, agus go n-éascódh sé d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí.

(55) D'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar gá déileáil le riosca tromchúiseach ar leibhéal an Aontais nuair nach féidir an riosca a smachtú go sásúil trí bhearta arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann nó trí aon nós imeachta eile faoi reachtaíocht an Aontais. D'fhéadfadh sin a bheith i gceist go háirithe i gcás rioscaí nua atá ag teacht chun cinn nó iad sin a bhfuil tionchar acu ar thomhaltóirí leochaileacha. Ar an gcúis sin, is féidir leis an gCoimisiún bearta a ghlacadh as a stuaim féin nó arna iarraidh sin do na Ballstáit. Ba cheart bearta den sórt sin a chur in oiriúint do thromchúis agus do phráinn an cháis. Ina theannta sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le sásra leordhóthanach trína bhféadfadh an Coimisiún bearta idirlinne atá infheidhme ar bhonn láithreach a ghlacadh.

(56) Is ar bhonn measúnú riosca a dhéanann gníomhaithe ábhartha a chinntear an riosca a bhaineann le táirge agus leibhéal an riosca sin. Agus measúnú riosca á dhéanamh acu, d'fhéadfadh na Ballstáit torthaí éagsúla a bhaint amach a mhéid a bhaineann le riosca a bheith ann nó le leibhéal an riosca sin. D'fhéadfadh sé sin feidhmiú ceart an mhargaidh aonair agus cothrom iomaíochta do thomhaltóirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha araon a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart sásra eadrána a chur ar fáil do na Ballstáit, ar bhonn deonach, a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin, tuairim a thabhairt maidir leis an tsaincheist atá faoi dhíospóid.

(57) Feabhsaíonn an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí an comhar idir na Ballstáit maidir le sábháilteacht táirgí a fhorfheidhmiú. Go háirithe, éascaíonn sé gníomhaíochtaí malartaithe faisnéise, eagrú na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha um fhaireachas margaidh, malartú saineolais agus an dea-chleachtas. Ba cheart ionadaíocht chuí a bheith ag an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí agus ba cheart dó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhordúcháin agus comhair de chuid Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1020 nuair

is gá comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an dá Rialachán chun a n-éifeachtacht a áirithiú.

(58) Is féidir le húdaráis um fhaireachais margaidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh le húdaráis nó le heagraíochtaí eile a dhéanann ionadaíocht thar ceann oibreoirí eacnamaíocha nó úsáideoirí deiridh, d'fhonn sábháilteacht táirgí a chur chun cinn agus táirgí contúirteacha a shainaithint, lena n-áirítear iad sin a thairgtear lena ndíol ar líne. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus don Choimisiún a áirithiú, de réir mar is iomchuí, nach gcruthófar staid a d'fhéadfadh an iomaíocht a shaobhadh nó difear a dhéanamh d'oibiachtúlacht, do neamhspleáchas agus do neamhchlaontacht na bpáirtithe mar gheall ar rogha na dtáirgí agus na dtáirgeoirí chomh maith leis na gníomhaíochtaí a dhéantar.

(59) Is é atá i gceist le gníomhaíochtaí rialaithe comhordaithe comhuaineacha ('scuab-imscrúduithe') gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sonracha lena bhféadfar sábháilteacht táirgí a fheabhsú a thuilleadh. Go háirithe, ba cheart scuab-imscrúduithe a dhéanamh i gcás ina dtabharfaidh treochtaí sa mhargadh, gearáin ó thomhaltóirí nó tásca eile le tuiscint gur minic a mheastar go mbaineann riosca tromchúiseach le catagóirí áirithe táirgí.

(60) Le comhéadan poiblí *Safety Gate*, an tairseach *Safety Gate*, is féidir an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus margaí ar líne, a chur ar an eolas faoi bhearta ceartaitheacha a dhéantar i gcoinne táirgí contúirteacha atá ar mhargadh an Aontais. Le roinn ar leith den tairseach *Safety Gate*, cuirtear ar chumas tomhaltóirí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi tháirgí atá ar fáil ar an margadh ar táirgí iad a bhfuil riosca ag baint leo do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí. I gcás inarb ábhartha, ba cheart don Choimisiún bearta leantacha leordhóthanacha a dhéanamh, go háirithe tríd an bhfaisnéis sin a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta lena mbaineann.

(61) Agus faisnéis maidir le sábháilteacht táirgí á cur ar fáil don phobal, ba cheart rúndacht ghairmiúil, rud dá dtagraítear in Airteagal 339 den Chonradh, a chosaint ar bhealach atá comhoiriúnach leis an ngá atá le héifeachtacht na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh agus na mbeart cosanta a áirithiú.

(62) I gcás inar léir go bhfuil táirge a díoladh le tomhaltóirí cheana féin contúirteach, d'fhéadfadh sé gur ghá é a aisghairm chun tomhaltóirí san Aontas a chosaint. D'fhéadfadh sé nach mbeadh tomhaltóirí ar an eolas go bhfuil táirge aisghairthe acu. D'fhonn cur le héifeachtacht i dtaca le haisghairm táirgí, tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh rochtain níos fearr ann ar na tomhaltóirí lena mbaineann. Is é teagmháil dhíreach an modh is éifeachtaí chun feasacht na dtomhaltóirí a mhéadú maidir le haisghairmeacha agus chun gníomhaíocht a spreagadh. Is é an bealach cumarsáide is fearr le tomhaltóirí é freisin ar fud gach grúpa tomhaltóirí. Chun sábháilteacht na dtomhaltóirí a áirithiú, tá sé tábhachtach iad a chur ar an eolas ar bhealach tapa iontaofa. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, na sonraí custaiméirí atá ar fáil dóibh a úsáid chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha agus rabhaidh shábháilteachta a bhaineann le táirgí a cheannaigh siad. Dá bhrí sin, tá gá le hoibleagáid dhlíthiúil chun é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as aon sonraí custaiméirí atá ar fáil dóibh cheana féin chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha agus faoi rabhaidh shábháilteachta. I ndáil leis sin, áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha go bhféadfar teagmháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí i gcás aisghairme nó rabhadh sábháilteachta a dhéanfaidh difear dóibh trí

bhíthin cláir dhílseachta do chustaiméirí agus córais cláraithe táirgí, ar córais iad trína n-iarrtar ar chustaiméirí, tar éis dóibh táirge a cheannach, roinnt faisnéise amhail a n-ainm, a bhfaisnéis teagmhála, samhail an táirge nó an tsraithuimhir a chur in iúl don mhonaróir ar bhonn deonach.

(63) Leanann an tríú cuid de thomhaltóirí de bheith ag úsáid táirgí contúirteacha d'ainneoin fógra aisghairme a bheith feicthe acu, go háirithe toisc go ndéantar fógraí aisghairme a dhréachtú ar bhealach casta nó go ndéantar an baol atá i gceist a íoslaghdú. Dá bhrí sin, ba cheart don fhógra aisghairme a bheith soiléir, trédhearcach agus ba cheart dó tuairisc soiléir a dhéanamh ar an riosca atá i gceist, agus aon téarma, nath nó eilimint eile a sheachaint más amhlaidh go bhféadfadh sé an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an mbaol a laghdú. Ba cheart do thomhaltóirí a bheith in ann tuilleadh faisnéise a fháil freisin, más gá, trí uimhir theileafóin saor in aisce nó trí mhodh idirghníomhach eile.

(64) D'fhonn tomhaltóirí a spreagadh chun freagairt d'aisghairmeacha, tá sé tábhachtach freisin go mbeadh an ghníomhaíocht is gá do thomhaltóirí a dhéanamh chomh simplí agus is féidir agus go mbeidh na leigheasanna a thairgtear éifeachtach, saor ó chostas agus tráthúil. Le Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], cuirtear na leigheasanna conarthacha ar fáil do na tomhaltóirí ar leigheasanna iad le haghaidh easpa comhréireachta i ndáil le hearraí a bhí ann tráth an tseachadta agus ar léir í a bheith ann laistigh den tréimhse dhliteanais. Ba cheart don oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an aisghairm leigheasanna den chineál céanna a chur ar fáil don tomhaltóir.

(65) D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach an cheanglais sábháilteachta ghinearálta a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú, tá sé tábhachtach go mbainfear úsáid as caighdeáin Eorpacha a chumhdaíonn táirgí agus rioscaí áirithe sa chaoi gur i gcás táirge a chomhlíonann caighdeán Eorpach den chineál sin, a bhfuil a thagairt foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar é a bheith i gcomhréir leis an gceanglas sin.

(66) I gcás ina n-aithneoidh an Coimisiún go bhfuil gá le caighdeán Eorpach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí áirithe ceanglas sábháilteachta ginearálta an Rialacháin seo, ba cheart dó forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] a chur i bhfeidhm, chun a iarraidh ar an dóigh sin ar eagraíocht Eorpach um chaighdeánú amháin nó níos mó caighdeán a dhréachtú nó a shainaithint, caighdeán a bheadh oiriúnach lena áirithiú go measfaí táirgí a mbeadh sé á chomhlíonadh acu a bheith sábháilte.

(67) Ba cheart forálacha áirithe de Rialachán (AE) 1025/2012 a leasú chun sainiúlachtaí an Rialacháin seo a chur san áireamh, agus go háirithe an gá atá ann leis na ceanglais shonracha sábháilteachta faoin Rialachán seo a shainiú sula seolfar an iarraidh chuig an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú.

---

32 Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22. 5. 2019, lch. 28).

33 Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14. 11. 2012, lch. 12).

(68) Mar aon le hoiriúnú Rialachán (AE) 1025/2012, ba cheart nós imeachta sonrach a thabhairt isteach chun na ceanglais sábháilteachta shonracha a ghlacadh le cúnamh ón gCoiste speisialaithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

(69) Caighdeáin Eorpacha a bhfuil a dtagairtí foilsithe i gcomhréir le Treoir 2001/95/CE, ba cheart go leanfaidís de thoimhde comhréireachta a thabhairt i ndáil leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar amach sa Rialachán seo. Iarrataí ar chaighdeánú arna n-eisiúint ag an gCoimisiún i gcomhréir le Treoir 2001/95/CE, ba cheart iad a mheas ina n-iarrataí ar chaighdeánú arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(70) Ba cheart an deis a bheith ag an Aontas comhoibriú le húdaráis rialála tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi chuimsiú comhaontuithe a cuireadh i gcrích idir an Coimisiún agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus ba cheart an deis a bheith ag an Aontas faisnéis a bhaineann le sábháilteacht táirgí a mhalartú leo sin. Ba cheart don chomhar sin agus don mhalartú faisnéise sin rialacha an Aontais maidir le rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta a urramú.

(71) Chun oibreoirí eacnamaíocha agus margaí ar líne a dhíspreagadh go héifeachtach ionas nach gcuirfidh siad táirgí contúirteacha ar an margadh, ba cheart do na pionóis a bheith in oiriúint don chineál sáraithe, don leas a d'fhéadadh an t-oibreoir eacnamaíoch nó an margadh ar líne a bhaint as, agus do chineál agus do thromchúis na díobhála a bhain don tomhaltóir. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach leibhéal aonchineálach na bpionós a bheith ann chun cothrom iomaíochta a áirithiú, sa dóigh nach ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha nó margaí ar líne formhór a ngníomhaíochtaí i gcríocha ina bhfuil leibhéal na bpionós níos ísle.

(72) Agus pionóis á bhforchur, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe atá i gceist. Ba cheart forchur na bpionós a bheith comhréireach agus ba cheart dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na coimircí nós imeachta is infheidhme agus na prionsabail i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

(73) D'fhonn chur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí na bpionós a éascú, ba cheart critéir choiteanna neamh-uileghabhálacha táscacha maidir le cur i bhfeidhm pionós a chur san áireamh. Ba cheart a chur san áireamh sna critéir sin fad nó éifeachtaí ama an tsáraithe, mar aon lena chineál agus a thromchúis, go háirithe an leibhéal riosca don tomhaltóir. Sárú leantach ag an aon déantóir amháin, is fianaise é ar an gclaonadh atá ag an déantóir sáruithe den sórt sin a dhéanamh agus, dá bhrí sin, is léiriú suntasach é ar thromchúis an iompair agus, dá réir sin, ar an ngá atá ann le leibhéal an phionóis a mhéadú ar mhaithe le díspreagadh éifeachtach a bhaint amach. Na tairbhí airgeadais a gnóthaíodh mar gheall ar an sárú, sin nó na caillteanais a seachnaíodh, ba cheart iad a chur san áireamh, má bhíonn na sonraí ábhartha ar fáil. Ba cheart tosca géaraitheacha nó maolaitheacha eile is infheidhme maidir le himthosca an cháis a chur san áireamh freisin.

(74) D'fhonn comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú, ba cheart a chur san áireamh liosta de na sáruithe sin ba cheart a bheith faoi réir pionós.

(75) Ba cheart éifeacht dhíspreagthach na bpionós a threisiú tríd an bhféidearthacht an fhaisnéis a bhaineann leis na pionóis arna bhforchur ag na Ballstáit a fhoilsiú. I gcás ina ngearrfar na pionóis sin ar dhaoine nádúrtha nó i gcás ina mbeidh sonraí pearsanta iontu, féadfar iad a fhoilsiú ar bhealach a chomhlíonann na ceanglais maidir le cosaint sonraí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus

ón gComhairle[34] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. An tuarascáil bhliantúil maidir leis na pionóis a ghearrann na Ballstáit, ba cheart go gcuirfeadh sí le cothrom iomaíochta agus le cosc a chur le sáruithe a dhéantar arís agus arís eile. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart na cásanna a shonrú nár cheart foilsiú a dhéanamh ina leith. Maidir le daoine nádúrtha, níor cheart sonraí pearsanta a fhoilsiú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla a mbeidh bonn cirt leo de bharr thromchúis an tsáraithe, mar shampla i gcás inar forchuireadh pionós ar oibreoir eacnamaíoch a sainaithníonn a ainm duine nádúrtha agus gur mhainnigh an t-oibreoir eacnamaíoch sin arís agus arís eile an ceanglas ginearálta maidir le sábháilteacht táirge a chomhlíonadh.

(76) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais sábháilteachta shonracha a ghlacadh, na táscairí aischur a chinneadh ar ina leith sin is gá do na Ballstáit sonraí a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur in iúl, na modúlachtaí agus na nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú maidir le bearta a cuireadh in iúl tríd an tairseach *Safety Gate* agus critéir chun leibhéal an riosca a mheasúnú, bearta a dhéanamh a mhéid a bhaineann le táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo, na modúlachtaí a ghlacadh maidir le seoladh faisnéise ó thomhaltóirí chuig an gcóras *Safety Gate*, na ceanglais a leagan amach maidir le clárú táirgí chun críoch aisghairme agus an teimpléad le haghaidh fógra aisghairme a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36].

(77) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcás ina mbeidh bonn cirt cuí leis agus nuair is gá sin, i ndáil le sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí, ar mhórchúiseanna práinne.

(78) Chun ardleibhéal sláinte agus sábháilteachta do thomhaltóirí a choinneáil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le sainaithint agus inrianaitheacht táirgí a bhféadfadh riosca tromchúiseach a bheith ag baint leo do shláinte agus do shábháilteacht. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[37]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an

---

[34] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[36] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[37] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(79) Cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ardleibhéal comhsheasmhach cosanta sláinte agus sábháilteachta tomhaltóirí a áirithiú, agus aontacht an mhargaidh aonair a chaomhnú san am céanna, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach i bhfianaise an ghá atá ann le hardleibhéal comhair agus gníomhaíochta comhleanúnaí idir údaráis inniúla na mBallstát agus le sásra chun faisnéis a mhalartú go tapa agus go héifeachtúil faoi tháirgí contúirteacha san Aontas, ach gur fearr is féidir, de bharr chineál uile-Aontais na faidhbe, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(80) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta chun críoch an Rialacháin seo a bheith i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725. I gcás ina dtuairisceoidh tomhaltóirí táirge sa chóras *Safety Gate*, ní stórálfar ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach chun an táirge contúirteach a thuairisciú agus ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana tar éis na sonraí sin a ionchódú. Níor cheart do mhonaróirí agus d'allmhaireoirí an clár de ghearáin ó thomhaltóirí a choimeád ach amháin fad is gá chun críoch an Rialacháin seo. Ba cheart do mhonaróirí agus d'allmhaireoirí, nuair is daoine nádúrtha iad, a n-ainmneacha a nochtadh chun a áirithiú go bhfuil an tomhaltóir in ann an táirge a shainaithint chun críche inrianaitheachta.

(81) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an XX XXXX[38].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Is Rialachán é seo a leagann síos rialacha riachtanacha maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh.

*Airteagal 2*

**Raon Feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí a shainmhínítear in Airteagal 3(1), ar táirgí iad a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an

[38] …

margadh, a mhéid nach ann d'aon fhoráil shonrach a bhfuil an cuspóir céanna aici i rialacha dhlí an Aontais, foráil lena rialaítear sábháilteacht na dtáirgí lena mbaineann.

I gcás ina mbeidh táirgí faoi réir ceanglais sábháilteachta shonracha arna bhforchur le reachtaíocht an Aontais, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir leis na gnéithe agus na rioscaí nó le catagóirí na rioscaí nach gcumhdaítear leis na ceanglais sin.

Go háirithe, a mhéid a bhaineann le táirgí atá faoi réir ceanglais shonracha arna bhforchur le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú mar a shainmhínítear in Airteagal 3(25) í,

(a) ní bheidh feidhm ag Caibidil II a mhéid a bhaineann leis na rioscaí nó le catagóirí na rioscaí a chumhdaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú;

(b) ní bheidh feidhm ag Caibidil III, Roinn 1, Caibidlí V ná VII, ná Caibidlí IX go XI.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) táirgí íocshláinte lena n-úsáid an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta;

(b) bia;

(c) beatha;

(d) plandaí agus ainmhithe beo, orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus micrea-orgánaigh ghéinmhodhnaithe in úsáid shrianta, chomh maith le táirgí plandaí agus ainmhithe a bhaineann go díreach lena n-atáirgeadh amach anseo;

(e) seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe;

(f) táirgí cosanta plandaí;

(g) trealamh a iompraíonn tomhaltóirí nó a dtaistealaíonn siad air, ar trealamh é a oibríonn soláthraí seirbhíse i gcomhthéacs seirbhíse a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí;

(h) aerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (d) de Rialachán 2018/1139;

(i) seandachtaí.

3. Is Rialachán é seo a mbeidh feidhm aige maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh, bíodh siad nua, úsáidte, deisithe nó athchóirithe. Ní bheidh feidhm aige maidir le táirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh ar táirgí iad atá le deisiú nó le hathchóiriú sula n-úsáidfear iad.

4. Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha arna leagan síos ag dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí.

5. Cuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn ‘táirge’ aon ítim, í idirnasctha nó gan í a bheith idirnasctha le hítimí eile, a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil, bíodh sin ar íocaíocht nó ná bíodh, i rith gníomhaíocht tráchtála, lena n-áirítear i gcomhthéacs seirbhís a sholáthar – ar ítim í atá beartaithe do thomhaltóirí, sin nó a d’fhéadfadh tomhaltóirí a úsáid, faoi dhálaí a mbeifí ag súil go réasúnta leo, fiú mura bhfuil sí beartaithe dóibh;

2. ciallaíonn ‘táirge sábháilte’ aon táirge nach mbíonn riosca ag baint leis, faoi ghnáthdhálaí úsáide nó mí-úsáide, sin nó faoi dhálaí úsáide nó mí-úsáide a mbeifí ag súil go réasúnta leo, lena n-áirítear le linn fad úsáide iarbhír an táirge, sin nó nach mbíonn ach na rioscaí is lú ag baint lena úsáid, ar rioscaí iad a mheastar a bheith inghlactha agus ag teacht le hardleibhéal cosanta maidir le sláinte agus sábháilteachta na dtomhaltóirí;

3. ciallaíonn ‘táirge contúirteach’ aon táirge nach bhfuil i gcomhréir leis an sainmhíniú ar ‘táirge sábháilte’;

4. ciallaíonn ‘riosca’ an dóchúlacht go dtarlódh guais lena ndéanfaí díobháil i gcomhcheangal lena thromchúisí a bheadh an díobháil sin;

5. ciallaíonn ‘riosca tromchúiseach’ riosca a mheastar a bhfuil idirghabháil mhear ó na húdaráis um fhaireachas margaidh ag teastáil ina leith, bunaithe ar mheasúnú riosca agus ag cur san áireamh gnáthúsáid agus úsáid bheartaithe an táirge, de dheasca na dóchúlachta go dtarlódh guais lena ndéanfaí díobháil i gcomhcheangal lena thromchúisí a bheadh an díobháil sin, lena n-áirítear cásanna nach mbíonn éifeachtaí láithreacha ag an riosca;

6. ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ táirge a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

7. ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

8. ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a dhéanann táirge den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge sin, faoina ainm nó faoina thrádmharc;

9. ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir le gníomhú thar ceann an mhonaróra sin maidir le cúraimí sonraithe;

10. ciallaíonn ‘allmhaireoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

11. ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, ar duine é a chuireann táirge áirithe ar fáil ar an margadh;

12. ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse comhlíonta’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairgeann, le linn gníomhaíocht tráchtála, dhá cheann ar a laghad de na seirbhísí seo a leanas: trádstóráil, pacáistiú, seolachán agus seoladh, gan úinéireacht a bheith aige ar na táirgí lena mbaineann, seachas i gcás na seirbhísí poist mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe 1 de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle[39], seirbhísí seachadta beartán mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe 2 de Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], agus aon seirbhís poist nó seirbhís iompair lastais eile;

13. ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an soláthraí seirbhíse comhlíonta nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil leis na táirgí a mhonarú agus iad a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán seo;

14. ciallaíonn ‘margadh ar líne’ soláthraí seirbhíse idirmheánach a úsáideann bogearraí, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin nó feidhmchlár, seirbhís a oibríonn trádálaí nó a oibrítear thar a cheann, trínar féidir le tomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le trádálaithe nó tomhaltóirí eile chun na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a dhíol;

15. ciallaíonn ‘comhéadan ar líne’ aon bhogearra, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin nó feidhmchlár, a oibríonn oibreoir eacnamaíoch nó a oibrítear thar a cheann, lena dtugtar rochtain d’úsáideoirí deiridh ar tháirgí an oibreora eacnamaíoch;

16. ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chónaí san Aontas nó atá bunaithe ann, ar cuireadh táirge ar fáil dó i gcáil tomhaltóra lasmuigh d’aon trádáil, gnó, ceird nó gairm, nó i gcáil úsáideoir deiridh gairmiúil i rith a chuid gníomhaíochtaí tionsclaíocha nó gairmiúla;

17. ciallaíonn ‘caighdeán Eorpach’ caighdeán Eorpach mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(1), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

18. ciallaíonn ‘caighdeán idirnáisiúnta’ caighdeán idirnáisiúnta mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

19. ciallaíonn ‘caighdeán náisiúnta’ caighdeán náisiúnta mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

20. ciallaíonn ‘eagraíocht Eorpach um chaighdeánú’ eagraíocht Eorpach um chaighdeánú mar a liostaítear í in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

21. ciallaíonn ‘faireachas margaidh’ na gníomhaíochtaí agus na bearta a dhéanann na húdaráis um fhaireachas margaidh chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo;

22. ciallaíonn ‘údarás um fhaireachas margaidh’ údarás atá ainmnithe ag Ballstát faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/1020 le bheith freagrach as an bhfaireachas margaidh a eagrú agus a dhéanamh ar chríoch an Bhallstáit sin;

23. ciallaíonn ‘aisghairm’ aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige táirge a cuireadh ar fáil cheana féin don tomhaltóir a fháil ar ais;

24. ciallaíonn ‘tarraingt siar’ aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige cosc a chur le táirge sa slabhra soláthair a chur ar fáil ar an margadh;

---

[39] Directive 97/67/EC of the European Parliament and of the Council of 15 December 1997 on common rules for the development of the internal market of Community postal services and the improvement of quality of service (OJ L 15, 21. 1. 1998, lch 14).

[40] Regulation (EU) 2018/644 of the European Parliament and of the Council of 18 April 2018 on cross-border parcel delivery services (OJ L 112, 2. 5. 2018, lch 19).

25. ciallaíonn ‘reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú’ reachtaíocht an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1020 agus aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena ndéantar na coinníollacha maidir le margú táirgí a chomhchuibhiú, ar táirgí iad a bhfuil feidhm ag an Rialachán sin ina leith.

*Airteagal 4*

**Ciandíolacháin**

1. Táirgí a thairgtear lena ndíol ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíolacháin, measfar go bhfuil siad curtha ar fáil ar an margadh má tá an tairiscint dírithe ar thomhaltóirí san Aontas. Measfar go bhfuil tairiscint díolacháin dírithe ar thomhaltóirí san Aontas má dhíríonn an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha a chuid gníomhaíochtaí, ar aon bhealach, ar Bhallstát amháin nó níos mó.

2. Chun a chinneadh an bhfuil tairiscint á díriú ar thomhaltóirí san Aontas, cuirfear san áireamh na critéir neamh-uileghabhálacha seo a leanas:

   (a) teanga oifigiúil nó airgeadra oifigiúil de chuid na mBallstát a bheith in úsáid,

   (b) ainm fearainn a bheith cláraithe i gceann de na Ballstáit,

   (c) na limistéir gheografacha ar féidir na táirgí a sheoladh chucu.

# CAIBIDIL II

# Ceanglais sábháilteachta

*Airteagal 5*

**Ceanglas sábháilteachta ginearálta**

Na táirgí a chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar mhargadh an Aontais nó a chuirfidh siad ar fáil ar mhargadh an Aontais, is táirgí sábháilte amháin a bheidh iontu.

*Airteagal 6*

**Toimhde na sábháilteachta**

1. Chun críoch an Rialacháin seo, toimhdeofar táirge a bheith i gcomhréir leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 sna cásanna seo a leanas:

   (a) if it conforms to relevant European standards or parts thereof as far as the risks and risk categories covered are concerned, the references of which have been published in the *Official Journal of the European Union* in accordance with Article 10(7) of Regulation (EU) 1025/2012;

   (b) in éagmais na gcaighdeán Eorpach dá dtagraítear i bpointe (a), a mhéid a bhaineann leis na rioscaí atá cumhdaithe ag na ceanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar síos i ndlí an Bhallstáit ina gcuirtear an táirge ar fáil ar an margadh, más rud é go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta sin.

2. Na táirgí atá i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na ceanglais sábháilteachta shonracha atá ag teastáil chun go n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na táirgí sin an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5. Déanfar na gníomhartha cur

chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3).

3. Mar sin féin, toimhde na sábháilteachta faoi mhír 1, ní choiscfidh sí na húdaráis um fhaireachas margaidh ar ghníomhaíocht a dhéanamh faoin Rialachán seo i gcás ina bhfuil fianaise ann, d'ainneoin na comhréireachta sin, go bhfuil an táirge contúirteach.

*Airteagal 7*

**Gnéithe a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht táirgí**

1. I gcás nach bhfuil feidhm ag toimhde na sábháilteachta a leagtar síos in Airteagal 5, cuirfear san áireamh na gnéithe seo a leanas, go háirithe nuair a bheidh measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht an táirge:

(a) saintréithe an táirge, lena n-áirítear a dhearadh, a ghnéithe teicniúla, a chomhdhéanamh, a phacáistíocht, na treoracha maidir lena chóimeáil agus, i gcás inarb infheidhme, lena shuiteáil agus a chothabháil;

(b) an éifeacht ar tháirgí eile, i gcás a mbeifí ag súil go réasúnta leis go mbeidh an táirge sin in úsáid le táirgí eile, lena n-áirítear idirnascadh na dtáirgí le chéile;

(c) an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag táirgí eile ar an táirge a bhfuil measúnú le déanamh air, lena n-áirítear éifeacht na n-ítimí neamhleabaithe atá ceaptha le hoibriú táirge eile a chinneadh, a athrú nó a chomhlánú, táirge a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ar éifeachtaí iad nach mór a chur san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar shábháilteacht an táirge eile sin;

(d) an chaoi a gcuirtear an táirge i láthair, an lipéadú, aon rabhadh agus treoir le haghaidh a úsáide agus a dhiúscartha sábháilte agus aon tásc nó faisnéis eile maidir leis an táirge;

(e) catagóirí na dtomhaltóirí a bheadh i mbaol agus an táirge á úsáid, go háirithe tomhaltóirí leochaileacha amhail leanaí, seanóirí agus daoine atá faoi mhíchumas;

(f) cuma an táirge, agus go háirithe i gcás táirge, cé nach bia-ábhar é, a bhfuil cuma bia-ábhar air agus a bhféadfaí é a thabhairt in amhlachas bia-ábhair mar gheall ar a fhoirm, boladh, dath, cuma, pacáistíocht, lipéadú, toirt, méid nó saintréithe eile;

(g) más cosúil le rud a aithnítear go coitianta mar rud atá tarraingteach do leanaí nó rud atá ceaptha lena úsáid ag leanaí é an táirge i ngeall ar a dhearadh, a phacáistíocht nó a shaintréithe, cé nach bhfuil sé deartha ná ceaptha lena úsáid ag leanaí;

(h) na gnéithe cibearshlándála is iomchuí atá ag teastáil chun an táirge a chosaint ar thionchar seachtrach, lena n-áirítear tríú páirtithe mailíseacha, i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfadh an tionchar sin difear do shábháilteacht an táirge;

(i) feidhmiúlachtaí éabhlóideacha, foghlama agus réamh-mheasta an táirge.

2. Ní bheidh an fhéidearthacht leibhéil níos airde sábháilteachta a bhaint amach nó fáil a bheith ar tháirgí eile ar lú an riosca a ghabhann leo mar fhoras lena mheas nach bhfuil an táirge sábháilte.

3. Chun críoch mhír 1, agus measúnú á dhéanamh ar shábháilteacht an táirge, cuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh, nuair atá siad ar fáil, go háirithe:

(a) caighdeáin Eorpacha seachas na cinn a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 10(7) de Rialachán (AE) 1025/2012;

(b) caighdeáin idirnáisiúnta;

(c) comhaontuithe idirnáisiúnta;

(d) scéimeanna deimhniúcháin deonacha nó creata tríú páirtí um measúnú comhréireachta den chineál céanna, go háirithe na cinn atá ceaptha chun tacú le reachtaíocht an Aontais;

(e) moltaí nó treoirlínte ón gCoimisiún maidir le measúnú ar shábháilteacht táirgí;

(f) caighdeáin náisiúnta arna dtarraingt suas sa Bhallstát ina gcuirtear an táirge ar fáil;

(g) staid na healaíne agus na teicneolaíochta, lena n-áirítear tuairimí ó chomhlachtaí eolaíocha aitheanta agus ó choistí saineolaithe;

(h) cóid dea-chleachtais i ndáil le sábháilteacht táirgí atá i bhfeidhm san earnáil lena mbaineann;

(i) ionchais réasúnta tomhaltóirí i dtaca le sábháilteacht;

(j) na ceanglais sábháilteachta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(2).

# CAIBIDIL III

# Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha

# Roinn 1

*Airteagal 8*

**Oibleagáidí na monaróirí**

1. Nuair a chuirfidh siad a dtáirgí ar an margadh, áiritheoidh na monaróirí gur dearadh agus gur monaraíodh na táirgí sin i gcomhréir leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5.

2. Déanfaidh monaróirí imscrúdú ar na gearáin a fhaightear maidir le táirgí a chuir siad ar fáil ar an margadh, ar táirgí iad arna sainaithint mar tháirgí contúirteacha ag an ngearánach, agus coimeádfaidh siad clár de na gearáin sin mar aon leis na haisghairmeacha táirgí.

Cuirfidh monaróirí bealaí teagmhála ar fáil do thomhaltóirí go poiblí amhail uimhir theileafóin, seoladh leictreonach nó roinn thiomnaithe ar a suíomh gréasáin lenar féidir le tomhaltóirí gearáin a dhéanamh agus na monaróirí a chur ar an eolas faoi aon tionóisc ar bhain dóibh i ngeall ar an táirge nó aon fhadhb sábháilteachta a bhfuil acu leis.

Ní stórálfar i gclár na ngearán ach amháin na sonraí pearsanta is gá chun gur féidir leis an allmhaireoir imscrúdú a dhéanamh ar an ngéarán faoin táirge a líomhnaítear

gur táirge contúirteach atá ann. Ní choinneofar na sonraí sin ach chomh fada agus is gá chun críoch an imscrúdaithe agus ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana tar éis iad a ionchódú.

3. Dáileoirí, allmhaireoirí, agus margaí ar líne sa slabhra soláthair lena mbaineann, coinneoidh monaróirí ar an eolas iad faoi aon fhadhb sábháilteachta arna sainaithint acu.

4. Déanfaidh monaróirí doiciméadacht theicniúil an táirge a tharraingt suas. Is éard a bheidh sa doiciméadacht theicniúil, de réir mar is iomchuí:

(a) tuairisc ghinearálta ar an táirge agus a n-airíonna riachtanacha atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht an táirge;

(b) anailís ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an táirge agus na réitigh a glacadh chun deireadh a chur leis na rioscaí sin nó chun iad a mhaolú, lena n-áirítear toradh aon tástálacha a rinne an monaróir nó páirtí eile thar a cheann;

(c) liosta de na caighdeáin Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe a, nó de na heilimintí eile dá dtagraítear in Airteagal 7(3), arna gcur i bhfeidhm chun an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 a chomhlíonadh.

I gcás nach gcuirfear aon cheann de na caighdeáin Eorpacha, nó na ceanglais sláinte agus sábháilteachta nó na heilimintí eile dá dtagraítear in Airteagal 7(3) i bhfeidhm ach go páirteach, déanfar na codanna a cuireadh i bhfeidhm a shainaithint.

5. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an táirge a chur ar an margadh, agus cuirfidh siad ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh í ach a n-iarrfar sin orthu.

6. Áiritheoidh monaróirí go léireofar ar a dtáirgí uimhir chineáil, baiscuimhir, nó uimhir sraithe, nó eilimint eile lena sainaithneofar iad, agus a bheidh sofheicthe agus soléite do thomhaltóirí, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh de dheasca mhéid nó nádúr an táirge, áiritheoidh monaróirí go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

7. Is éard a léireoidh monaróirí ar an táirge, a n-ainm nó a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, agus a seoladh poist agus a seoladh leictreonach teagmhála, nó i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, is ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge a léireofar iad. Ní mór aon phointe teagmhála amháin don mhonaróir a bheith luaite leis an seoladh.

8. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil lena dtáirge i dteanga atá sothuigthe ag tomhaltóirí, teanga arna cinneadh de réir an Bhallstáit ina gcuirtear an táirge ar fáil. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas seo i gcás inar féidir an táirge a úsáid go sábháilte agus de réir mar a bhí beartaithe ag an monaróir gan na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta sin.

9. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm le go bhfanfaidh an táirgeadh srathach i gcomhréir leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5.

10. Na monaróirí a mheasann nó a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, ar bhonn na faisnéise atá acu, nach táirge sábháilte é an táirge a chuir siad ar an margadh, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá gan mhoill chun an táirge a thabhairt chun

comhréireachta, lena n-áirítear é a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí.

11. Tabharfaidh na monaróirí foláireamh do thomhaltóirí gan mhoill, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht dá dtagraítear in Airteagal 25, maidir leis an riosca dá sláinte agus dá sábháilteacht a bhaineann le táirge a mhonaraíonn siad, agus cuirfidh siad an méid sin in iúl gan mhoill do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit inar cuireadh an táirge ar fáil, agus tabharfaidh siad mionsonraí go háirithe maidir leis an riosca do sláinte agus do shábháilteacht na dtomhaltóirí agus maidir le haon bheart ceartaitheach a rinneadh cheana.

*Airteagal 9*

**Oibleagáidí na n-ionadaithe údaraithe**

1. Féadfaidh monaróir, trí bhíthin sainordú i scríbhinn, ionadaí údaraithe a cheapadh.

2. Cuirfidh an t-ionadaí údaraithe na cúraimí a shonrófar sa sainordú ón monaróir i gcrích. Is rud é an sainordú a ligfidh don ionadaí údaraithe na cúraimí seo a leanas, ar a laghad, a chur i gcrích:

   (a) an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun sábháilteacht an táirge a léiriú, é sin a chur ar fáil don údarás um fhaireachas margaidh, i dteanga oifigiúil ar féidir leis a thuiscint, ach a n-iarrfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh sin go réasúnta;

   (b) i gcás ina mbeidh cúis aige lena chreidiúint go mbaineann riosca leis an táirge i dtrácht, an monaróir a chur ar an eolas faoi sin;

   (c) comhoibriú leis na húdaráis inniúla náisiúnta, ach a n-iarrfaidh siad sin, maidir le haon bheart a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann leis na táirgí a chumhdaítear lena sainordú.

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí na n-allmhaireoirí**

1. Sula gcuirfidh siad táirge ar an margadh, áiritheoidh allmhaireoirí go bhfuil an táirge i gcomhréir leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar amach in Airteagal 5 agus gur chomhlíon an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 (4), (6) agus (7).

2. I gcás ina measfaidh allmhaireoir nó i gcás ina mbeidh cúis aige lena chreidiúint nach bhfuil táirge i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 8(4), (6) agus (7), ní chuirfidh sé an táirge ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás nach sábháilte an táirge, cuirfidh an t-allmhaireoir an monaróir ar an eolas faoi sin, agus áiritheoidh sé go bhfuil na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi freisin.

3. Is éard a léireoidh allmhaireoirí ar an táirge, a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, agus a seoladh poist agus a seoladh leictreonach teagmhála, nó i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, is ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge a léireofar iad. Áiritheoidh siad nach mbeidh aon fhaisnéis ar an lipéad arna sholáthar ag an monaróir faoi cheilt ag aon lipéad breise.

4. Áiritheoidh allmhaireoirí go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil lena dtáirge i dteanga atá sothuigthe ag tomhaltóirí, teanga arna cinneadh de réir an

Bhallstáit ina gcuirtear an táirge ar fáil, ach amháin i gcás inar féidir an táirge a úsáid go sábháilte agus de réir mar a bhí beartaithe ag an monaróir gan na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta sin.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad atá táirge faoina bhfreagracht, nach ndéanfaidh dálaí stórála ná iompair dochar dá chomhréireacht leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 ná dá chomhréireacht le hAirteagal 8 (6) agus (7).

6. Déanfaidh allmhaireoirí imscrúdú ar ghearáin maidir le táirgí a chuir siad ar fáil ar an margadh agus déanfaidh siad na gearáin sin mar aon leis na haisghairmeacha táirgí a thaifeadadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, nó ina gcuid clár féin. Coimeádfaidh allmhaireoirí an monaróir agus na dáileoirí ar an eolas faoin imscrúdú a rinneadh agus faoi thorthaí an imscrúdaithe.

Áiritheoidh allmhaireoirí go bhfuil na bealaí cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 8(2), an dara fomhír, ar fáil do thomhaltóirí trínar féidir leo gearáin a dhéanamh agus aon tionóisc a bhain dóibh i ngeall ar an táirge nó aon fhadhb sábháilteachta a bhí acu leis a chur in iúl. Murab ann do na bealaí sin, cuirfidh an t-allmhaireoir ar fáil iad.

Ní stórálfar i gclár na ngearán ach amháin na sonraí pearsanta is gá chun gur féidir leis an allmhaireoir imscrúdú a dhéanamh ar an ngéarán faoin táirge a líomhnaítear gur táirge contúirteach atá ann. Ní choinneofar na sonraí sin ach chomh fada agus is gá chun críoch an imscrúdaithe agus ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana tar éis iad a ionchódú.

7. Comhoibreoidh na hallmhaireoirí leis na húdaráis um fhaireachas margaidh agus leis an monaróir chun a áirithiú go bhfuil táirge sábháilte.

8. Na hallmhaireoirí a mheasann nó a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, ar bhonn na faisnéise atá acu, nach táirge sábháilte é an táirge a chuir siad ar an margadh, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá gan mhoill chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta, lena n-áirítear é a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. I gcás nár glacadh na bearta sin cheana, is bearta iad a ghlacfaidh an t-allmhaireoir. Áiritheoidh na hallmhaireoirí go dtabharfar foláireamh do thomhaltóirí gan mhoill agus go héifeachtach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht dá dtagraítear in Airteagal 25, maidir leis an riosca, i gcás inarb infheidhme, agus go gcuirfear an méid sin in iúl gan mhoill do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit inar chuir siad an táirge ar fáil, agus tabharfaidh siad mionsonraí go háirithe maidir leis an riosca do shláinte agus do shábháilteacht na dtomhaltóirí agus maidir le haon bheart a rinneadh cheana.

9. Coimeádfaidh na hallmhaireoirí an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 8(4) ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an táirge a chur ar an margadh, agus cuirfidh siad ar fáil í do na húdaráis um fhaireachas margaidh, ach a n-iarrfar sin orthu.

*Airteagal 11*

**Oibleagáidí na ndáileoirí**

1. Sula gcuirfidh siad táirge ar fáil ar an margadh, fíoróidh dáileoirí gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(6), (7) agus (8) agus in Airteagal 10(3) agus (4), de réir mar is infheidhme.

2. Áiritheoidh dáileoirí, fad atá táirge faoina bhfreagracht, nach ndéanfaidh dálaí stórála ná iompair dochar dá chomhréireacht leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 ná dá chomhréireacht le hAirteagal 8(6), (7) agus (8) agus Airteagal 10(3) agus (4), de réir mar is infheidhme.

3. Dáileoirí a mheasann nó a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, ar bhonn na faisnéise atá acu, nach bhfuil táirge i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear i mír 2, ní chuirfidh siad an táirge sin ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás nach sábháilte an táirge, cuirfidh an dáileoir an méid sin in iúl gan mhoill don mhonaróir nó don allmhaireoir de réir mar is infheidhme, agus áiritheoidh sé, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht dá dtagraítear in Airteagal 25, go bhfuil na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin freisin.

4. Na dáileoirí a mheasann nó a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, ar bhonn na faisnéise a bhfuil acu, nach sábháilte an táirge a chuir siad ar fáil ar an margadh nó nach bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 8(6), (7) agus (8), ná le hAirteagal 10(3) agus (4), de réir mar is infheidhme, áiritheoidh siad go nglacfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta, lena n-áirítear é a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás nach sábháilte an táirge, cuirfidh dáileoirí an méid sin in iúl gan mhoill don mhonaróir nó don allmhaireoir, de réir mar is infheidhme agus áiritheoidh siad, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht dá dtagraítear in Airteagal 25, go bhfuil na húdaráis um fhaireachas margaidh sa Bhallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas faoi sin freisin agus tabharfaidh siad mionsonraí go háirithe faoi na rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh cheana.

*Airteagal 12*

**Cásanna ina mbíonn feidhm ag oibleagáidí na monaróirí maidir le hoibreoirí eacnamaíocha eile**

1. Duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas an monaróir, a dhéanann modhnú substaintiúil ar an táirge, measfar gur monaróir é chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra a leagtar amach in Airteagal 8 maidir leis an gcuid den táirge a ndéanann an modhnú difear di nó maidir leis an táirge ina iomláine má bhíonn tionchar ag an modhnú substaintiúil ar a shábháilteacht.

2. Measfar gur modhnú substaintiúil atá i gceist i gcás ina gcomhlíonfar na trí chritéar seo a leanas:

   (a) is modhnú é a athraíonn feidhmeanna, cineál nó feidhmíocht bheartaithe an táirge ar bhealach nár tuaradh sa mheasúnú riosca a rinneadh ar an táirge i dtús báire;

   (b) athraíodh an cineál guaise atá i gceist nó athraíodh leibhéal an riosca i ngeall ar an modhnú;

   (c) ní athruithe iad a rinne an tomhaltóir le haghaidh a úsáide féin.

*Airteagal 13*

**Próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí**

Áiritheoidh na hoibreoirí eacnamaíocha go bhfuil próisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí i bhfeidhm acu lenar féidir leo an ceanglas sábháilteacht ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 a urramú.

*Airteagal 14*

**Comhar idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis um fhaireachas margaidh**

1. Comhoibreoidh na húdaráis eacnamaíocha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh maidir le bearta lena bhféadfaí deireadh a chur le rioscaí a bhaineann le táirgí a chuireann na hoibreoirí sin ar fáil ar an margadh, sin nó iad a mhaolú.

2. Ach a n-iarrfaidh údarás um fhaireachas margaidh sin, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíocha an fhaisnéis ar fad is gá ar fáil, agus an méid seo a leanas go háirithe:

   (a) tuairisc iomlán ar an riosca a bhaineann leis an táirge;

   (b) tuairisc ar aon bheart ceartaitheach a rinneadh chun dul i ngleic leis an riosca.

3. Ach a n-iarrfar sin, sainaithneoidh na hoibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis seo a leanas agus cuirfidh siad in iúl í:

   (a) aon oibreoir eacnamaíoch a sholáthair an táirge dóibh;

   (b) aon oibreoir eacnamaíoch ar sholáthair siad an táirge dóibh.

4. Beidh oibreoirí eacnamaíocha ábalta an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt ar láimh ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an trátha a soláthraíodh an táirge dóibh agus ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis dóibh an táirge a sholáthar.

5. Áiritheoidh na hoibreoirí eacnamaíocha gur éifeachtach é an beart ceartaitheach a rinneadh ó thaobh deireadh a chur leis na rioscaí nó iad a mhaolú. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn a chur faoina mbráid agus is iad a chinnfidh an amhlaidh atá an beart ceartaitheach curtha i gcrích, sin nó an uair is féidir a mheas go bhfuil sé curtha i gcrích.

*Airteagal 15*

**An duine atá freagrach as táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 4(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/1020 freisin maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Chun críocha an Rialacháin seo, na tagairtí do 'reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú' in Airteagal 4(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairtí iad a léifear mar 'Rialachán [...]'.

2. Sa bhreis ar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/1020, an t-oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020, déanfaidh sé tástáil shamplach go tráthrialta ar tháirgí arna roghnú go randamach, ar táirgí iad a cuireadh ar fáil ar an margadh. Táirgí a cuireadh ar fáil ar an margadh, sa chás go raibh siad faoi réir cinneadh ón gCoimisiún arna ghlacadh faoi Airteagal 26(1) den Rialachán seo, an t-oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020, déanfaidh sé, uair amháin sa bhliain ar a laghad, ar feadh thréimhse iomlán an chinnidh, tástáil shamplach ionadaíoch ar na táirgí a cuireadh ar fáil ar an margadh, táirgí arna roghnú faoi rialú oifigigh bhreithiúnaigh nó aon duine cáilithe eile arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch lonnaithe.

3. Ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe agus sonraí teagmhála an oibreora eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán 2019/1020, lena n-áirítear a sheoladh poist agus a sheoladh leictreonach, is faisnéis í a léireofar ar an táirge, nó ar a phacáistíocht, a bheartán nó ar dhoiciméad a ghabhann leis.

*Airteagal 16*

**Faisnéis d'oibreoirí eacnamaíocha**

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta i bhfeidhm chun faisnéis maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fáil saor in aisce d'oibreoirí eacnamaíocha ach a n-iarrfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha sin.

*Airteagal 17*

**Inrianaitheacht táirgí**

1. I gcás táirgí áirithe, catagóirí nó grúpaí de tháirgí a bhféadfadh riosca tromchúiseach a bheith ag baint leo i ndáil le sláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí, ar bhonn tionóiscí a cláraíodh sa Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, staidreamh ón gcóras Safety Gate, thorthaí na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha i leith sábháilteachta táirgí, sin nó táscairí nó fianaise ábhartha eile, féadfaidh an Coimisiún ceangal a chur ar oibreoirí eacnamaíocha córas inrianaitheachta a bhunú, sin nó cloí le córas den chineál sin, ar oibreoirí eacnamaíocha iad a chuireann na táirgí sin ar an margadh nó a chuireann ar fáil ar an margadh iad.

2. Is éard a bheidh i gceist leis an gcóras inrianaitheachta sonraí a bhailiú agus a stóráil, lena n-áirítear trí mhodh leictreonach, trínar féidir an táirge, a chomhpháirteanna nó na hoibreoirí eacnamaíocha atá bainteach lena shlabhra soláthair a shainaithint, mar aon le modhanna chun na sonraí sin a thaispeáint agus rochtain a thabhairt orthu, lena n-áirítear iompróir sonraí a chur ar an táirge, ar a phacáistíocht nó ar na doiciméid a ghabhann leis.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 41, tríd an méid seo a leanas:

   (a) na táirgí, na catagóirí nó na grúpaí de tháirgí nó comhpháirteanna a chinneadh, ar táirgí nó comhpháirteanna iad a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a bheith ag baint leo maidir le sláinte agus sábháilteacht daoine faoi mar a shonraítear i mír 1. Sonróidh an Coimisiún sna gníomhartha tarmligthe lena mbaineann más amhlaidh a bhain sé úsáid as an modheolaíocht anailíse riosca dá bhforáiltear i gCinneadh (AE) 2019/417 ón gCoimisiún[41], nó i gcás nach iomchuí an mhodheolaíocht sin, tabharfaidh sé tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht a úsáideadh;

   (b) na sonraí a bhaileoidh agus a stórálfaidh oibreoirí eacnamaíocha trí bhíthin an chórais inrianaitheachta dá dtagraítear i mír 2, an cineál sonraí sin a shonrú;

---

41 Commission Implementing Decision (EU) 2019/417 of 8 November 2018 laying down guidelines for the management of the European Union Rapid Information System 'RAPEX' established under Article 12 of Directive 2001/95/EC on general product safety and its notification system (OJ L 73, 15.3.2019, p. 121).

(c) na módúlachtaí chun sonraí a thaispeáint agus chun rochtain a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí iompróir sonraí a chur ar an táirge, a phacáistíocht nó ar na doiciméid a ghabhann leis, rud dá dtagraítear i mír 2.

4. Nuair a bheidh na bearta dá dtagraítear i mír 3 á nglacadh aige, cuirfidh an Coimisiún na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) cost-éifeachtacht na mbeart, lena n-áirítear a dtionchar ar ghnólachtaí, go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide;

(b) a gcomhoiriúnacht leis na córais inrianaitheachta atá ar fáil ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta.

# Roinn 2

*Airteagal 18*

**Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha i ndáil le ciandíolacháin**

I gcás ina gcuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha táirgí ar fáil ar an margadh ar líne nó trí mhodhanna ciandíolacháin eile, léireoidh tairiscint ábhartha an táirge an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad go soiléir agus go feiceálach:

(a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon leis a seoladh poist nó a seoladh leictreonach teagmhála;

(b) i gcás nach bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas: ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh leictreonach an duine fhreagraigh de réir bhrí Airteagal 15(1);

(c) faisnéis lena sainaithnítear an táirge, lena n-áirítear a chineál agus, má tá siad ar fáil, baiscuimhir nó uimhir sraithe nó aon aitheantóir táirge eile;

(d) aon rabhadh nó faisnéis sábháilte atá le greamú ar an táirge nó atá le gabháil leis i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le comhchuibhiú, agus iad i dteanga atá sothuigthe ag tomhaltóirí.

*Airteagal 19*

**Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha i gcás tionóiscí nó fadhbanna sábháilteachta a bhaineann le táirgí**

1. Áiritheoidh an monaróir, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht dá dtagraítear in Airteagal 25, i gcás tionóisc arb é is cúis léi táirge a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh ar fáil ar an margadh, go dtabharfar fógra faoin tionóisc sin do na húdaráis inniúla sa Bhallstát inar tharla an tionóisc. Is éard a bheidh san fhógra cineál agus uimhir aitheantais an táirge mar aon le dálaí na tionóisce más eol sin. Tabharfaidh an monaróir fógra do na húdaráis inniúla faoi aon fhaisnéis eile atá ábhartha, ach a n-iarrfar sin air.

2. Na hallmhaireoirí agus na dáileoirí a bhfuil ar an eolas faoi thionóisc arb é is cúis léi táirge a chuir siad ar an margadh nó a chuir siad ar fáil ar an margadh, cuirfidh siad an monaróir ar an eolas faoi sin, agus is féidir leis an monaróir a ordú don allmhaireoir nó do cheann de na dáileoirí an fógra a thabhairt.

# CAIBIDIL IV

# Margaí ar líne

*Airteagal 20*

**Oibleagáidí sonracha na margaí ar líne a bhaineann le sábháilteacht táirgí**

1. Bunóidh margaí ar líne pointe teagmhála aonair trínar féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na húdaráis um fhaireachas margaidh de chuid na mBallstát maidir le fadhbanna sábháilteachta táirgí, agus go háirithe maidir le horduithe a bhaineann le tairiscintí táirgí contúirteacha.

   Cláróidh margaí ar líne leis an tairseach Safety Gate agus léireoidh siad an fhaisnéis maidir lena bpointe teagmhála aonair sa tairseach.

2. A mhéid a bhaineann leis na cumhachtaí a thugann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/1020, tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht do na húdaráis um fhaireachas margaidh, i ndáil leis na táirgí uile a chumhdaítear leis an Rialachán seo, a ordú do mhargadh ar líne inneachar neamhdhleathach sonrach a thagraíonn do tháirge contúirteacha a bhaint óna chomhéadan ar líne, sin nó rochtain air a dhíchumasú nó rabhadh sainráite a thaispeáint d'úsáideoirí deiridh nuair a gheobhaidh siad rochtain air. Cuimseoidh orduithe den sórt sin ráiteas ar na cúiseanna atá leo agus sonrófar iontu aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne beacht amháin nó níos mó, agus i gcás inar gá, faisnéis bhreise lenar féidir an t-inneachar neamhdhleathach lena mbaineann a shainaithint. Féadfar iad a tharchur trí bhíthin na tairsí Safety Gate.

   Glacfaidh margaí ar líne na bearta is gá chun na horduithe a eisítear i gcomhréir leis an mír seo a fháil agus a phróiseáil. Gníomhóidh siad gan moill mhíchuí de bhun an ordaithe a eisíodh, agus, ar aon chás, laistigh de dhá lá oibre ó fuarthas an t-ordú sa Bhallstát ina bhfuil an margadh ar líne ag oibriú. Cuirfidh siad an t-údarás um fhaireachas margadh a d'eisigh an t-ordú ar an eolas faoin éifeacht a tugadh don ordú trí úsáid a bhaint as sonraí teagmhála an údaráis um fhaireachas margaidh a foilsíodh sa chóras Safety Gate.

3. Tabharfaidh margaí ar líne aird ar fhaisnéis a fhaightear go tráthrialta faoi tháirgí contúirteacha ar thug na húdaráis um fhaireachas margaidh fógra fúthu i gcomhréir le hAirteagal 24, ar faisnéis í a fhaightear tríd an tairseach Safety Gate, d'fhonn a mbearta deonacha a chur i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh inneachar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint, a bhaint nó an rochtain air a dhíchumasú i gcás inarb infheidhme, ar inneachar neamhdhleathach é a thagraíonn do tháirgí contúirteacha atá á dtairiscint ar a margadh ar líne. Cuirfidh siad an t-údarás a thug an fógra sa chóras Safety Gate ar an eolas faoi aon bheart a rinneadh trí úsáid a bhaint as sonraí teagmhála an údaráis um fhaireachas margaidh a foilsíodh sa chóras Safety Gate.

4. Tabharfaidh margaí ar líne freagra iomchuí gan moill mhíchuí, agus ar aon chás, laistigh de chúig lá oibre sa Bhallstát ina bhfuil an margadh ar líne ag oibriú, freagra ar fhógraí a bhaineann le fadhbanna sábháilteachta táirgí agus táirgí contúirteacha, fógraí a fuarthas i gcomhréir le [Airteagal 14] de Rialachán (AE) [.../...] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE.

5. Chun críoch na gceanglas in Airteagal 22(7) de Rialachán [.../...] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, déanfaidh margaí ar líne a gcomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú ar bhealach lenar féidir le trádálaithe an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar i gcomhair gach táirge a thairgtear, agus ar bhealach a áirithíonn go bhfuil sí ar taispeáint, sin nó go bhfuil rochtain éasca ag tomhaltóirí uirthi ar shlí eile ar thairiscint an táirge:

(a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon lena seoladh poist nó lena seoladh leictreonach teagmhála;

(b) i gcás nach bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas: ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh leictreonach an duine fhreagraigh de réir bhrí Airteagal 15(1);

(c) faisnéis lena sainaithnítear an táirge, lena n-áirítear a chineál agus, má tá siad ar fáil, baiscuimhir nó uimhir sraithe nó aon aitheantóir táirge eile;

(d) aon rabhadh nó faisnéis sábháilteachta atá le greamú ar an táirge nó atá le gabháil leis i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le comhchuibhiú, agus iad i dteanga atá sothuigthe ag tomhaltóirí.

6. Comhoibreoidh na margaí ar líne leis na húdaráis um fhaireachas margaidh agus le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha chun éascaíocht a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirge a thairgtear nó a tairgeadh lena dhíol ar líne trína gcuid seirbhísí nó, mura féidir sin a dhéanamh, chun na rioscaí sin a mhaolú. Is éard a bheidh i gceist leis an gcomhar sin go háirithe:

(a) comhoibriú lena áirithiú go n-aisghairfear táirgí ar bhealach éifeachtach, lena n-áirítear trí staonadh ó bhacainní a chur ar aisghairmeacha táirgí;

(b) na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a rinneadh;

(c) comhoibriú leis na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, trí fhaisnéis a mhalartú go tráthrialta agus ar bhealach struchtúrtha maidir leis na tairiscintí a baineadh de na margaí ar líne ar bhonn an Airteagail seo;

(d) rochtain ar a gcomhéadan a cheadú do na huirlisí ar líne a úsáideann na húdaráis um fhaireachas margaidh chun táirgí contúirteacha a shainaithint;

(e) ach a n-iarrfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh sin, nuair atá bacainní teicniúla curtha i bhfeidhm ag na margaí ar líne nó na díoltóirí ar líne roimh shonraí a asbhaint óna gcomhéadan ar líne (camchóipeáil sonraí), é a cheadú do na húdaráis um fhaireachas margaidh na sonraí sin a chamchóipeáil chun críoch sábháilteachta táirgí, ar bhonn paraiméadair aitheantais arna soláthair ag na húdaráis um fhaireachas margaidh a rinne an iarraidh.

## CAIBIDIL V

# Faireachas margaidh agus cur chun feidhme

*Airteagal 21*

**Faireachas Margaidh**

1. Beidh feidhm ag Airteagail 10 go 16, Airteagail 18 agus 19, agus Airteagail 21 go 24 de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

2. Chun críoch an Rialacháin seo, is mar seo a leanas a chuirfear Rialachán (AE) 2019/1020 i bhfeidhm:

   (a) tagairtí do 'reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú' in Airteagail 10 go 16, Airteagail 18 go 19 agus Airteagail 21 go 24 de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairtí iad a léifear mar thagairtí don 'Rialachán seo';

   (b) an tagairt do 'na reachtaíochta sin agus an Rialacháin seo' in Airteagail 11(1), pointe b de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairt í a léifear mar 'Rialachán [...]';

   (c) tagairtí do 'Líonra' in Airteagail 10 go 16, Airteagail 18 go 19 agus Airteagail 21 go 24 de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairtí iad a léifear mar thagairtí don 'Líonra agus an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 28 den Rialachán seo';

   (d) tagairtí do 'neamhchomlíonadh' in Airteagail 10 go 16, Airteagail 18 go 19 agus Airteagail 21 go 24 de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairtí iad a léifear mar thagairtí do 'mainneachtain i gcomhlíonadh an Rialacháin seo';

   (e) an tagairt do 'Airteagal 41' in Airteagal 14(4), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairt í a léifear mar thagairt do 'Airteagal 40 den Rialachán seo';

   (f) an tagairt do 'Airteagal 20' in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/1020, is tagairt í a léifear mar thagairt do 'Airteagal 24 den Rialachán seo'.

3. I gcás ina sainaithneofar táirge contúirteach, tabharfaidh an monaróir le fios, arna n-iarrfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh sin, cé hiad na táirgí eile, táirgí arna dtairgeadh leis an nós imeachta céanna, a bhfuil na comhpháirteanna céanna iontu, nó a bhfuil mar chuid den bhaisc táirgthe ceanna, ar táirgí iad a bhfuil an riosca céanna ag baint leo.

4. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh scéimeanna a bhunú lena ndíreofar ar rialú a dhéanamh ar phróisis inmheánacha maidir le sábháilteacht táirgí arna mbunú ag oibreoirí eacnamaíocha i gcomhréir le hAirteagal 13.

*Airteagal 22*

**Cur chun feidhme**

1. Uair amháin sa bhliain, cuirfidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo in iúl don Choimisiún.

2. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na táscairí aschuir ar ar a mbonn is gá do na Ballstáit na sonraí sin a chur in iúl. Is i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 42(3) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin.

# CAIBIDIL VI

# An Córas Mear-rabhaidh *Safety Gate*

*Airteagal 23*

***Safety Gate***

1. Déanfaidh an Coimisiún córas mear-rabhaidh a fhorbairt agus a chothabháil a thuilleadh chun faisnéis a mhalartú maidir le bearta ceartaitheacha a bhaineann le táirgí contúirteacha ('an córas *Safety Gate*').

2. Beidh rochtain ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar an gcóras *Safety Gate*. Chun na críche sin, ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta aonair a dhéanfaidh na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 24(1) go (6).

*Airteagal 24*

**Fógra a thabhairt tríd an gcóras *Safety Gate* maidir le táirgí a bhfuil riosca ag baint leo**

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra tríd an gcóras *Safety Gate* faoi bhearta ceartaitheacha a ghlac a n-údaráis nó oibreoirí eacnamaíocha:

   (a) ar bhonn fhorálacha an Rialacháin seo i ndáil le táirgí a bhfuil riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí ag baint leo;

   (b) ar bhonn Rialachán (AE) 2019/1020 i ndáil le táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/1020.

2. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt tríd an gcóras *Safety Gate* faoi bhearta ceartaitheacha a ghlac a n-údaráis nó oibreoirí eacnamaíocha ar bhonn fhorálacha reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú agus Rialachán (AE) 2019/1020 i ndáil le táirgí a bhfuil riosca nach bhfuil chomh tromchúiseach ag baint leo.

   Déanfar an fógra a thíolacadh tríd an gcóras *Safety Gate* laistigh de dhá lá oibre ón dáta a ghlacfar an beart ceartaitheach.

3. Tar éis dó fógra a fháil, seiceálfaidh an Coimisiún an gcomhlíonann sé an tAirteagal seo agus na ceanglais a bhaineann le hoibriú an chórais *Safety Gate*, arna sainiú ag an gCoimisiún ar bhonn mhír 7, agus tarchuirfidh sé é chuig na Ballstáit eile más rud é go gcomhlíontar na ceanglais.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill tríd an gcóras *Safety Gate* faoi aon nuashonrú, modhnú nó tarraingt siar ar na bearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír 1.

5. I gcás ina dtabharfaidh Ballstát fógra maidir le bearta ceartaitheacha a rinneadh i ndáil le táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo, tabharfaidh na Ballstáit eile fógra tríd an gcóras *Safety Gate* faoi na bearta agus na gníomhaíochtaí a rinneadh ina dhiaidh sin maidir leis na táirgí céanna agus aon fhaisnéis ábhartha eile, lena

n-áirítear torthaí aon tástála nó anailíse a rinneadh, laistigh de dhá lá oibre ón dáta a ghlacfar na bearta nó na gníomhaíochtaí.

6. Má shainaithníonn an Coimisiún táirgí ar dócha go mbeidh riosca tromchúiseach ag baint leo agus nach bhfuil fógra tugtha ag na Ballstáit ina leith tríd an gcóras *Safety Gate*, cuirfidh sé é sin in iúl do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit na fíoruithe iomchuí agus, má ghlacann siad bearta, déanfaidh siad iad a chur in iúl tríd an gcóras *Safety Gate* i gcomhréir le mír 1.

7. Déanfaidh an Coimisiún comhéadan idir an córas faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus an córas *Safety Gate* a fhorbairt chun go seachnófar iontráil dhúbailte sonraí agus chun gur féidir dréachtfhógra faoin gcóras *Safety Gate* a spreagadh ón gcóras faisnéise agus cumarsáide sin.

8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar cur chun feidhme an Airteagail seo, agus go háirithe an rochtain ar an gcóras, oibriú an chórais, an fhaisnéis atá le cur isteach sa chóras, na ceanglais is gá do na fógraí a chomhlíonadh, agus critéir chun an leibhéal riosca a mheasúnú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3).

*Airteagal 25*

**An Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún tairseach ghréasáin a chothabháil lena gcuirfear ar chumas na n-oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 8(11), 9(2) pointe (c), 10(8), 11(3), 11(4) agus in Airteagal 19 a sholáthar do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus do thomhaltóirí.

2. Déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme praiticiúil na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht.

## CAIBIDIL VII

# Ról an Choimisiúin agus comhordú forfheidhmiúcháin

*Airteagal 26*

**Gníomhaíocht an Aontais i gcoinne táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo**

1. Má thagann an Coimisiún ar an eolas faoi tháirge, nó faoi chatagóir shonrach táirgí nó grúpa sonrach táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, féadfaidh sé aon bheart iomchuí a dhéanamh, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstáit, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar bearta iad a chuirfear in oiriúint do thromchúis agus práinn an cháis, más rud é, an tráth céanna:

(a) go dtagann sé chun solais ó chomhairliúcháin roimh ré leis na Ballstáit go bhfuil difríocht shuntasach eatarthu maidir leis an gcur chuige arna ghlacadh nó atá le glacadh chun dul i ngleic leis an riosca; agus;

(b) nach féidir dul i ngleic leis an riosca, i bhfianaise chineál na faidhbe sábháilteachta a bhaineann leis an táirge, le catagóir táirgí nó grúpa táirgí, ar

bhealach atá comhoiriúnach le tromchúis agus práinn an cháis, faoi nósanna imeachta eile arna leagan síos le reachtaíocht shonrach an Aontais is infheidhme maidir leis na táirgí lena mbaineann; agus

(c) nach féidir deireadh a chur leis an riosca go héifeachtach ach amháin le bearta iomchuí is infheidhme ar leibhéal an Aontais a ghlacadh, chun cosaint atá comhsheasmhach agus ar ardleibhéal a áirithiú do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí agus chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

Féadfar a áireamh ar na bearta sin bearta lena dtoirmisctear, lena gcuirtear ar fionraí nó lena sriantar táirgí den sórt sin a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh nó lena leagtar síos coinníollacha speisialta maidir lena margú, chun ardleibhéal cosanta le haghaidh shábháilteacht na dtomhaltóirí a áirithiú.

Sna gníomhartha cur chun feidhme sin, leagfaidh an Coimisiún síos na bearta rialaithe iomchuí a bheidh le glacadh ag na Ballstáit chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3). Leis an ngníomh cur chun feidhme cinnfear an dáta a scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige.

3. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil bonn cirt leo agus a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(4).

4. Beidh toirmeasc ar onnmhairiú táirge ón Aontas atá toirmiscthe a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais de bhun beart a glacadh i gcomhréir le mír 1 nó 3, ach amháin má cheadaíonn an beart é sin a dhéanamh go sainráite.

5. Féadfaidh aon Bhallstát iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun scrúdú a dhéanamh ar an ngá le beart dá dtagraítear i mír 1 nó 3 a ghlacadh.

*Airteagal 27*

**Sásra eadrána**

1. Maidir le táirgí a mheastar a bheith contúirteach ar bhonn cinneadh ó údarás um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin, glacfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit eile leis go bhfuil siad contúirteach freisin.

2. I gcás ina dtabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstáit eile ar chonclúid éagsúil ó thaobh sainaitheanta de nó ó thaobh leibhéal an riosca de ar bhonn a n-imscrúdaithe agus a measúnaithe riosca féin, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún eadráin a dhéanamh. Sa chás sin, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit go léir moladh a chur in iúl.

3. Agus na moltaí dá dtagraítear i mír 2 á gcur san áireamh, glacfaidh an Coimisiún tuairim maidir le sainaithint nó leibhéal riosca an táirge ábhartha de réir mar is iomchuí

4. Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar an tuairim.

5. Déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a tharraingt suas i dtaca le cur chun feidhme praiticiúil an Airteagail seo.

*Airteagal 28*

**An Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí**

1. Bunófar líonra Eorpach d'údaráis na mBallstát atá inniúil maidir le sábháilteacht táirgí ('An Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí').

2. Déanfaidh an Coimisiún oibriú an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí a chur chun cinn agus glacfaidh sé páirt ann, go háirithe i bhfoirm comhair riaracháin.

3. Beidh sé mar chuspóir ag an Líonra sin um Shábháilteacht Tomhaltóirí an méid seo a leanas, go háirithe, a éascú:

   (a) faisnéis a mhalartú maidir le measúnuithe riosca, táirgí contúirteacha, modhanna tástála agus torthaí, forbairtí nua eolaíocha chomh maith le gnéithe eile a bhaineann le gníomhaíochtaí rialaithe;

   (b) tionscadail chomhpháirteacha faireachais agus tástála a bhunú agus a chur i bhfeidhm;

   (c) saineolas agus dea-chleachtais a mhalartú agus comhar i ngníomhaíochtaí oiliúna;

   (d) comhar feabhsaithe ar leibhéal an Aontais maidir le táirgí contúirteacha a rianú, a tharraingt siar agus a aisghairm;

   (e) comhar feabhsaithe idir na Ballstáit maidir le forfheidhmiú sábháilteachta táirgí, go háirithe chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 30 a éascú.

4. Déanfaidh an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí a ghníomhaíocht a chomhordú le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais atá ann cheana.

5. Déanfar ionadaíocht chuí ar an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí agus glacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí a bunaíodh faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus rannchuideoidh sé lena ghníomhaíochtaí i ndáil le sábháilteacht táirgí chun comhordú leordhóthanach ar ghníomhaíochtaí faireachais margaidh i réimsí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe araon a áirithiú.

*Airteagal 29*

**Gníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le sábháilteacht táirgí**

1. Faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28(3), pointe (b), féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh comhaontú a dhéanamh le húdaráis ábhartha eile nó le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibreoirí eacnamaíocha nó ar thomhaltóirí chun gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar an tsábháilteacht agus ar shláinte an tomhaltóra a chosaint i dtaca le catagóirí sonracha táirgí a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh ar fáil ar an margadh, go háirithe catagóirí na dtáirgí ar minic a mheastar go mbaineann riosca tromchúiseach leo.

2. Áiritheoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh agus an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme, nach mbeidh iomaíocht éagórach idir oibreoirí eacnamaíocha mar gheall ar an gcomhaontú maidir le gníomhaíochtaí a chur i gcrích agus nach ndéanfaidh sé difear d'oibiachtúlacht, do neamhspleáchas ná do neamhchlaontacht na bpáirtithe sa chomhaontú.

3. Féadfaidh údarás um fhaireachas margaidh úsáid a bhaint as aon fhaisnéis a thiocfaidh as na gníomhaíochtaí a dhéanfar mar chuid d'aon imscrúdú a bhaineann le sábháilteacht táirgí a dhéanfaidh sé.

4. Déanfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh lena mbaineann agus an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme, an comhaontú maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha, lena n-áirítear ainmneacha na bpáirtithe lena mbaineann, a chur ar fáil don phobal.

*Airteagal 30*

**Scuab-imscrúduithe**

1. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a chinneadh gníomhaíochtaí comhordaithe rialaithe comhuaineacha a dhéanamh (‘scuab-imscrúduithe’) ar chatagóirí táirgí áirithe chun comhlíonadh an Rialacháin seo a sheiceáil nó chun sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath.

2. Murar chomhaontaigh na húdaráis um fhaireachas margaidh lena mbaineann a mhalairt, is é an Coimisiún a chomhordóidh na scuab-imscrúduithe. Féadfaidh comhordaitheoir an scuab-imscrúdaithe, i gcás inarb iomchuí, na torthaí comhiomlánaithe a chur ar fáil don phobal.

3. Agus scuab-imscrúduithe ar siúl acu, féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh lena mbaineann úsáid a bhaint as na cumhachtaí imscrúdúcháin a leagtar amach i gCaibidil V agus as aon chumhacht eile a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta.

4. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh cuireadh a thabhairt d'oifigigh de chuid an Choimisiúin agus daoine tionlacain eile a d'údaraigh Coimisiún páirt a ghlacadh i scuab-imscrúduithe.

# CAIBIDIL VIII

# An ceart chun faisnéise agus chun leighis

*Airteagal 31*

**Faisnéis idir údaráis phoiblí agus tomhaltóirí**

1. Faisnéis atá ar fáil d'údaráis na mBallstát nó don Choimisiún a bhaineann le bearta ar tháirgí a bhfuil riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí ag baint leo, déanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le trédhearcacht agus gan dochar do na srianta is gá le haghaidh gníomhaíochtaí faireacháin agus imscrúdúcháin. Beidh rochtain ag an bpobal, go háirithe, ar fhaisnéis maidir le sainaithint táirgí, cineál an riosca agus na bearta arna ndéanamh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhformáidí inrochtana le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

2. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé de cheangal ar a n-oifigigh agus ar a ngníomhairí gan faisnéis a fuarthas chun críocha an Rialacháin seo a nochtadh, ar faisnéis í, de bharr a cineáil, a chumhdaítear le rúndacht ghairmiúil i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, cé is moite d’fhaisnéis a bhaineann le hairíonna sábháilteachta táirgí nach mór a fhoilsiú chun tomhaltóirí a chosaint.

3. Ní chuirfidh cosaint na rúndachta gairmiúla cosc ar scaipeadh faisnéise ábhartha chuig údaráis inniúla na mBallstát chun éifeachtúlacht gníomhaíochtaí faireacháin agus faireachais margaidh a áirithiú. Na húdaráis a fhaigheann faisnéis a chumhdaítear le rúndacht ghairmiúil, áiritheoidh siad cosaint na faisnéise sin.

4. Tabharfaidh na Ballstáit deis do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le faireachas agus gníomhaíochtaí rialaithe agus tabharfar freagra ar na gearáin sin de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 32*

**An Tairseach *Safety Gate***

1. Chun críoch Airteagal 31(1) agus Airteagal 19, déanfaidh an Coimisiún an tairseach *Safety Gate* a chothabháil, agus tabharfaidh sé rochtain saor in aisce don phobal i gcoitinne ar fhaisnéis roghnaithe a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 24.

2. Beidh an deis ag tomhaltóirí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi tháirgí a bhfuil riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí ag baint leo trí roinn ar leithligh den tairseach *Safety Gate*. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an bhfaisnéis a fhaightear agus áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach ina leith, i gcás inarb iomchuí.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na módúlachtaí a ghlacadh maidir le faisnéis a sheoladh chuig tomhaltóirí i gcomhréir le mír 2, agus maidir le faisnéis den sórt sin a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta lena mbaineann chun go bhféadfaí obair leantach a dhéanamh. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3).

*Airteagal 33*

**Faisnéis ó oibreoirí eacnamaíocha chuig tomhaltóirí**

1. I gcás aisghairm nó i gcás nach mór aird na dtomhaltóirí a dhíriú ar fhaisnéis áirithe chun úsáid shábháilte táirge a áirithiú (‘rabhadh sábháilteachta’), déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i gcomhréir lena n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 8, 9, 10 agus 11, fógra a thabhairt do na tomhaltóirí uile is féidir a shainaithint a ndearnadh difear dóibh. Na hoibreoirí eacnamaíocha a bhailíonn sonraí pearsanta a gcustaiméirí, bainfidh siad úsáid as an bhfaisnéis sin le haghaidh aisghairmeacha agus rabhaidh shábháilteachta.

2. I gcás ina mbeidh córais cláraithe táirgí nó cláir dhílseachta do chustaiméirí i bhfeidhm ag oibreoirí eacnamaíocha chun críoch eile seachas chun teagmháil a dhéanamh lena gcustaiméirí le faisnéis sábháilteachta, tabharfaidh siad an deis dá gcustaiméirí sonraí teagmhála ar leithligh a sholáthar chun críoch sábháilteachta amháin. Na sonraí pearsanta a bhaileofar chun na críche sin, beidh siad teoranta don íosmhéid is gá agus ní fhéadfar na sonraí sin a úsáid ach chun teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí i gcás aisghairm nó rabhadh sábháilteachta.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais a leagan amach maidir le clárú táirgí nó catagóirí sonracha táirgí. Déanfar na

gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3).

4. Más rud é nach féidir dul i dteagmháil go díreach leis na tomhaltóirí uile a ndearnadh difear dóibh, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí féin, fógra a scaipeadh maidir le haisghairm nó rabhadh sábháilteachta trí bhealaí iomchuí eile, lena n-áiritheofar an raon is leithne is féidir de thomhaltóirí, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu: suíomh gréasáin na cuideachta, cainéil na meán sóisialta, nuachtlitreacha agus asraonta miondíola agus, de réir mar is iomchuí, fógraí sna mórmheáin agus cainéil chumarsáide eile. Beidh an fhaisnéis ar fáil do thomhaltóirí faoi mhíchumas.

*Airteagal 34*

**Fógra maidir le haisghairm**

1. I gcás ina gcuirfear faisnéis maidir le haisghairm ar fáil do thomhaltóirí i bhfoirm scríbhinne, i gcomhréir le hAirteagail 33(1) agus (4), is i bhfoirm fógra maidir le haisghairm a bheidh sí.

2. Cuirfear fógra maidir le haisghairm ar fáil i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit nó na mBallstát inar cuireadh an táirge ar an margadh agus beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh ann:

(a) ceannlíne 'Aisghairm mar gheall ar shábháilteacht táirgí';

(b) tuairisc shoiléir ar an táirge aisghairthe, lena n-áirítear:

(i) grianghraf, ainm agus branda an táirge;

(ii) uimhreacha aitheantais an táirge, amhail baiscuimhir nó sraithuimhir, agus, más infheidhme, tásc grafach den áit a bhfuil siad ar an táirge;

(iii) faisnéis maidir le cathain agus cá háit ar díoladh an táirge, má tá an fhaisnéis sin ar fáil.

(c) tuairisc shoiléir ar an nguais a bhaineann leis an táirge aisghairthe ina seachnaítear aon eilimint a d'fhéadfadh tuiscint na dtomhaltóirí ar an riosca a laghdú, lena n-áirítear téarmaí agus nathanna amhail 'deonach', 'réamhchúramach', 'lánroghnach', 'i gcásanna neamhchoitianta/sonracha' mar aon lena léiriú nach raibh aon tionóisc tuairiscithe ann;

(d) tuairisc shoiléir ar an ngníomhaíocht ba cheart do thomhaltóirí a dhéanamh, lena n-áirítear treoir chun stop láithreach a chur le húsáid an táirge aisghairthe;

(e) tuairisc shoiléir ar an leigheas atá ar fáil do thomhaltóirí más iomchuí;

(f) uimhir shaorghlao nó seirbhís idirghníomhach ar líne trínar féidir le tomhaltóirí tuilleadh faisnéise a fháil i dteanga oifigiúil ábhartha nó i dteangacha oifigiúla ábhartha de chuid an Aontais;

(g) spreagadh chun tuilleadh faisnéise a roinnt faoin aisghairm, más iomchuí.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad le haghaidh fógra maidir le haisghairm a leagan amach, agus forbairtí eolaíocha agus margaidh á gcur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

*Airteagal 35*

**An ceart chun leighis**

1. Gan dochar do Threoir (AE) 2019/771, i gcás aisghairm, déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an aisghairm leigheas atá éifeachtach, saor in aisce agus tráthúil a thairiscint don tomhaltóir. Is éard a bheidh sa leigheas sin ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

   (a) an táirge aisghairthe a dheisiú;

   (b) an táirge aisghairthe a athsholáthar le táirge den chineál céanna atá sábháilte agus atá ar chomhluach agus comhchaighdeán ar a laghad leis an táirge bunaidh;

   (c) luach an táirge aisghairthe a aisíoc.

2. Más rud é go ndéanfaidh tomhaltóirí táirge a dheisiú, a dhiúscairt nó a dhíothú, ní mheasfar gur leigheas éifeachtach é sin ach amháin i gcás inar féidir leis an tomhaltóir é sin a dhéanamh go héasca agus go sábháilte. I gcásanna den sórt sin, is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an aisghairm a dhéanfaidh na treoracha is gá agus/nó, i gcás féindheisiú, páirteanna athsholáthair saor in aisce nó nuashonruithe bogearraí saor in aisce a chur ar fáil do thomhaltóirí.

3. Ní bheidh míchaoithiúlacht shuntasach i gceist leis an leigheas don tomhaltóir. Ní íocfaidh an tomhaltóir as na costais a bhaineann leis an táirge a sheoladh nó a chur ar ais ar shlí eile. I gcás táirgí nach bhfuil iniompartha de bharr a gcineáil, is é an t-oibreoir eacnamaíoch a shocróidh bailiú an táirge.

# CAIBIDIL IX

# Comhar idirnáisiúnta

*Airteagal 36*

**Comhar idirnáisiúnta**

1. Féadfaidh an Coimisiún comhoibriú, lena n-áirítear trí fhaisnéis a mhalartú, le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) gníomhaíochtaí agus bearta forfheidhmiúcháin a bhaineann le sábháilteacht, lena n-áirítear faireachas margaidh;

   (b) modhanna measúnaithe riosca agus tástáil táirgí;

   (c) aisghairmeacha táirgí comhordaithe agus gníomhaíochtaí eile dá samhail;

   (d) cúrsaí eolaíocha, teicniúla agus rialála, chun feabhas a chur ar shábháilteacht táirgí;

   (e) fadhbanna atá ag teacht chun cinn a bhfuil tábhacht shuntasach sláinte agus sábháilteachta ag baint leo;

   (f) gníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú;

   (g) malartú oifigeach.

2. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis roghnaithe ón gcóras *Safety Gate* a sholáthar do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus faisnéis ábhartha a fháil maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais agus maidir le bearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha a rinne na tríú tíortha nó na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin. Roinnfidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin leis na húdaráis náisiúnta, i gcás inarb ábhartha.

3. An malartú faisnéise dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh sé a bheith i bhfoirm ceachtar den dá ní seo a leanas:

(a) malartú neamhchórasach, i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo agus i gcásanna sonracha;

(b) malartú córasach, bunaithe ar shocrú riaracháin lena sonraítear an cineál faisnéise atá le malartú agus na rialacha mionsonraithe le haghaidh an mhalartaithe.

4. Féadfaidh tíortha is iarrthóirí agus tríú tíortha a bheith rannpháirteach go hiomlán sa chóras *Safety Gate*, ar choinníoll go mbeidh a reachtaíocht i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus go mbeidh siad rannpháirteach sa Chóras Eorpach um Chaighdeánú. Maidir leis an rannpháirtíocht sin, beidh na hoibleagáidí céanna ar na Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt agus bearta leantacha. Beidh rannpháirtíocht iomlán sa chóras *Safety Gate* bunaithe ar chomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin, de réir socruithe a shainítear sna comhaontuithe sin.

5. Aon mhalartú faisnéise faoin Airteagal seo, a mhéid a bhaineann sé le sonraí pearsanta, déanfar é i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a aistriú ach a mhéid a bhfuil gá le malartú den sórt sin chun sláinte nó sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, agus chun na críche sin amháin.

6. An fhaisnéis a dhéanfar a mhalartú de bhun an Airteagail seo, úsáidfear í chun sláinte nó sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint agus chun na rialacha rúndachta a urramú, agus chun na críche sin amháin.

## CAIBIDIL X

# Forálacha airgeadais

*Airteagal 37*

**Gníomhaíochtaí a mhaoiniú**

1. Déanfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo:

(a) cúraimí an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 28 a chur i gcrích;

(b) forbairt agus oibriú an chórais *Safety Gate* dá dtagraítear in Airteagal 23, lena n-áirítear na réitigh idir-inoibritheachta leictreonacha a fhorbairt maidir leis an méid seo a leanas:

– malartú sonraí idir an córas *Safety Gate* agus na córais náisiúnta faireachais margaidh;

– malartú sonraí idir an córas *Safety Gate* agus na córais chustaim náisiúnta;

– malartú sonraí le córais shrianta ábhartha eile a n-úsáideann na húdaráis um fhaireachas margaidh iad chun a gcríocha forfheidhmithe.

(c) forbairt agus cothabháil na tairsí *Safety Gate* dá dtagraítear in Airteagal 32 agus na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht, dá dtagraítear in Airteagal 25, lena n-áirítear comhéadan poiblí bogearraí neamhshrianta chun sonraí a mhalartú le hardáin agus le tríú páirtithe.

2. Féadfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo:

(a) forbairt a dhéanamh ar ionstraimí comhair idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 36;

(b) na rannchuidithe a tharraingt suas agus a nuashonrú i dtaca leis na treoirlínte um fhaireachas margaidh agus um shábháilteacht táirgí;

(c) saineolas teicniúil nó eolaíoch a chur ar fáil don Choimisiún chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún le cur chun feidhme an chomhair riaracháin um fhaireachas margaidh;

(d) réamhobair nó obair choimhdeach a dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faireachais margaidh a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, amhail staidéir, cláir, meastóireachtaí, treoirlínte, anailísí comparáideacha, comhchuairteanna frithpháirteacha, agus cláir cuairteanna, malartú pearsanra, obair thaighde, bunachair sonraí a fhorbairt agus a chothabháil, gníomhaíochtaí oiliúna, obair shaotharlainne, tástáil inniúlachta, tástálacha idirshaotharlainne agus obair measúnaithe comhréireachta;

(e) feachtais faireachais margaidh an Aontais agus gníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear acmhainní agus trealamh, uirlisí TF agus oiliúint;

(f) gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chláir um chúnamh teicniúil, comhar le tríú tíortha agus cur chun cinn agus feabhsú bheartais agus chórais faireachais margaidh an Aontais i measc páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

3. Déanfar cúnamh teicniúil an Aontais leis na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], go díreach nó go hindíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chuig na heintitis a liostaítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán sin.

4. Na leithreasuithe arna leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo, déanfaidh an t-údarás buiséadach iad a chinneadh gach bliain laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais atá i bhfeidhm.

---

[42] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

5. Faoi na leithreasuithe arna gcinneadh ag an údarás buiséadach chun gníomhaíochtaí faireachais margaidh a mhaoiniú féadfar a chumhdach freisin costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta atá de dhíth chun na gníomhaíochtaí de bhun an Rialacháin seo a bhainistiú agus chun a gcuspóirí a bhaint amach; go háirithe, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí ginearálta gníomhaíochtaí faireachais margaidh, costais a bhaineann le líonraí teicneolaíochta faisnéise a dhíríonn ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, mar aon le gach costas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhú ag an gCoimisiún chun na gníomhaíochtaí de bhun an Rialacháin seo a bhainistiú.

*Airteagal 38*

**Leas airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoi Chlár an Mhargaidh Aonair agus faoin gclár a thiocfaidh i gcomharbacht air[43].

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[45] d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh a mhaoinítear faoin gclár.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 ná 3, beidh forálacha i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais a thiocfaidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme, ar forálacha iad lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Chúirt

43 IO L 292, 14.11.1996, lch. 2.

44 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

45 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí.

# CAIBIDIL XI

# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 39*

**Dliteanas**

1. Beidh aon chinneadh a dhéanfar de bhun an Rialacháin seo agus a mbeidh srianta ann maidir le táirge a chur ar an margadh nó a éilíonn an táirge sin a tharraingt siar nó a aisghairm, ní dhéanfaidh an cinneadh sin gan difear don mheasúnú ar dhliteanas an pháirtí lena mbaineann, i bhfianaise an dlí náisiúnta a bhfuil feidhm aige sa chás i gceist.

2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do Threoir 85/374/CEE ón gComhairle[46].

*Airteagal 40*

**Pionóis**

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit, faoi [cuir isteach an dáta - 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéantar difear dóibh.

2. Cuirfidh na Ballstáit na critéir tháscacha seo a leanas ar a laghad san áireamh maidir le pionóis a fhorchur, i gcás inarb iomchuí:

(a) fad nó éifeachtaí ama an tsáraithe, cineál agus tromchúis an tsáraithe, go háirithe an leibhéal riosca a bhain don tomhaltóir;

(b) líon na dtáirgí contúirteacha a cuireadh ar fáil ar an margadh nó líon na dtomhaltóirí a ndearnadh difear dóibh nó iad araon;

(c) ról agus freagracht an oibreora eacnamaíoch nó an mhargaidh ar líne;

(d) aon ghníomhaíocht a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch nó an margadh ar líne chun an damáiste a bhain do thomhaltóirí a mhaolú nó a leigheas go tráthúil;

(e) i gcás inarb iomchuí, cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;

(f) aon sárú a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch nó an margadh ar líne roimhe sin;

(g) na tairbhí airgeadais a ghnóthaigh an t-oibreoir eacnamaíoch nó an margadh ar líne go díreach nó go hindíreach, nó na caillteanais a sheachain siad go díreach nó go hindíreach de bharr an tsáraithe, má tá na sonraí ábhartha ar fáil;

(h) méid an ghnóthais;

---

[46] Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

(i) an méid comhair leis an údarás;

(j) an bealach ina bhfuair an t-údarás eolas faoin sárú, go háirithe cibé acu a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch nó an margadh ar líne an sárú in iúl go tráthúil nó nár chuir, agus má rinne, a mhéid a cuireadh in iúl é;

(k) aon toisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme i leith chúinsí an cháis.

3. Is iad seo a leanas na cineálacha sáruithe ag oibreoirí eacnamaíocha nó margaí ar líne, i gcás inarb infheidhme, faoi réir pionós:

(a) sárú ar an gceanglas ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí;

(b) mainneachtain an t-údarás a chur ar an eolas go tráthúil faoi tháirge contúirteach a chuir siad ar an margadh;

(c) mainneachtain aon chinneadh, ordú, beart eatramhach, gealltanas oibreora eacnamaíoch nó aon bheart eile arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

(d) mainneachtain oibleagáidí inrianaitheachta agus faisnéise de chuid oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagail 8, 9, 10, 11 agus 18 agus 19 a chomhlíonadh;

(e) faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a chur ar fáil mar fhreagairt ar iarraidh ó na húdaráis um fhaireachas margaidh;

(f) mainneachtain an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil laistigh den teorainn ama is gá;

(g) diúltú géilleadh do chigireachtaí;

(h) mainneachtain na doiciméid nó na táirgí is gá a chur ar fáil le linn cigireachtaí;

(i) torthaí tástála a fhalsú.

4. I gcás fíneálacha, 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora eacnamaíoch nó, i gcás inarb infheidhme, de láimhdeachas bliantúil an mhargaidh ar líne sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann, is é sin uasmhéid na bpionós.

5. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur freisin chun iallach a chur ar oibreoirí eacnamaíocha nó ar mhargaí ar líne an méid seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme:

(a) deireadh a chur le sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo;

(b) cinneadh lena n-ordaítear beart ceartaitheach a chomhlíonadh;

(c) faisnéis iomlán cheart a sholáthar;

(d) géilleadh do chigireacht;

(e) cead a thabhairt do na húdaráis um fhaireachas margaidh camchóipeáil sonraí a dhéanamh ar chomhéadain ar líne.

6. Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le cineál agus méid na bpionós arna bhforchur faoin Rialachán seo, sainaithneoidh siad sáruithe iarbhír an Rialacháin seo, agus léireoidh siad céannacht oibreoirí eacnamaíocha nó margaí ar líne ar forchuireadh pionóis orthu.

7. Gach bliain, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis na pionóis a d'fhorchuir na Ballstáit agus cuirfidh sé í ar fáil don phobal.

8. An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6, ní fhoilseofar í sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 7 in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar gá an rúndacht a bhaineann le himscrúdú nó a bhaineann le nósanna imeachta breithiúnacha náisiúnta a chaomhnú;

(b) i gcás ina ndéanfadh an foilsiú sin damáiste díréireach don oibreoir eacnamaíoch nó don mhargadh ar líne;

(c) i gcás ina mbeidh duine nádúrtha i gceist, mura mbeidh bonn cirt le sonraí pearsanta a fhoilsiú de bharr imthosca eisceachtúla, *inter alia*, de bharr thromchúis an tsáraithe.

*Airteagal 41*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [*cuir an dáta isteach* - dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[47].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 17(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Féadfar 2 mhí a chur leis an tréimhse ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 42*

**Nós imeachta coiste**

---

47 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 43*

**Meastóireacht**

1. Faoin [cuir isteach an dáta cúig bliana tar éis dháta an teacht i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Sa tuarascáil déanfar a mheasúnú go háirithe ar bhain an Rialachán seo an cuspóir amach maidir le cosaint tomhaltóirí a fheabhsú i gcoinne táirgí contúirteacha, agus a thionchar ar ghnólachtaí agus go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide á chur san áireamh.

2. Arna iarraidh sin, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo.

*Airteagal 44*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012**

1. Leasaítear Rialachán (AE) 1025/2012 mar a leanas:

In Airteagal 10, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. I gcás ina gcomhlíonfaidh caighdeán Eorpach arna dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] [*an Rialachán seo (GPSR)*] an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 den Rialachán sin agus na ceanglais shonracha sábháilteachta dá dtagraítear in [Airteagal [6] den Rialachán sin], foilseoidh an Coimisiún tagairt don chaighdeán Eorpach sin gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.’

In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

‘1. I gcás ina measfaidh Ballstát nó Parlaimint na hEorpa nach gcomhlíonann caighdeán comhchuibhithe nó caighdeán Eorpach arna dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo (GPSR)*] na ceanglais arb é is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le comhchuibhiú nó sa Rialachán sin, cuirfidh sé nó sí an Coimisiún ar an eolas faoi sin trí mhíniú mionsonraithe a thabhairt dó. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste arna bhunú le reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais maidir le comhchuibhiú, más

---

48 Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO...)’

ann di, nó leis an gcoiste arna bhunú le Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo (GPSR)*], nó tar éis cineálacha eile comhairliúcháin le saineolaithe earnálacha, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe nó don chaighdeán Eorpach lena mbaineann arna dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) .../... [*GPSR*] a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó gan iad a fhoilsiú inti nó iad a fhoilsiú inti faoi shrianta;

(b) na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe nó don chaighdeán Eorpach lena mbaineann arna dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) .../... [*GPSR*] a choinneáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó na tagairtí sin a choinneáil faoi shrianta inti nó iad a tharraingt siar uaithi.'

2. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin faisnéis faoi na caighdeáin chomhchuibhithe agus caighdeáin Eorpacha arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) .../... [*GPSR*], caighdeáin atá faoi réir an chinnidh dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh an Coimisiún an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú lena mbaineann ar an eolas faoin gcinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus, más gá, iarrfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó ar na caighdeáin Eorpacha lena mbaineann arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) .../...[*GPSR*].'

*Airteagal 45*

**Aisghairm**

1. Déantar Treoir 87/357/CEE agus Treoir 2001/95/CE a aisghairm le héifeacht ón [dáta cur i bhfeidhm].

2. Déanfar tagairtí do Threoracha 87/357/CEE agus 2001/95/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, agus léifear i gcomhréir leis an tábla comhghaoil san Iarscríbhinn iad.

*Airteagal 46*

**Forálacha idirthréimhseacha**

Ní chuirfidh na Ballstáit bac ar tháirgí a chumhdaítear le Treoir 2001/95/CE a chur ar fáil ar an margadh má tá siad i gcomhréir leis an Treoir sin agus má cuireadh ar an margadh roimh an [cuir isteach an dáta – *dáta chur i bhfeidhm* an Rialacháin seo] iad.

*Airteagal 47*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [6 *mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

### 1.4. Cuspóirí

*1.4 1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4 2. Cuspóirí sonracha*

*1.4 3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*1.4 4. Táscairí feidhmíochta*

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5 1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne maidir leis an tionscnamh a chur chun feidhme de réir a chéile*

*1.5 2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5 3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5 4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5 5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2 1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2 2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2 3. Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2 1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2 2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2 3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2 4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2 5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Teideal: 03 – An Margadh Aonair –<br><br>Caibidil: 03 02 Clár an Mhargaidh Aonair<br><br>Ítim: 03 02 04 Tomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta a chumasú agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus sábháilteachta táirgí a áirithiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht na n-úsáideoirí deiridh i gceapadh beartas na seirbhísí airgeadais |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**☐ gníomhaíocht nua**

**☐ gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[49]

**☒ síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

**☐ gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí a chumasc nó a atreorú i dtreo gníomhaíocht eile/gníomhaíocht nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Cosaint tomhaltóirí, margadh inmheánach níos cothroime agus níos doimhne; an margadh aonair digiteach.<br><br>A áirithiú nach gcuirfear ach táirgí sábháilte ar an margadh inmheánach agus a chinntiú go mbeidh ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta ann do thomhaltóirí mar aon le cothrom iomaíochta do ghnólachtaí sa Mhargadh Aonair.<br><br>Is é is aidhm don togra athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2001/95/CE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí chun a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí an Aontais ar tháirgí contúirteacha, agus feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair a áirithiú, go háirithe cothrom iomaíochta do ghnólachtaí.<br><br>Is é is cuspóir don ghníomhaíocht bhuiséadaithe atá beartaithe leanúint ar aghaidh leis na bearta comhair a bhaineann leis an bhfaireachas margaidh agus iad a fhorbairt a thuilleadh (lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta), na comhéadain leictreonacha a mhaoiniú lenar féidir sonraí a mhalartú agus tomhaltóirí agus oibreoirí eacnamaíocha a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha agus an togra nua a chur chun feidhme (trí ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe agus gníomhaíochtaí caighdeánúcháin méadaithe). |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| Cuspóir sonrach Uimh. |

49 Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1. Treisiú na nósanna imeachta um chomhar san fhaireachas margaidh i measc údaráis forfheidhmiúcháin, laghdú na hilroinnte agus na neamh-éifeachtúlachtaí;

2. Acmhainneacht oibríochtúil a mhéadú, éifeachtúlacht agus infhaighteacht acmhainní a fheabhsú chun forfheidhmiú agus cur chun feidhme an togra a chomhordú (faireachán, gníomhartha tarmligthe), agus úsáid an nós imeachta um chaighdeánú a mhéadú;

3. Bosca uirlisí an fhorfheidhmiúcháin a neartú, ionas go mbeidh na húdaráis um fhaireachas margaidh in ann úsáid a bhaint as uirlisí ar mó a n-éifeacht athchomhairleach, a n-éifeachtacht agus a stóinseacht i gcoinne athruithe a thiocfaidh amach anseo;

4. Feabhas a chur ar an malartú faisnéise maidir le táirgí contúirteacha laistigh den Aontas agus le comhpháirtithe seachtracha araon (lena n-áirítear trí uirlisí TF). Feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí faoi tháirgí contúirteacha trí uirlisí TF;

5. Comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí i dtaca le táirgí tomhaltais neamh-chomhchuibhithe a chur chun cinn.

Cumhdaíonn na cuspóirí an faireachas margaidh laistigh den Aontas agus ag na teorainneacha seachtracha, agus cuimsíonn siad slabhraí soláthair dhigiteacha maille le slabhraí soláthair traidisiúnta.

### 1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é an spriocphobal tomhaltóirí uile an Aontais a bhainfidh tairbhe as táirgí sábháilte a chuirfear ar an margadh inmheánach. Rachaidh faireachas margaidh méadaithe chun tairbhe do tháirgeoirí Eorpacha trí chosc a chur ar an gcothrom iomaíochta éagórach i ndáil le gnólachtaí nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí i leith sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint.

### 1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Beidh an faireachán ar chur chun feidhme an togra bunaithe ar phríomhtháscairí faireacháin agus forfheidhmiúcháin réamhshainithe. Tosóidh an Coimisiún ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme GPSD athbhreithnithe tar éis theacht i bhfeidhm an tionscnaimh.

Sainaithníodh sa Mheasúnú Tionchair tacar táscairí faireacháin atá beartaithe chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí beartais a sainaithníodh (féach roinn 9 den Mheasúnú Tionchair).

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh formhór an fhaireacháin, bunaithe ar shuirbhéanna ar thomhaltóirí a dhéantar go rialta ar fud an Aontais, ar shonraí ó ghnólachtaí agus ar shonraí ón gcóras *Safety Gate*. Déanfar an faireachán agus an mheastóireacht ar bhonn foinsí sonraí atá ann cheana, nuair is féidir.

Leagtar amach sa togra oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát. Déanfar an tuairisciú sin ar bhonn na dtáscairí forfheidhmiúcháin a shaineofar a thuilleadh le staidéar. Tá staidéar á dhéanamh ag an gCoimisiún arb é is aidhm dó tacar coiteann de tháscairí forfheidhmiúcháin indéanta agus ábhartha a shainiú i réimse na sábháilteachta táirgí, rud a bheidh le comhaontú leis na Ballstáit.

Rinne an Coimisiún foinsí faisnéise atá ann cheana maidir le gortuithe a leagan amach agus bhreathnaigh sé ar an bhféidearthacht bunachar sonraí maidir le gortuithe a bhunú ar leibhéal an Aontais chun cuidiú le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le sábháilteacht táirgí. Tá measúnú á dhéanamh aige faoi láthair ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le bunachar sonraí den sórt sin maidir le gortuithe a bhunú ar fud an Aontais (trí ghníomhaíochtaí comhordaithe leis na Ballstáit).

Chomh maith leis an bhfaireachán agus an tuairisciú rialta, moltar meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE na hidirghabhála reachtaí seo 5 bliana tar éis do na Ballstáit an togra seo a chur chun feidhme.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne maidir leis an tionscnamh a chur chun feidhme de réir a chéile*

Is é is aidhm don togra seo na nithe seo a leanas a bhaint amach:

Tiocfaidh feabhas ar an measúnú ar riosca a bhaineann le táirgí nua teicneolaíochta ó glacadh an togra, rud a fhágfaidh go mbeidh feidhm bheart sábháilteachta níos fearr sa ghníomh reachtach.

Sa ghearrthéarma, táimid ag súil go dtiocfaidh feabhas ar shábháilteacht na dtáirgí tomhaltais a cheannaítear ar líne a bhuí le rialacha níos fearr maidir le faireachas margaidh le haghaidh díolacháin ar líne agus le méadú ar oibleagáidí maidir le sábháilteacht táirgí le haghaidh margaí ar líne.

Déanfar na rialacha maidir le faireachas margaidh le haghaidh táirgí neamh-chomhchuibhithe a ailíniú leis na rialacha le haghaidh táirgí comhchuibhithe. Thairis sin, má dhéantar roinnt feabhsuithe ar na rialacha maidir le faireachas margaidh faoin tionscnamh seo maidir le faireachas margaidh ar gach táirge, cuirfear feabhas ar an bhfaireachas margaidh agus áiritheofar sábháilteacht níos airde táirgí sa mheántéarma.

Leis an bhfeabhas atá beartaithe ar an gcóras *Safety Gate*/RAPEX atá ann faoi láthair, beidh an malartú faisnéise níos gasta, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh níos luaithe.

Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar éifeachtacht na n-aisghairmeacha táirgí sa ghearrthéarma a bhuí leis an nós imeachta feabhsaithe maidir le haisghairm agus faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí.

Le héifeachtúlacht mhéadaithe ar leibhéal an Choimisiúin sa phróiseas um chaighdeánú i gcomhair táirgí neamh-chomhchuibhithe, éascófar caighdeáin a leagan síos do na táirgí sin: is féidir linn a bheith ag súil le méadú ar líon na gcaighdeán sa mheántéarma. Leis an úsáid mhéadaithe a bhainfear as caighdeáin Eorpacha, beidh deimhneacht níos fearr ag táirgeoirí go gcomhlíonann a gcuid táirgí na ceanglais sábháilteachta ábhartha agus cuirfear ar chumas gnólachtaí iomaíocht chothrom a dhéanamh trína áirithiú go mbeidh comhdheiseanna acu.

Leis an togra, déanfar comhchuibhiú ar an measúnú riosca ar tháirgí a bhfuil cuma bhia orthu agus ar an gcaoi sin áiritheofar go gcaithfear go cothrom leo ar fud na mBallstát.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh*

*comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach (*ex- ante*)

Tá tairbhí soiléire ag baint le rannpháirteachas an Aontais i leith sábháilteacht táirgí maidir le táirgí neamh-chomhchuibhithe a léirítear sa mheastóireacht ar GPSD agus sa mheasúnú tionchair ar an togra seo:

- Le comhrialacha de chuid an Aontais, ceadaítear barainneacht scála san fhaireachas margaidh, go háirithe mar gheall ar fhorbairt easpónantúil an díolacháin ar líne, rud a chuireann dlús le díolacháin trasteorann agus le hallmhairí díreacha ó lasmuigh den Aontas. Déantar costais a bhaineann leis an bhfaireachas margaidh a roinnt freisin trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha faireachais margaidh a dhéanamh idir na Ballstáit agus trí fhaisnéis a mhalartú.

- A bhuí le gníomhaíocht an Aontais, is féidir faisnéis a scaipeadh ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla, go háirithe tríd an gcóras *Safety Gate*/RAPEX, rud a chinntíonn gníomhaíochtaí tapa i gcoinne táirgí contúirteacha ar fud an Aontais mar aon leis an gcothrom iomaíochta.

- Baineann tairbhí le rialacha comhchoiteanna maidir le sábháilteacht táirgí ar leibhéal an Aontais ó thaobh costais a laghdú agus ualach riaracháin agus castachtaí a laghdú do ghnólachtaí toisc nach gá dóibh sraitheanna ilchineálacha rialacha náisiúnta a chomhlíonadh. Leis sin, cumasaítear saorghluaiseacht earraí san Aontas freisin agus is féidir comhar níos dlúithe a bheith ann idir na Ballstáit.

- Le comhrialacha de chuid an Aontais, is féidir caighdeáin an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí a fhorbairt, lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil na táirgí sábháilte agus ar an gcaoi sin déantar comhlíonadh sábháilteachta táirgí a éascú i gcás gnólachtaí (agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar na costais ghaolmhara).

- Ar an leibhéal idirnáisiúnta, a bhuí leis an tacar coiteann forálacha a bunaíodh le GPSD, bhí an tAontas in ann ardleibhéal sábháilteachta a chur chun cinn le gníomhaithe idirnáisiúnta, agus ar an gcaoi sin dul i ngleic leis an ardchúrsaíocht earraí ó thríú tíortha trí dhíolachán ar líne, cúrsaíocht atá níos mó ná riamh.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex- post*)

Cuirfear feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ós rud é go n-áiritheofar, le rialacha comhleanúnacha maidir le sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh ar fud an Aontais, go gcaithfear níos fearr le gnólachtaí agus, dá bhrí sin, gur lú an seans go saobhfar an iomaíocht i Margadh Aonair an Aontais. Is éard a bheidh mar thoradh ar fhaireachas margaidh níos fearr agus comhordú níos fearr idir na Ballstáit go mbeifear in ann táirgí neamhshábháilte a bhrath ar bhealach níos fearr, agus, ar an gcaoi sin, cosaint agus muinín níos fearr a bheith ann do thomhaltóirí.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ghlac an tAontas a chéad rialachán ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí in 1992. Glacadh an GPSD reatha in 2001. Léiríodh sa mheastóireacht ar an GPSD reatha agus ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara gur ionstraim an-bhailí fós é GPSD, go

háirithe a bhuí leis an bhfeidhm 'beart sábháilteachta' atá aige. Dealraíonn sé, ar an iomlán, gur chomhlíon sé a chuspóirí maidir le ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú do thomhaltóirí, agus an margadh inmheánach d'earraí á oibriú go héifeachtach san am céanna; mar sin féin, tugaimid faoi deara go bhfuil an iomarca táirgí neamhshábháilte fós ar fáil do thomhaltóirí nó go bhfuil siad fós ina seilbh ag tomhaltóirí, rud a thugann na forais i leith an togra seo.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is é is aidhm don togra athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2001/95/CE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí chun a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí an Aontais ar tháirgí contúirteacha, agus feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair a áirithiú, go háirithe cothrom iomaíochta do ghnólachtaí. Dá bhrí sin, luíonn sé go hiomlán le hAirteagal 3(2)(d) den Rialachán maidir le Clár an Mhargaidh Aonair, is é sin le rá cumhacht a thabhairt don tomhaltóir agus don tsochaí shibhialta agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus ardleibhéal sábháilteachta táirgí a áirithiú.

Cumhdófar an tionchar airgeadais ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ina iomláine leis na leithdháiltí dá bhforáiltear in CAI 2021-27 faoi na himchlúdaigh airgeadais de chuid Chlár an Mhargaidh Aonair.

Tá an togra ar cheann de na tionscnaimh dhlí faoin gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí.

Áirithítear leis an togra ailíniú níos fearr le forálacha Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí. Tá an togra, mar bheart sábhála, comhoiriúnach don reachtaíocht chomhchuibhithe agus comhlánaíonn sé í ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, tá feidhm aige ina iomláine maidir le táirgí tomhaltais nach dtagann faoi raon feidhme na reachtaíochta comhchuibhithe (e.g. troscán, earraí cúraim leanaí, éadaí). Ar an dara dul síos, tá feidhm aige go páirteach maidir le táirgí tomhaltais a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe (e.g. bréagáin nó gluaisteáin) fad agus nach gcumhdaítear gnéithe den tsábháilteacht táirgí a chumhdaítear leis an GPSD sa reachtaíocht chomhchuibhithe.

Déantar sábháilteacht táirgí bia a rialú ar leithligh faoi Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 maidir le Dlí Ginearálta an Bhia. Mar sin féin, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 maidir le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia, is féidir leis an rialachán sin idirghníomhú leis an togra a mhéid a bhaineann le táirgí ina bhfuil na hábhair sin (e.g. boscaí lóin in-athúsáidte) agus atá comhoiriúnach i gcónaí. Na táirgí neamhshábháilte ina bhfuil táirgí ábhar a bhíonn i dtadhall le bia, d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir rabhaidh shábháilteachta sa dá chóras rabhaidh, RASFF i gcás bia agus an córas *Safety Gate*/RAPEX i gcás táirgí neamhbhia.

Tá an togra comhsheasmhach agus comhoiriúnach go hiomlán le beartais eile de chuid an Aontais agus leis na tograí a rinneadh le déanaí chun forfheidhmiú a neartú i réimsí beartais eile, maidir leis an méid seo a leanas:

- An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA): Is é is aidhm don togra DSA oibleagáidí nua a bhunú d'idirghabhálaithe ar líne *inter alia* maidir leis an gcaoi a láimhseálann siad na cineálacha inneachair neamhdhleathaigh ar fad a óstáiltear ar a suíomhanna gréasáin, lena n-áirítear táirgí neamhshábháilte. Bunaíonn DSA na hoibleagáidí cothrománacha ginearálta le haghaidh idirghabhálaithe ar líne agus fágann sé go bhféadfaí reachtaíocht maidir le cineálacha sonracha inneachair neamhdhleathaigh (amhail sábháilteacht táirgí) a bheith níos sonraí. Leis an togra seo

déanfar gnéithe eile sábháilteachta táirgí de dhíolacháin ar líne a rialáil freisin sa bhreis ar ról na n-idirghabhálaithe ar líne, amhail ról na ndíoltóirí agus cumhachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh.

- Creat cothrománach le haghaidh na hIntleachta Saorga (AI): is é is aidhm dó díriú ar fheidhmchláir ardriosca. Dá bhrí sin, agus maidir le sábháilteacht táirgí, feidhmeoidh sé ar nós reachtaíocht earnálach, lena mbunaítear ceanglais shonracha le haghaidh feidhmchláir IS, agus beidh feidhm ag an togra seo mar bheart sábháilteachta le haghaidh táirgí agus gnéithe nach gcumhdaítear le reachtaíocht earnálach eile ar mhaithe le bunús dlí a sholáthar lena dtarraingítear siar táirgí den sórt sin chun cosaint éifeachtach tomhaltóirí a áirithiú.

- An Treoir NIS: Leis an togra a rinneadh le déanaí, leagtar síos oibleagáidí ar na Ballstáit uile straitéis náisiúnta a ghlacadh maidir le slándáil líonra agus córas faisnéise chun an chibearshlándáil a fheabhsú ar fud an Aontais. Mar sin féin, ní áirítear ann íoscheanglais chibearshlándála maidir le táirgí tomhaltais, mar sin ní thugtar aon bhunús dlí do na húdaráis gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne táirgí a bhfuil rioscaí den sórt sin ag baint leo.

- An geilleagar ciorclach: De réir an Phlean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach, na táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais, ba cheart iad a bheith níos inbhuanaithe agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith deartha sa chaoi is go mairfidh siad níos faide, go mbeadh sé níos éasca iad a dheisiú agus a uasghrádú, a athchúrsáil agus a athúsáid. Tá sé fíor-riachtanach go leanfaidh táirgí deisithe, uasghrádaithe, athchúrsáilte nó athúsáidte de bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le sábháilteacht táirgí. De réir na treorach maidir le héicidhearthóireacht, ní mór an tsábháilteacht agus an tsláinte a chur san áireamh agus réiteach sonrach maidir le dearadh á roghnú; ní thugtar aghaidh go sonrach, áfach, ar fhadhbanna sábháilteachta a bhaineann leis na táirgí deiridh. Leis an Tionscnamh Beartais maidir le Táirgí Inbhuanaithe (a chuirfear in ionad na treorach maidir le héicidhearthóireacht agus a dhéanfar a raon feidhme a leathnú), beidh sé d'aidhm aige réiteach a fháil ar an bhfadhb nach féidir a lán táirgí a athúsáid, a dheisiú nó a athchúrsáil go héasca agus go sábháilte. I gcás nach dtabharfar aghaidh go sonrach, le tionscnaimh ón bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, ar roinnt gnéithe sábháilteachta a bhaineann le táirgí sa gheilleagar ciorclach, cuirfear feidhm bheart sábháilteachta an togra seo i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, ní forluí ach comhlántacht a bheadh ann idir na tionscnaimh sin. Dá bhrí sin, is é an buntáiste a bhaineann le gnéithe de réimsí beartais malartacha substainteacha a chomhtháthú i reachtaíocht maidir le sábháilteacht táirgí ná fíorbheart sábháilteachta a áirithiú do thomhaltóirí, rud a d'fhágfadh go mbeadh gach táirge tomhaltais neamhbhia ar mhargadh an Aontais sábháilte.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

/

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go dtí BBBB i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go dtí BBBB i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[50]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☒trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí a rialáiltear leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí a rialáiltear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| D'fhéadfadh an ghníomhaireacht feidhmiúcháin gnéithe conarthacha na dtionscadal sonrach a bhainistiú faoi mhaoirseacht na hArd-Stiúrthóireachta tuismitheora. |

[50] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Áirítear sa togra oibleagáid meastóireachta.

Neartófar leis an togra seo an córas TF ar a dtugtar 'an córas *Safety Gate*' lena nasctar na húdaráis um fhaireachas margaidh agus an Coimisiún. D'fhéadfaí an faireachán ar ghníomhaíocht oibriúcháin a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus ar bhealach éifeachtúil ach úsáid a bhaint as an gcóras TF.

Críochnófar an faireachán leis an gcóras TF trí obair an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí agus trí na Ballstáit faisnéis níos iontaofa agus níos cuimsithí a chur ar fáil faoi shábháilteacht táirgí agus faoi ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin i dtaca le táirgí neamh-chomhchuibhithe mar chuid dá straitéisí forfheidhmiúcháin náisiúnta.

An faireachán a dhéanfar ar ghnóthú na gcuspóirí sonracha, déanfar é ar bhonn na dtáscairí réamhshainithe.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is tríd an mbainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún a bheifear in ann teagmháil dhíreach a choinneáil le húdaráis na mBallstát agus leis na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí. Tríd an mbainistíocht dhíreach is féidir leis an gCoimisiún na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais an bheartais ionas go mbeidh níos mó solúbthachta aige tosaíochtaí a athoiriúnú i gcás riachtanas atá ag teacht chun cinn agus rannchuidiú le cuspóirí coiteanna an Aontais.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Baineann rioscaí oibriúcháin le córas TF *Safety Gate*: an riosca go dteipfidh ar an gcóras TF tacú go héifeachtach leis an gcomhar idir na húdaráis um fhaireachas margaidh agus an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí.

Baineann rioscaí oibriúcháin freisin le leibhéal na n-acmhainní atá tiomanta do na húdaráis um fhaireachas margaidh ar leibhéal na mBallstát.

Chun na rioscaí sin a mhaolú, cuirtear próisis éifeachtacha rialachais TF chun feidhme, ar próisis iad ina bhfuil úsáideoirí na gcóras páirteach go gníomhach.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Is beag costas a bheidh ar na rialuithe i gcomparáid leis na leithreasuithe d'fhorbairt an chórais TF féin.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Na bearta a chuirfidh an Coimisiún chun feidhme, beidh siad faoi réir rialuithe *ex-ante* agus *ex-post* i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. I gconarthaí agus i gcomhaontuithe lena maoineofar cur chun feidhme an Rialacháin seo, sonrófar go sainráite go bhfuil an Coimisiún, lena n-áirítear OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí, i dteideal iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[51]. | ó thíortha de chuid CSTE[52] | ó thíortha is iarrthóirí[53] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 03.020401 | Difreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

[51] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[52] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[53] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir 1 | |
|---|---|---|

| AS: **JUST** | | | Bliain **2024**[54] | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| •Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | **Tar éis 2027** | | | |
| Líne bhuiséid[55] 03.020401 | Gealltanais | (1a) | 7 000 | 7 000 | 7 000 | 7 000 | | | | **28 000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 2 100 | 7 000 | 7 000 | 7 000 | 4 900 | | | **28 000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[56] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 03010101 | | (3) | 0,200 | 0,200 | 0,200 | 0,200 | | | | **0,800** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe i gcomhair AS JUST** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 7 200 | 7 200 | 7 200 | 7 200 | | | | **28 800** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | **2 300** | **7 200** | **7 200** | **7 200** | **4 900** | | | **28 800** |

54 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

55 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

56 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: **JUST** | | | | | | | | | |
| •Acmhainní daonna | | 3 054 | 3 054 | 3 054 | 3 054 | | | | **12 216** |
| • Caiteachas Riaracháin eile | | 0,095 | 0,095 | 0,095 | 0,095 | | | | **0,380** |
| **IOMLÁN AS JUST** | Leithreasuithe | **3 149** | **3 149** | **3 149** | **3 149** | | | | **12 596** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **3 149** | **3 149** | **3 149** | **3 149** | | | | **12 596** |

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024**[57] | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe** | Gealltanais | 10 349 | 10 349 | 10 349 | 10 349 | | | | **41 396** |

57 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | 5 449 | 10 349 | 10 349 | 10 349 | 4 900 | | | **41 396** |

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir**<br>⇩ | | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[58] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[59] | | | Treisiú na nósanna imeachta um chomhar san fhaireachas margaidh idir údaráis forfheidhmiúcháin, laghdú na hilroinnte agus na neamh-éifeachtúlachtaí | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí comhordaithe maidir le sábháilteacht táirgí | gníomhaíochtaí | 0,300 | 10 | 3 000 | 10 | 3 000 | 10 | 3 000 | 10 | 3 000 | | | | | | | 40 | 12 000 |
| Staidéir, athbhreithnithe piaraí, straitéisí náisiúnta píolótacha | tuarascálacha | 0,200 | 2 | 0,400 | 2 | 0,400 | 2 | 0,400 | 2 | 0,400 | | | | | | | 8 | 1 600 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | **12** | **3 400** | **12** | **3 400** | **12** | **3 400** | **12** | **3 400** | | | | | | | **48** | **13 600** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 ... | | | Acmhainneacht oibríochtúil a mhéadú, éifeachtúlacht agus infhaighteacht acmhainní a fheabhsú chun forfheidhmiú agus cur chun feidhme an | | | | | | | | | | | | | | | |

58 Is é atá i gceist le haschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).
59 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóir(í) sonrach(a)...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | togra a chomhordú (faireachán, gníomhartha tarmligthe), an úsáid a bhaintear as an nós imeachta um chaighdeánú a mhéadú | | | | | | | | | | | | | | | |
| An togra a chur chun feidhme (gníomhartha tarmligthe, faireachán, | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 | | | Bosca uirlisí an fhorfheidhmiúcháin a neartú, ionas go mbeidh na húdaráis um fhaireachas margaidh in ann úsáid a bhaint as uirlisí ar mó a n-éifeacht athchomhairleach, a n-éifeachtacht agus a stóinseacht i gcoinne athruithe a thiocfaidh amach anseo | | | | | | | | | | | | | | | |
| Mórshonraí agus uirlisí nuálacha eile a úsáidtear | bailiú sonraí Uirlisí TF | 0,125 | 2 | 0,250 | 2 | 0,250 | 2 | 0,250 | 2 | 0,250 | | | | | | | | 1 000 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3 | | | **2** | **0,250** | **2** | **0,250** | **2** | **0,250** | **2** | **0,250** | | | | | | | | **1 000** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4 | | | Feabhas a chur ar an malartú faisnéise maidir le táirgí contúirteacha laistigh den Aontas agus le comhpháirtithe seachtracha araon (lena n-áirítear trí uirlisí TF). Feabhas a chur ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí faoi tháirgí contúirteacha trí uirlisí TF | | | | | | | | | | | | | | | |
| An Réaltra *Safety Gate* | Córais TF | 0,166 | 9 | 1 500 | 9 | 1 500 | 9 | 1 500 | 9 | 1 500 | | | | | | | | 6 000 |
| Sonraí a mhalartú le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus comhar idirnáisiúnta eile | Nasc le córais eile | 0.35 | 3 | 1 050 | 3 | 1 050 | 3 | 1 050 | 3 | 1 050 | | | | | | | | 4 200 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4 | | | **12** | **2 550** | **12** | **2 550** | **12** | **2 550** | **12** | **2 550** | | | | | | | | **10 200** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 5 | | | Comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí i dtaca le táirgí tomhaltais neamh-chomhchuibhithe a chur chun cinn. | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cumarsáide | Comhdhálacha, an preas, feachtai | 0,2 | 4 | 0,800 | 4 | 0,800 | 4 | 0,800 | 4 | 0,800 | | | | | | | | 3 200 |

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 5 | **4** | **0,800** | **4** | **0,800** | **4** | **0,800** | **4** | **0,800** | | | | | | | | **3 200** |
| **IOMLÁIN** | | **7 000** | | **7 000** | | **7 000** | | **7 000** | | | | | | | | **28 000** |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** [60] | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 3 054 | 3 054 | 3 054 | 3 054 | | | | **12 216** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,095 | 0,095 | 0,095 | 0,095 | | | | **0,380** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **3 149** | **3 149** | **3 149** | **3 149** | | | | **12 596** |
| **IOMLÁN** | **3 149** | **3 149** | **3 149** | **3 149** | | | | **12 596** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht na gníomhaíochta agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

60 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist le haghaidh plean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 18 | 18 | 18 | 18 | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)**[61] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 5 | 5 | 5 | 5 | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [62] - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [62] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, END, INT - Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **23** | **23** | **23** | **23** | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Gníomhartha tarmligthe a ullmhú (ar gníomhartha iad a bhaineann le hinrianaitheacht agus le haisghairmeacha), gníomhaíochtaí nua comhair a bhunú (sásra eadrána nua, athbhreithnithe piaraí, comhar le Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí), straitéisí náisiúnta píolótacha maidir le forfheidhmiú sábháilteachta táirgí, feabhas a chur ar na hidirnaisc le bunachair sonraí eile (ICSMS, custaim), comhar idirnáisiúnta agus faireachán ar an Rialachán. Gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú le haghaidh na ngníomhaíochtaí um chaighdeánú.<br><br>Foireann AD le haghaidh sábháilteacht táirgí agus faireachas margaidh, anailís theicniúil agus dhlíthiúil, bainistiú gníomhaíochtaí comhpháirteacha, saineolas sonrach faireachais margaidh, bainistiú tionscadal, comhordú agus cur chun feidhme an chórais *Safety Gate*, comhar idirnáisiúnta, Rúnaíocht an Líonra um Shábháilteacht |

[61] AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[62] Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | Tomhaltóirí, gníomhaíochtaí cumarsáide agus cur chun cinn, maoirseacht TF agus na gcóras sonraí agus cúraimí bainistíochta airgeadais.<br>Foireann AST chun tacú le heagrú cruinnithe agus gach cúram riaracháin. |
| Pearsanra seachtrach | Gnáthchothabháil TF agus tionscadail forbartha shonracha –. |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Mínigh an cineál ath-chlársceidealaithe a bhfuil gá leis, ag sonrú na línte buiséid lena mbaineann mar aon leis na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla Excel ar fáil i gcás athchlárú mór.<br>Níl gá le ath-chlársceidealú. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú ó tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú ó tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[63] | Bliain **N + 1** | Bliain **N + +2** | Bliain **N + +3** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

63 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[64] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N + 1** | Bliain **N + +2** | Bliain **N + +3** | Cuir isteach na blianta go léir a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid ar a n- imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| / |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| / |

[64] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh shiúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.